



# 2016

---

Tuarascáil Bhliantúil & Cuntais  
Gníomhaireacht Bainistíochta  
an Chisteáin Náisiúnta

# An Clár Ábhar

---

## Réamhrá

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh	4

## Athbhreithniú Gnó

Maoiniú agus Bainistíu Fiach	6
An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	13
An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta	24
RÉnua	28
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	33

## Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach

Comhaltaí na Gníomhaireachta	40
An Ghníomhaireacht agus a Coistí	42
Bainistíocht Riosca	46
An Fhoireann Bhainistíochta	48
Soláthar Foirne agus Luach Saothair	49

Ráitis Airgeadais	51
-------------------	----

Punann Infheistíochtaí - CISÉ	169
-------------------------------	-----

GBCN 2016

# Sracfhéachaint

Is comhlacht Stáit í Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) a sholáthraíonn seirbhísí bainistíochta sócmhainní agus dliteanas don Rialtas. Is é cuspóir na gníomhaireachta sócmhainní poiblí agus dliteanais phoiblí a bhainistiú ar bhonn tráchtála agus go stuama. Feidhmíonn GBCN thar chúig aonad gnó ar leithligh: Maoiniú agus Bainistiú Fiach, an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, RÉnua agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát.

## Aonad Gnó

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

### Cur Síos

Tá GBCN freagrach as iasachtaíocht thar ceann an Rialtais agus as bainistiú an Fhiachais Náisiúnta d'fhoinn dóthain leachtacha don Stáitche a chinntiú agus d'fhoinn costais as fónamh d'fhiachas a uasmhéadú sa mheántearma.

Rialaíonn agus bainistíonn GBCN an Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ), a bhfuil sainordú reachtach aige infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostáiocht sa Stát.

### Príomhfhigiúirí

#### Eisiúint bannaí

**€8.25bn**

de bhannaí tagarmharcála eisithe ag meántoradh ualaithe 0.82% agus meánaibíocht ualaithe de 10 mbliana

#### An chéad bhanna 100 bliain in Éirinn

**€100m**

díolta ag láithriú príobháideach ag ualú 2.35%

#### Costais as fónamh d'fhiachas ag titim

**€6.7bn**

d'ús íoctha ar an bhFiachas Náisiúnta i gcomparáid le €7.0 mbilliún in 2015

#### Ag Infheistiú in Éirinn

**€522m**

tiomnaithe le linn 2016, ag tabhairt tiomantas iomlán CISÉ go €2.6bn

#### Comhinfheistíocht

**€7.5bn**

an t-ionmlán tiomnaithe d'Éirinn lena n-áirítear comhinfheistíocht ó chomhpháirtithe san earnáil príobháideach – 2.8 oiread thiomantas CISÉ

#### Fáltas infheistíochta agus tionchar geilleagrach

**2.9%**

d'fháltas infheistíochta in 2016 le caipiteal CISÉ ag tacú le 140 cuideachta/tionscadal Éireannach agus, go díreach agus go hindíreach, le 21,900 post

 Léigh tuilleadh ar leathanach 6

 Léigh tuilleadh ar leathanach 13

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

## RÉnua

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

Agus í ag feidhmiú mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN), cuireann GBCN comhairle airgeadais, seirbhísí soláthair agus seirbhísí soláthair tionscnamh ar fáil d'údarás Stát maidir le tionscadail bhonneagair phoiblí.

Ag feidhmiú mar RÉnua, cuireann GBCN ionad tiomanta um shaineolas airgeadais chorparáidigh ar fáil don Rialtas, go háirithe i ndáil le forbreatheann scairshealbhóirí ar mhór-chomhlactaí tráchtala Stáit.

Ag gníomhú di mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS), déanann GBCN bainistíocht ar éilimh i gcoinne 139 údarás Stáit, lena n-áirítear an Stát féin. Chomh maith leis sin, soláthraíonn sí seirbhísí bainistíochta riosca, ag tabhairt comhairle agus cuidíu d'údarás Stát lena gcuid neamhchosaintí ar éilimh a laghdú.

### Clár CPP

**€1bn**

luach caipitil iomlán measta de raon tionscadal CPP don oideachas, sláinte, ceartas agus tithíocht atá á soláthar ag GAFN

### An chéad tionscadal CPP do chúram sláinte in Éirinn

**14**

ionad nua cúram phríomhúil á bhforbairt ar fud na tíre

### Athmhaoiniú

**€23m**

i gcoigiltis don Stát ó athmhaoiniú rathúil scéim CPP an N17/N18 ón nGort go Tuaim

### Díbhinní

**€427m**

de chomhdhbhinní a fuair an Státhiste ó chomhlactaí laistigh de shainchúram RÉnua in 2015/16

### Comhairle - maoiniú

**€3.9bn**

luach na n-iarratas a bhain le maoiniú ó chomhlactaí laistigh de sainchúram RÉnua ar a ndearna sí analís agus moltaí airgeadais in 2016

### Comhairle - caiteachas caipitiúil

**€3.1bn**

luach na caiteachas caipitiúil agus na n-iarratas ó chomhlactaí laistigh de sainchúram RÉnua ar a ndearna sí analís agus moltaí airgeadais in 2016

### Dliteanas measta gan fóc

**€2.2bn**

ón beagnach 9,000 éileamh gníomhach a bhí á mbainistiú ag deireadh 2016

### Seirbhísí máithreachais – tosaíocht bainistíochta riosca

**65%**

(€1.09 billiún) den dliteanas iomlán in éilimh chliniciúla atá le híoc i dtaca le seirbhísí máithreachais

### Costais dlí a laghdú


**€27m**

an méid lenar socraíodh billí costais a fuarthas ó thríú páirtithe in 2016 – laghdú 45% ar an €49m a ndearnadh éileamh air

# Ráiteas an Chathaoirligh



I rith 2016, rinne GBCN dul chun cinn mór thar a sainorduithe gnó de réir mar a d'oibrigh sí chun luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. D'eisíomar os cionn €8 billiún i mbannaí Rialtais ag torthaí ísle – ag leanúint lenár straitéis rátaí úis ísle agus aibíochtaí níos faide a ghlasáil. Chuir CISÉ leis an dul chun cinn a rinneadh sa chéad bhliain, 2015, ag gealladh os cionn €500 milliún do raon infheistíochtaí tráchtála a ceapadh le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostáiocht ar fud na hÉireann. D'éirigh le GAFN céim na dtarraingtí anuas a shroicheadh maidir le mórhionscadal CPP don tsláinte agus oideachas ar rátaí ísle go stairiúil.



Fágann dul chun cinn leanúnach CISÉ in 2016 go bhfuil punann infheistíochta atá breá éagsúil aici anois agus caipiteal CISÉ ag tacú le 140 cuideachta nó tionscadal agus, go díreach agus go hindíreach, le 21,900 post. Cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar an timpeallacht maicreacnamaíoch in Éirinn le blianta beaga anuas agus go bhfuil an fháil atá ar chaipiteal príobháideach méadaithe go mór, tá bearnaí ábhartha fós le brath sa mhargadh. Tá CISÉ dírithe ar na hearnálacha airgeadais, i gcomhar le páirtithe san earnáil phríobháideach, is mó ina bhfuil na bearnaí sin suntasach iontua mhaoiniú.

Ceapadh i gcónai go dtiocfadh athrú de réir a chéile ar straitéis infheistíochta tosaigh agus ar dheardadh punainne CISÉ agus go mbeadh solúbthacht agus oriúnacht ina ngnéithe criticíúla dá samhail ghnó. Chuige sin, nuair a cuireadh Straitéis Infheistíochta tosaigh CISÉ i gcrích i lár 2015, aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú foirmiúil ar an Straitéis tar éis ocht mí dhéag agus go n-áireofaí leis sin comhairliúchán leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an t-athbhreithniú, ina gcuimsítear breithmheas ar chomh maith is a d'éirigh le sainordú CISÉ go dtí deireadh mhí na Nollag 2016, ar síúl faoi láthair.

Ina cuid gníomhaíochtaí gnó go léir, féachann GBCN le cur chuige tráchtála stuama a ghlacadh. Sa réimse a bhaineann le maoiniú agus le bainistiú fiach, ciallaíonn sé sin ár mbonn infheisteoirí a éagsúlú de réir réigiúin agus cineáil, ag cinntí go gcoinnímid cúlchiste airgid stuama i gcónaí agus go bhfuilimid ag obair chun ár bpróifil fuascailte bannaí a bhainistiú agus a chothromú go gníomhach. Tá an straitéis sin tábhachtach go háirithe do gheilleagar beag oscailte cosúil le hÉirinn agus ghlacamar léi ó chuamar ar ais isteach sna margáí i ndiaidh dúinn an clár AE/CAI a scor in 2013. Meabhraíonn na mórméachtaí polaitiúla idirnáisiúnta a tharla in 2016, go háirithe reifreann an Bhreatimeachta i mí an Mheithimh, dúinn chomh tábhachtach is atá sé dearcadh stuama a choimeád agus a bheith réidh gónaí le haghaidh imeachtaí gan choinne.

Ag leibhéal Boird agus coiste tharla roinnt athruithe i rith na bliana. D'éirigh Brendan McDonagh as a ról mar chomhalta Boird agus d'éirigh John Herlihy as mar chomhalta seachtrach den Choiste Infheistíochta. Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghlacadh le Brendan agus le John as a gcuid oibre le GBCN. I gcás Brendan is fiú a rá gur fhreastail sé roimhe seo mar chomhalta de Choiste Comhairleach GBCN sular bunaíodh an Bord agus ba mhór againn a thaithí nuair a bhíomar ag aistriú chuig an struchtúr nua rialachais. Ba mhaith liom freisin fáilte a chur roimh ár gcomhalta nua Boird, Gerardine Jones, agus ár gcomhalta seachtrach ar an gCoiste Infheistíochta, Mark Ryan.

I rith 2016, rinneamar ár gcéad athbhreithniú ar éifeachtach an Bhoird agus, ag éirí as sin, tá struchtúr ár gcoiste athchumraithe againn i bhfianaise na taithí a fuaireamar thar ár gcéad 18 mí. Shocraíomar go mbeadh sé níos éifeachtúla agus go gcruthófaí sineirgí níos fearr dá ndéanfaí cónascadh idir na Coistí Riosca agus Iniúchóireachta agus d'aontaíomar freisin go mbeifí in ann leas a bhaint as bunú Coiste Straitéis le haghaidh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát (GÉS), ina gcuimseofaí saineolas seachtrach ábhartha, de bharr ghné speisialaithe ghnó GÉS agus na dúshlán ar leith atá le sárú aici. Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca cónascha i mbun oibre anois agus táimid ag síúl go mbunófar Coiste Straitéis GÉS go foirmiúil sna míonna beaga seo amach romhainn.

Mar a luagh mé i dTuarascáil na bliana seo caite, go luath in 2016 d'fhorbraíomar straitéis chorparáideach fhioriomlán le cur agus tacú lenár sainorduithe gnó agus lena gcuspóirí straitéisearcha gnó. Tiomnaíonn sé an t-eagras do cheithre sprioc straitéisearcha chun tacú lena sainorduithe gnó. Is é sprioc fhadtéarmach GBCN luach fadtéarmach a chur ar fáil don Stát. Mar gheall ar thrí sprioc thacaíochta – ár gclú a choinneáil agus a fheabhsú, ár gcumais a fhorbairt mar eagras oiriúnaitheach, agus ár ndaoine a chumasú lena n-acmhainn a bhaint amach – beimid in ann luach fadtéarmach a chur ar fáil agus feidhmíocht ghnó inbhuanaithe a thógáil ag an am céanna.

Mar eagraíocht, creidim go ndearnamar dul chun cinn maith le bliain anuas chun cultúr a chothú lena gcinnteofar go mbainfear na spriocanna sin amach agus go leanfar ag cur ár sainorduithe gnó i gcrích go rathúil. Mar fhocal scóir, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo chomhghleacaithe ar an mBord agus ar an gcoiste, leis an bhfoireann bhairstíochta agus leis an bhfoireann as a gcuid oibre ar feadh na bliana agus táim ag tnúth lena ndíograis agus lena dtacaíocht leanúnach sa todhchaí.

**Willie Walsh**

An Cathaoirleach

# Léirmheas an Phríomhfheidhmeannaigh



Ba bhliain an-ghníomhach a bhí in 2016 do GBCN thar raon ár sainorduithe gnó. Agus ár bhfeidhmeanna bainistithe fiach á gcur i gcrích againn leanamar ag baint leasa as na rátaí margaidh atá níos ísle ná riamh chun fiachas ar dháta ní b'fhaide a eisiúint ag torthaí ísle. D'oibrigh CISÉ le comhpháirtithe san earnáil phríobháideach chun raon infheistíochtaí straitéiseacha a spreagadh agus gníomhaíocht gheilleagrach a chur ar fáil nach dtarlódh murach sin, agus bhain GAFN roinnt garspriocanna móra amach ó thaobh bonneagar poiblí riachtanach a mhaoliniú agus a thógáil.

Croífhócas do RÉnua ab ea comhairle a thabhairt ar spriocanna díbhinne iomchuí le haghaidh comhlachtaí tráchtala Stáit ionas go mbeidh an chothromaíocht chuí idir íocaíocht díbhinní agus ath-infheistiú sa ghnó. Lean an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát lena cuid oibre ní amháin i mbainistiú éileamh, ach freisin i mbainistíocht agus anailís riosca d'fhonn na cúiseanna a bhíonn le hélimh a aithint agus líon na n-éileamh a laghdú.

I dtimpeallacht ina raibh rátaí úis íseal le tamall agus cuidiú aige sin ó chlár éascaithe chainníochtúil BCE, chuir GBCN fad le haibíocht fhiachas na hÉireann agus chuir sí costais iasachtaithe níos ísle faoi ghlás. D'eisíomar bannaí tagarmharcála arbh fhí €8.25bn iad le linn 2016 ag meántoradh ualaithe de 0.82% agus meánaibíocht ualaithe de thréimhse 10 mbliana. Idirbheart amháin faoi leith ar fiú trácht air ab ea an chéad eisiúint riamh a rinneamar ar notaí 100 bliain, a thug deis dúinn €100m a fháil ar iasachta ag ualú 2.35%. Is léiriú é ar chomh maith is a d'éirigh le hÉireann ó thráth nach rabhamar in ann na margáin caipítíl idirnáisiúnta a rochtain in aon chor in 2011 go dtí 2016, tráth a bhfuilimid in ann iasachtaí a fháil ar feadh 100 bliain.

In ainneoin an dul chun cinn a rinneamar le roinnt blianta anuas chun an t-airgead poiblí a chur ar ais ar bhonn inbhuanaithe, tá ualach fiachais na hÉireann, ag €200bn, fós ard. Cé go bhfuil ár bhfiachas mar chéatadán de OTI tite go géar ó 120% ag an gcéim ab airde go dtí 75% ag deireadh 2016, tá sé tábhachtach cuimhneamh gurb ar éigean a bhog an dearbhfhíachas, i dtéarmaí airgid, agus go bhfuil sé os cionn ceithre huairé níos airde ná mar a bhí sé in 2007.

In 2016 gheall CISÉ os cionn €500 milliún d'infheistíochtaí straitéiseacha ar fud na hÉireann. Is é an bunphrionsabal maidir le tionchar geilleagrach a chumhdaíonn na hinfheistíochtaí CISÉ ná "breisíocht" – tá CISÉ ag féachaint chun infheistíochtaí a dhéanamh, i gcomhar le compháirtithe san earnáil phríobháideach, áit inar féidir lena caipítéal difear a dhéanamh agus cuidiú chun gníomhaíocht gheilleagrach a ghiniúint nach dtarlódh murach sin. Ciallaíonn príomhghnéisithe difreáilte CISÉ maidir le solúbhacht than ar struchtúr caipítíl agus a tréimhse infheistíochtaí fadtéarmaí gur féidir léi bearnaí infheistíochta a líonadh agus freagairt d'orduithe straitéiseacha ar bhealach nach bhfuil rannpháirtithe eile sa mhargadh in ann a dhéanamh. Mar gheall go bhfuil sí in ann caipítéal a mhealladh ón earnáil phríobháideach, fágann sé sin gur mhéadaigh comhinfheistíochta an t-iomlán atá tiomnaithe d'Éirinn de bharr gníomhaíocht CISÉ go deireadh 2016 ó €2.6bn go dtí €7.5bn – 2.8 oiread thiomantas CISÉ. Sin figiúr atá níos airde ná mar a cheapamar ag an túis.

Tráth a bhfuil bac ar rialtais ar fud na hEorpa mar gheall ar rialacha buiséadacha sa mhéid is féidir leo a dhéanamh chun tacú lena ngeilleagair agus dul i ngleic le saincheisteanna straitéiseacha agus bonneagair, léiríonn CISÉ cur chuige nuálach, lena sainordú sainiúil de bhonn líne dhúbalte maidir le "toradh tráchtála" agus "tionchar geilleagrach". Murab ionann le gnáth-chaiteachas caipítíúil, cosúil le ciste infheistíochta, déantar athchúrsáil seachas laghdú ar acmhainní CISÉ agus bíonn siad ar fáil don Stát arís de réir mar a réadaítear infheistíochtaí.

Bhain GAFN roinnt garspriocanna móra amach maidir le tionscadail CPP a mhaoiniú agus a thógáil i rith 2016. Bhain na tionscadail CPP d'lonaid Chúram Phríomhúil, an chéad CPP do chúram sláinte in Éirinn, lenar forbraíodh 14 ionad cúram phríomhúil nua ar fud na tíre céim na dtarraingtí anuas amach agus tá an obair thógála ar siúl ag gach suíomh. Cuireadh Beart CPP Scoileanna 4 ag soláthar 2,950 áit do scoláirí i gréach in am, agus tá na scoileanna go léir i mbun oibre anois, agus bhain Beart CPP Scoileanna 5 ag soláthar 4,870 áit do scoláirí céim na dtarraingtí anuas amach freisin agus tá an obair thógála ar bun air.

Rinne mé tagairt don timpeallacht ráta úis íseal sa trácht a rinne mé ar mhaoiniú agus bainistiú fiach thus agus mar gheall ar an timpeallacht sin bhíothas in ann tionscadail CPP

a mhaoiniú ag rátaí an-tarraingteach. Tá feabhas mór ar na costais mhaoiniúcháin atá ar fáil do thionscadail CPP in Éirinn agus thit rátaí iomlána fiachais shinsearaigh ó 6.5% go luath in 2014 go dtí díreach os cionn 2% in 2016. Cé nach mór gach cás a mheas ar a fhlúntas fein, i dtimpeallacht ina bhfuil srianta buiséadacha agus ina bhfuil rátaí úis níos ísle ná mar a bhí siad riamh cheana, tarigeann tionscadail CPP bealach eile chun roinnt dár gceanglais mhóra bonneagair a mhaoiniú.

I rith 2016, chuir RÉNUA le hobair a rinneadh roimhe sin maidir le spriocanna airgeadais iomchú a leagan síos le haghaidh comhlacthaí tráchtála Stáit faoina shainchúram lena n-áirítear struchtúr caipítíl, brabúsacht agus spriocanna maidir le díbhinní. Le caipítéal infheistíthe €15.5bn agus os cionn 12,000 fostáí tá ról an-suntasach ag na cuideachtaí sin sa gheilleagar. Croífhócas do RÉNUA is ea comhairle a thabhairt ar spriocanna díbhinné iomchú le haghaidh comhlacthaí tráchtála Stáit ionas go mbíonn an chothromaíocht chuí idir focaíocht díbhinní agus ath-infheistíú sa ghnó. Foilsíodh athbhreithniú blantúil RÉNUA ar na comhlacthaí tráchtála Stáit faoina phríomh-shainchúram, ina leagtar síos na príomhthéamaí straitéiseacha ná na dúshláin ó dhearcadh scairshealbhóra de, den chéad uair i mí na Nollag 2016.

Is féidir luachmhéadú faoi bhonn a dhéanamh ar an neamhchosaint ar riosca don Stát ó chostais na n-éileamh. Bhí an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ag bainistiú beagnach 9,000 éileamh gníomhach le €2.2bn de dlhiteanas measta gan ioc ag deireadh 2016. Léiríonn an figiúr sin méadú €400m ar an mbliaín roimhe sin go príomha mar gheall ar laghdú ar an bhfíor-ráta toraidh a úsáideann na cúirteanna chun damáistí agus caillteanais airgid a riomh.

Chomh maith lena cuid oibre ar bhainistiú éileamh, tugann GÉS túis áite freisin do bhainistíochta agus analís riosca chun na cúiseanna a bhíonn le hélimh a ithint agus líon na n-éileamh a laghdú. Maidir le hélimh chliniciúla díritear a cuid iarrachtaí go háirithe ar sheirbhísí máithreachais ina gcuimsítear 65% den dliteanas iomlán measta atá le híoc maidir le hélimh chliniciúla. Mar shampla, rinne sí analís ar hélimh maidir le pairilis cheirbreach a bhí socraithe i rith 2016. Cuirfear tortháil na hanailfise sin ar fáil, ar bhonn "ceachtanna foghlamtha" d'ospidéil agus d'aonaid mháithreachais ionas nach dtarlóidh rudaí den sórt sin arís.

Tá GBCN ag brath go huile agus go hiomlán ar chaighdeán agus ar thiomantas ár ndaoine le go n-éireoidh linn. Tá sé mar aidhm agamsa, agus go deimhin ag an mBord, a chintíú go n-áithnítear GBCN mar eagraíocht atá in ann tallann agus saineolas den chaighdeán is airde a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Chuige sin d'oirbriomar go dian in 2016 chun ár gcultúr corporáideach féincheannaireachta, comhoibrithe agus foghlamtha a leabú san eagraíocht. Ba mhaith liom buiochas a ghabháil lenár ndaoine ar fad as an gcúnamh a thug siad chun ár spriocanna a bhaint amach le bliain anuas. Ar deireadh, ba mhaith liom buiochas a ghabháil freisin leis an gCathaoirleach agus leis an mBord as an tacaíocht agus an treoir a thug siad dúinn thar 12 mhí a bhí an-bhisiúil ar fad do GBCN.



**Conor O'Kelly**

An Príomhfheidhmeannach

# Maoiniú agus Bainistiú Fiach

## Fiachas ar Dhátaí níos faide a Eisiúint



### Bannaí Tagarmharcála

## €8.25bn

Eisíodh €8.25bn de bhannaí tagarmharcála i rith 2016, ag meántoradh ualaithe de 0.82% agus meánaibíocht ualaithe de 10 mbliana.



### An Chéad Bhanna

## 100 Bliain in Éirinn

I mí an Mhárta 2016, d'éisigh GBCN an chéad bhanna 100 bliain d'Éirinn. Dhiol láithriú príobháideach suim €100m, ag toradh 2.35%.



### Athmhaoiniú

## €17bn

Ó dheireadh mhí na Samhna 2014, laghdaigh GBCN an riachtanas athmhaoinithe 2017-2020 faoi €17bn trí athmhaoiniú iasachtaí CAI agus malartuithe bannáil.

## Tá Dinimicí Fiachais Fós ag Feabhsú



### €200bn


Tá costais as fónamh d'fiachas agus méadracht eile inbhuanaithe ag feabhsú – cé go bhfuil fiachas Rialtais, ag €200bn, fós ag leibhéal ardaithe.



### €6.7bn

Thit ús ar an bhFiachas Náisiúnta chuig €6.7bn in 2016, i gcomparáid le €7.0bn in 2015.

## Ollfhiachas Náisiúnta ag deireadh 2016




Bannaí Státhchiste Ráta Sheasta	€101.4bn
Bannaí Ráta Chomhlúthacha	€19.5bn
Bannaí Amúchta	€0.7bn
Clár AE/CAI	€50.3bn
Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile	€1.7bn
Cogilteas Stáit	€17.2bn
Fiachas Gearrthéarmach	€5.9bn


## Athbhreithniú ar an Margadh

Bhí luineacht mhór sna margáí bannaí domhanda i rith 2016. Cé gurbh iad bearta éascaithe chainníochtúil BCE fós an spreagthóir ba mhó ag tortháí bannaí na hEorpa, bhí roinnt imeachtaí ardphróifile ag tarlú sa mhargadh freisin ar feadh na bliana. Ina measc sin bhí an votá sa Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach a fhágáil agus toghchán uachtaráinacha na Stát Aontaithe. Spreag athruithe ionchais ar bhearta éascaithe chainníochtúil BCE agus rátaí úis na Stát Aontaithe an luineacht sin freisin.

Chuir toradh 10 mbliana na hÉireann túis leis an mblain ag os cionn 1%. Bhí treocheart síos tríd is tríd i dtortháí thar an gcéad leath den bhliain, agus titim dhrámata sa tseachtaí tar éis chinneadh reifreann na Ríochta Aontaithe. Thit toradh 10 mbliana na hÉireann go dtí 0.32% i mí Mheán Fómhair 2016 sula ndeachaigh sé ar ais suas go dtí 0.74% ag deireadh na bliana, agus an méadú sin ag teacht leis an treocheart ghinearálta i dtortháí bannaí na hEorpa sa cheathrú ráithe de 2016.



## Sindeacáitiú Banna 10 mbliana de réir Ceantar Geografach



Bhí sé cheant bannaí ag GBCN le linn na bliana freisin agus cruinníodh suim iomlán €5.25bn.

## Ceantanna Bannaí GBCN 2016

Dáta an Cheant	Ainm an Bhanna	Méid an Cheant €m*	% Toraidh	Cóimheas Tairiscint /Clúdach
11 Feabhra	Banna Státhiste 1% 2026	1,000	1.00	1.8
14 Aibreán	Banna Státhiste 1% 2026	750	0.82	2.4
12 Bealtaine	Banna Státhiste 0.8% 2022	750	0.16	2.6
8 Meán Fómhair	Banna Státhiste 1% 2026	1,000	0.33	2.5
13 Deireadh Fómhair	Banna Státhiste 1% 2026	1,000	0.50	2.0
3 Samhain	Banna Státhiste 2.4% 2030	750	0.98	2.6

\*nill ceantanna neamhioamaíocha áirithe anseo

I mí an Mhárta 2016, d'éisigh GBCN céad bhanna 100 bliain na hÉireann, trí Chlár Nótáí Meántéarmacha Euro na hÉireann. Dhíol láithriú príobháideach suim €100m, ag toradh 2.35%. Ba é sin an chéad uair ag Éirinn aibíocht thar a bheith fada a fháil agus ba léiriú í ar votá muiníne tábhachtach in Éirinn mar eisitheoir flaithiúlachta.

Mar chuid dá straitéis rátaí úis ísle a chur faoi ghlas agus ag cosaint i gcoinne an riosca maidir le gluaiseachtaí in airde i rátaí sa todhchaí, ceannaíodh ar ais freisin €3bn de Bhannaí Ráta Chomhlúthaigh a bhí i seilbh an Bhainc Ceannais agus cuireadh maoiniú margaidh meántéarmach go fadtéarmach ar ráta seasta ina n-ionad. Bhí an t-iarmhíodh iomlán a bhí le híoc de na Bannaí Ráta Chomhlúthaigh ag €19.5bn ag deireadh 2016, i gcomparáid le €25.0bn a eisíodh an chéad lá riagh in 2013.

Laghdáigh GBCN méid na n-aibíochtaí fiachais gearrthéarmacha freisin trí thart ar luach €1.9bn de bhannaí ar dhátaí níos giorra den chuid is mó a cheannach ar ais, á n-ionadú le bannaí ar dhátaí níos faide.

## Gníomhaíocht Mhaoinithe

### Maoiniú Fadtéarmach

D'eisigh GBCN luach €8.25bn de bhannaí tagarmharcála i rith 2016. Tá meántoradh ualaithe de 0.82% agus meánaibíocht ualaithe de 10 mbliana ag an eisiúint nua sin. Ina theannta sin, d'eisigh láithriú príobháideach an chéad bhanna 100 bliain in Éirinn ag toradh 2.35%.

Rannchuidigh an eisiúint sin tuilleadh le straitéis GBCN rátaí úis ísle a chur faoi ghlás agus aibíochtaí níos faide fad is atá rátaí úis fós ag na leibhéal is ísle riagh. D'eisigh GBCN maoiniú bannaí nua arbh fhiú €33bn iad thar an tréimhse 2014-2016, ag meántoradh ualaithe de 1.81% agus meánaibíocht ualaithe de bheagnach 14 bliana.

Thug GBCN faoi shindeacáitiú banna amháin in 2016, ag eisiúint bannaí nua 10 mbliana i mí Eanáir ag toradh 1.16%. Bhí spéis mhór ag raon leathan infheisteoír ann, agus díoladh €3bn ar an iomlán. Thóg infheisteoír thar lear 88% den tsuim eisithe leo. Bhí ceannacháin scaipthe thar raon cineálacha infheisteoír lena n-áirítear bainisteoír cistí, bainc, cistí pinsin agus árachais agus bainc cheannais.

# Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)

## Maoiniú Gearrthéarmach

Leathnáigh GBCN a bonn eisiúna gearrthéarmach de réir aibíochta agus méide in 2016.

Leanadh ar aghaidh le clár Billí Státhiste GBCN ar feadh 2016. Bhí ceithre cheant ar siúl i rith na bliana, agus péire acu sin sa spás aibíochta 12 mhí. Bhí €1bn i mBillí Státhiste fós gan ioc ag deireadh 2016.

Choimeád GBCN clár Eorapháipéar Tráchtála llairgeadra na hÉireann ar bun sa bliain 2016 freisin. Ba é an láimhdechas iomlán san Eorapháipéar Tráchtála i rith na bliana ná €5.5bn agus bhí €0.3bn fós le híoc ag deireadh 2016.

De thoradh bheartais fáis airgeadaíochta BCE agus thimpeallacht na rátáí úis ísle, bhí GBCN in ann gach Bille Státhiste agus Eorapháipéar Tráchtála a eisiúint ag rátáí diúltacha úis ar choibhéis leis an euro in 2016. Eisíodh fichas gearrthéarmach freisin i bhfoirm Nótáí Státhiste agus Nótáí Lár-Chisteáin, d'infheisteoirí intíre institiúideacha go príomha.

## Éascú Cainníochtúil BCE

Thug BCE bearta éascaithe chainníochtúil isteach i mí an Mhárta 2015. Tugtar Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí ar an gclár go hoifigiúil, áit a gceannaíonn bainc cheannais náisiúnta bannaí rialtais sa mhargadh tánaisteach. Idir mí an Mhárta 2015 agus mí na Nollag 2016, cheannaigh BCE €1.3 trilliún i mbannaí na hearnála poiblí i limistéar an euro. Ba bhannaí Rialtas na hÉireann díreach os cionn €18.5bn de sin. Tá síneadh curtha le Clár Ceannaigh na hEarnála Poiblí go dtí mí na Nollag 2017 ar a laghad, cé go mbeidh sé i bhfeidhm ar leibhéal laghdaithe ó mhí Aibreáin 2017.


Bhí bannaí Éireannacha i seilbh BCE cheana féin faoi Chlár na Margá Urrús, a foircéannadh in 2012. Taispeántar sealúchais ainmniúla dár luach €7.3bn de bhannaí Éireannacha i ráitis airgeadais BCE faoin gclár seo ag deireadh 2016. Chomh maith leis sin, bhí €19.5bn de Bhannaí Ráta Chomhlúthaithe i seilbh Bhanc Ceannais na hÉireann ag deireadh 2016. Eisíodh na bannaí sin don Bhanc Ceannais in ionad na Nótáí Cealltanais a cuireadh ar fáil do CÉRB, i ndiaidh leachtú CÉRB in 2013.

Mar gheall air sin, is é an tEurochóras an sealbhóir is mó de bhannaí Rialtas na hÉireann i láthair na huairé. Ag deireadh 2016 bhí €45.3bn (37%) ar a laghad den €121.6bn de bhannaí Rialtas na hÉireann a bhí á n-eisiúint i seilbh an Eurochórais<sup>1</sup>.

## Foinsí Maoinithe agus Riachtanais Státhiste 2016

Bhí airgead Státhiste agus sócmhainní leachtacha gearrthéarma eile €8.6bn ag GBCN ag deireadh 2016 (anuas ó €10.9bn ag deireadh 2015). Rinneadh €8.7bn as eisiúint bannaí i rith 2016, agus fuarthas €4.0bn ina iomláine ó fhoinsí maoinithe eile agus áiríodh ann páipéar gearrthéarma, táirgí Coigilteas Stáit, an láithriú príobháideach 100 bliain agus iasachtaí ón mBanc Eorpach Infheistíochta.

Cuireadh iad seo i bhfeidhm den chuid is mó chun Riachtanas lasachtaithe Státhiste €1.0bn agus aibíochtaí banna €8.2bn a mhaoliniú, mar aon le malartuithe banna agus ceannacháin.



<sup>1</sup> Ní áirítear anseo aon bhannaí Rialtas na hÉireann eile i seilbh phunann Chomhaontú an Eurochórais maidir le Glansócmhainní Airgeadais.

## Coigilteas Stáit

Is É State Savings (Coigilteas Stáit) an t-ainm branda a úsáideann GBCN maidir leis an réimse tárgí coigiltis a thairgtear do choigilteoirí pearsanta. Le linn 2016, bhí glan-insreafaí €0.66bn isteach i dtárgí Coigilteas Stáit agus ag deireadh 2016, ba é €20.1bn an tsuim iomlán a bhí fós gan íoc.

### Tárgí Coigilteas Stáit

	Méid Iomlán a bhí le hÍoc ag deireadh 2016 €m	Insreabhadh Glan/(Eis-sreabhadh) in 2016 €m
Bannaí Coigiltis	3,747	(619)
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	4,149	704
Cairteacha Coigiltis	5,908	(7)
Tráthchoigiltí	498	13
Duaisbhannaí	2,892	411
Cuntas Taisce	2,921	157
<b>Iomlán</b>	<b>20,115</b>	<b>659</b>

Dfhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

I mí an Mheithimh 2016, d'fhogair GBCN eisiúint nua de thárgí Coigilteas Stáit agus athruithe ar na rátaí úis. Leagtar amach thíos an ráta úis seasta arna chur ar fáil faoi láthair.

Tárgí	Ráta Seasta Iomlán	Ráta Coibhéiseach Bliantúil %
Banna Coigiltis 3 bliana	1.0	0.33
Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 4 bliana	2.0	0.50
Cairteacha Coigiltis 5 bliana	5.0	0.98
Tráthchoigiltí 6 bliana	5.5	0.98
Banna Náisiúnta Dlúthpháirtíochta 10 bliana	16.0	1.50

Rinneadh athruithe ar na rátaí athraitheacha ar na Cuntas Taisce. Íocann siad sin ráta 0.15% anois. Rinneadh athbhreithnithe freisin ar an ráta athraitheach úis a bhí á úsáid chun luach dhuaischiste míosúil na nDuaisbhannaí a shocrú. Le héifeacht ó mhí lúil 2016, is é 0.85% ráta dhuaischiste na nDuaisbhannaí. Is é €50,000 an duais is mó a bhíonn le buachan gach seachtain, ach amháin sa tarraingt sheachtainiúil deiridh de gach ráithe ar an bhféilire, tráth a mbíonn €1m sa duais mhór.

## Próifíl Fiachais

Is é Fiachas Rialtais Ghinearálta ann ná tomhas ar ollfhiachas comhdhlúite iomlán an Stáit. Is é an tomhas caighdeánach é a úsáidtear le haghaidh cuspóirí comparáide ar fud an Aontais Eorpáigh.

Is ionann an Fiachas Náisiúnta agus an glanfhiachas atá tabhaithe ag an Státhiste tar éis iarmhéideanna airgid agus sócmhainní airgeadais eile a chur san áireamh. Is é an ghné is mó den Fiachas Rialtais Ghinearálta ná Ollfhiachas Náisiúnta – is é sin an Fiachas Náisiúnta sula ndéantar glanluacháil ar airgead agus ar shócmhainní airgeadais. Ní bhaineann freagrachtaí GBCN ach le bainistíocht an Fiachas Náisiúnta amháin.

### Comhdhéanamh an Fiachas Rialtais Ghinearálta ag deireadh 2016

	€bn
Bannaí Rialtais	121.6
Bannaí Státhiste ar Ráta Seasta	101.4
Banna Ráta Chomhlútháigh	19.5
Bannaí Amúchta	0.7
Maoiniú Chlár AE/CAI	50.3
Fiachas Eile Meántéarmach agus Fadtéarmach	1.7
Scéimeanna Coigilteas Stáit*	17.2
Fiachas Gearrthéarmach	5.9
<b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>	<b>196.7</b>
Lúide Airgead Státhiste agus Sócmhainní Airgeadais Eile	11.1
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>185.6</b>


Óllfhiachas Náisiúnta	196.7
Coigeartuithe Fiachas Rialtais Ghinearálta	3.8
<b>Fiachas Rialtais Ghinearálta</b>	<b>200.6</b>

Dfhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

\*Áirítear le Scéimeanna Coigilteas Stáit freisin airgead a chuireann taisceoirí i mBanc Taisce an Phoist nach bhfuil ina chuid sainráite den Fiachas Náisiúnta. Tugtar na cistí sin ar iasachta don Státhiste go príomha mar airleacain ghearrthéarmacha agus trí Bhannaí Rialtas na hÉireann a cheannach. Nuair a chuirtear Taiscí i mBanc Taisce an Phoist san áireamh, bhí €20.1bn de Choigilteas Stáit iomlán le híoc ag deireadh 2016.

Foinse: GBCN agus an Phríomh-Oifig Stáitrimh


## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)



Bhí Fiachas Rialtais Ghinearálta (FRG) na hÉireann díreach os cionn €200bn nó 75% de OTI ag deireadh 2016. Cé go bhfuil an leibhéal dearbhfhiachair fós ard, tá an cóimheas FRG/OTI tite go suntasach ó bhuaic beagnach 120% ag deireadh na bliana 2012/2013, agus tharla sé sin go príomha mar gheall ar ardú géar ar OTI. Bhí tionchar mór ag gníomhaíochtaí na gcuideachtaí ilnáisiúnta ag fhigiúr OTI na hÉireann in 2015 go háirithe. Ina ainneoin sin, tá an ghníomhaiocht gheilleagrách is bonn leis fós láidir.

Is olltomhas é Fiachas Rialtais Ghinearálta agus ní féidir iarmhéideanna airgid na sócmhainní eile airgeadais a ghlanciuil. Mar sin féin, cruthaíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh meastachán ar Ghlanfhiachas Rialtais Ghinearálta agus ag deireadh 2016 ba €175bn nó 66% de OTI a bhí ann. I measc luach €25bn de shócmhainní airgeadais a ndearnadh glanluacháil orthu chun na críche sin bhí airgead CISÉ agus infheistíochtaí gnáthscaireanna mar aon le sócmhainní airgid agus airgeadais an Stáitse. Ní áirítear leo scaireanna cothromais an Rialtais in earnáil bhaincéireachta na hÉireann, AIB go háirithe.

Ní féidir brath chomh mór ar an gcóimheas d'fhiachas le OTI mar tháscaire inbhuanaitheachta mar gheall ar na hathruithe móra a rinneadh ar fhigiúirí OTI na hÉireann mar gheall ar ghníomhaíochtaí cuideachtaí ilnáisiúnta. D'honn inbhuanaitheacht fiachais a bhaint amach, ba cheart go mbeadh an tomhas a dhéanfaí ar an gcumas seirbhísithe fiachais ag cobhsú nó ag feabhsú.




Sa chomhthéacs sin, is fiú díriú ar mhéadracht bhreise chun léiriú níos soiléire a fháil ar ualach fiachais na hÉireann. Ina measc sin bhí Fiachas Rialtais Ghinearálta (comhlán agus glan) agus Ús, mar chéatadán d'loncam Rialtais Ghinearálta. Cé go bhfuil cursáil fiachais ag feabhsú, fulaingíonn Éire i gcónaí ó oidhreacht na géarchéime airgeadais, agus na leibhéal dearbhfhiachair agus an mhéadracht mhalartach seo fós ag leibhéal arda.

Tá feabhas suntasach curtha ag GBCN le blianta beaga anuas ar phróifil aibíochta fiachais an Stáitse. Ó lár mhí na Samhna 2014 tá céimeanna glactha aici chun an riosc athmhaoinithe a bhain leis an leor suntasach aibíochtaí fiachais a bhí ag teacht chun cinn thar an tréimhse 2017-2020 a laghdú. I measc na n-oibríochtaí sin bhí aisíocaíocht luath mhórchuid saoráid iasachta CAI agus ceannacháin agus malartuithe bannáil, ag glasáil fiachais aibíochta níos faide ag rátaí ísle. Laghdaigh na gníomhartha sin go léir fuascailt 2017-2020 de bheagnach €17bn.

Meastar meáinbíocht ualaithe fhiachas fadtéarmach indíolta agus ofígiúil na hÉireann ag deireadh 2016 a bheith cothrom le 11.7 bliain.

## Próifil Aibíochta Fhiachas Fadtéarmach Indíolta agus Oifigiúil na hÉireann ag Deireadh 2016



### Nótaí:

\*Áiseanna déthaobhacha arna gcur ar fáil ón Ríocht Aontaithe, ón tSualainn agus ón Danmhairg.

\*\*Léirítear in iasachtaí EFSF síntí aibíochta a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013.

\*\*\*Tá iasachtaí EFSM faoi réir síntí aibíochta chomh maith a aontaíodh in 2013 Ní mheastar go mbeidh ar Éirinn ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an bliain 2027. Mar sin féin, ní shocrófar na dátai athbhreithnithe aibíochta a bhíonn ag iasachtaí aonair EFSM ach nuair a bheidh siad ag druidim lena mbundátaí aibíochta. Léirítear sa chairt thusa na dátáí aibíochta bunaidh agus athbhreithnithe iasachtaí aonair EFSM.

## Táirgeacht Fónaimh d'Fhiachas

Is iad bunchuspóirí GBCN i leith bainistiú fiach ná leachtacht leordhóthanach a chinntí don Státhiste agus costais fónaimh d'fhiachas a bharrfheabhsú thar an meántearma.

Ba é €6,741m costas úis airgid an Fhiachais Náisiúnta in 2016, 3.4% níos lú ná an tsuim chomhfheagras le haghaidh 2015 agus 9.8% níos ísle ná buaic 2014. Toisc shuntasach sa laghdú ab ea aisíocaíocht luath mhórchuid shaoráid iasachta CAI thar an tréimhse ó mhí na Nollag 2014 go mí an Mhárta 2015 agus maoiniú fadtéarmach, níos saoire, bunaithe ar an margadh a chur ina háit. Bhí bille úis 2016 3.5% níos ísle ná mar a measadh i mBuiséad 2016 a léirigh an ráta úis fabhrach agus an timpeallacht mhaoinithe a bhí le feiceáil ar feadh fhormhór na bliana.

B'ionann agus 14.1% d'ioncam cánach an Státhiste an Fiachas Náisiúnta in 2016 i gcomparáid le 15.3% in 2015 agus 18.1% in 2014.

## Margadh Bannaí Rialtais na hÉireann

Tá réimse aibíochtaí, a fhad le 2045, ag cuar bhannaí tagarmharcála na hÉireann.

### Bannaí Státhiste Ráta Sheasta Rialtas na hÉireann

Banna	An Dáta Aibíochta	Gan Íoc ag Deireadh 2016 €m*
Banna Státhiste 5.5% 2017	18 Deireadh Fómhair 2017	6,227
Banna Státhiste 4.5% 2018	18 Deireadh Fómhair 2018	9,104
Banna Státhiste 4.4% 2019	18 Meitheamh 2019	7,683
Banna Státhiste 5.9% 2019	18 Deireadh Fómhair 2019	6,540
Banna Státhiste 4.5% 2020	18 Aibreán 2020	11,269
Banna Státhiste 5.0% 2020	18 Deireadh Fómhair 2020	8,082
Banna Státhiste 0.8% 2022	15 Mártá 2022	5,728
Banna Státhiste 3.9% 2023	20 Mártá 2023	5,570
Banna Státhiste 3.4% 2024	18 Mártá 2024	7,994
Banna Státhiste 5.4% 2025	13 Mártá 2025	11,390
Banna Státhiste 1.0% 2026	15 Bealtaine 2026	6,790
Banna Státhiste 2.4% 2030	15 Bealtaine 2030	8,882
Banna Státhiste 2.0% 2045	18 Feabhra 2045	6,099

\*gan comhaontuithe athcheannaigh san áireamh

## Maoiniú agus Bainistiú Fiach (ar lean)

Tharla roinnt forbairtí dearfacha maidir le rátáil chreidmheasa na hÉireann i rith 2016. Rinne Fitch uasghrádú ar an rátáil go dtí A i mí Feabhra, agus rinne Moody's uasghrádú air go dtí A3 agus ionchas dearfach ann i mí na Bealtaine. Tá a rátáil chreidmheasa mar chatagóir A faigthe ar ais ag Éirinnanois le gach ceann de na mórghníomhaireachtaí rátála.

### Rátálacha Chreidmheas Flaithiúnaíse na hÉireann ag Deireadh 2016

Gníomhaireacht Rátála	Rátáil fhad- téarmach	Rátáil ghearr- théarmach	Ionchas
Standard & Poor's	A+	A-1	Cobhsáí
Moody's	A3	P-2	Dearfach
Fitch Ratings	A	F1	Cobhsáí

### Caidreamh le hInfheisteoirí

Lean GBCN lena clár forleathan caidrimh le hinfheisteoirí i rith 2016. Bhí seónna bóthair aici ar fud na hEorpa, san Áise, sna Stáit Aontaithe agus sa Mheánoirthear.

Bhí an Fhoireann Gheilleagrach rannpháirteach in os cionn 20 comhdháil nó imeacht i rith na bliana ar fad. Anuas air sin, táirgeann sí agus nuashonraíonn sí go rialta an pacáiste cur i láthair d'infheisteoirí GBCN. Cumhdaítear ansin topaicí idir shonraí geilleagracha agus nuashonruithe ar mhaoiniú an Rialtais agus ar an earnáil bhaincéireachta.

Tá an clár caidrimh sin le hinfheisteoirí tábhachtach chun caidrimh fhadtéarmacha a fhorbairt agus a chothú le hinfheisteoirí. Tugann sé tréadhearcacht freisin don mhargadh maidir le cás maicreacnamaíoch na hÉireann agus pleannan maoinithe GBCN agus coinníonn sé infheisteoirí ar an eolas faoi stádas creidmheasa na hÉireann.

# An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

## Ag Infheistiú in Éirinn



### Gealltanás 2016

**€522m**

Le linn 2016, thug CISÉ gealltanais dar suim €522m do 22 infheistíochta a ceapadh le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le cúrsáí fostáiochta in Éirinn.



### Gealltanás Iomlán

**€2.6bn**

B'ionann ceangaltais iomlán CISÉ in Éirinn agus €2.6bn ag deireadh 2016.



### Comhinfheistíocht

**€7.5bn**

Mhéadaigh comhinfheistíocht ó chomhpháirtithe san earnáil phríobháideach an t-iomlán tiomnaithe d'Éirinn go €7.5bn – 2.8 oiread thiomantas CISÉ.

**60**

### Sruth Oibre Láidir

Tá sruth oibre gníomhach láidir agus leathan forbartha ag CISÉ ina bhfuil os cionn 60 deis infheistíochta féideartha.

**2.9%**

### Toradh Infheistíochta

Thuill an CISÉ toradh 2.9% in 2016.

## Tionchar Suntasach Geilleagrach



**140** Tionscadail Éireannach/Cuideachta

Le linn 2016, thacaigh caipiteal CISÉ le 140 cuideachta/tionscadal Éireannach a chruthaigh:



**21,900** Post

Tacaíonn infheistíochtaí CISÉ le beagnach 21,900 post go díreach nó go hindíreach.



**€688m**

Pá agus Tuarastail



**€311m**

Onnmhairí



**€1.1bn**

Comh-loncam



**€721m**

Chuir infheistíocht CISÉ beagnach €721m d'Oll-Luach Breise le geilleagar na hÉireann in 2016.

# An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

## Sainordú

I mí na Nollag 2014, aistríodh sócmhaínn an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean (CNP) chuig an gCiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (CISÉ). Tá sainordú sainiuil ‘bonnlíne dhúbailte’ ag CISÉ infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheaptar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostáiocht in Éirinn. Cuireadh Punann Lánroghnach CNP ar fáil don CISÉ lena chur ar a chumas infheistíochtaí a dhéanamh a chomhlíonann an sainordú sin. Leanfar de bhainistíocht na Punainne faoi Threoir – go príomha infheistíochtaí beartais phoiblí in AIB agus i mBanc na hÉireann – laistigh de CISÉ faoi threoir an Aire Airgeadais.

Mar gheall ar shainordú bonnlíne dhúbailte CISÉ, tá sé ar an mbeagán cistí saibhreas flaithiúnaí ar domhan a bhfuil sainordú aige cur le gníomhaíocht gheilleagrach agus fostáiocht, le cois brabús tráchtála a sholáthar. Tá sé d'iallach ar CISÉ brabús a ghiniúint san fhadtéarma atá níos mó ná costas fhiachas Rialtas na hÉireann agus tá sprioc feidhmíochta mheántéarmach +4% in aghaidh na bliana socraithe aige.

## Sainordú Infheistíochta CISÉ

### Bonnlíne Dhúbailte

Agus muid ag féachaint le tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostáiocht chomh maith le toradh tráchtála a ghiniúint, tá riachtanas “Bonnlíne Dhúbailte” ag CISÉ, a éillonn go nginfidh infheistíochtaí uile an Chiste torthaí infheistíochta agus chomh maith leis sin tionchar geilleagrach dearfach a imirt in Éirinn.

### Toradh Tráchtála

Laistigh de chomhthéacs bhonnlíne dhúbailte CISÉ, caithfidh gach infheistíocht bheith ina n-infheistíochtaí tráchtála. Cé go mbeidh infheistíochtaí éagsúil maidir le torthaí ionchais, próifílí riosca agus frámaí ama, caithfidh infheistíocht toradh ionchais a bheidh coigeartaithe go cuí de réir riosca a sholáthar maidir le gach infheistíocht.

### Tionchar Geilleagrach

Ag díriú ar bhrefisíocht gheilleagrach, tá fócas infheistíochta CISÉ ar infheistíochtaí a mhéadaíonn cumas táirgeachta gheilleagar na hÉireann agus a chuireann chun cinn a hearnáil fiontar. Mar gheall ar thréithe uathúla CISÉ – méid, solúbthacht thar an struchtúr caipitil agus an tréimhse infheistíochta fhadtéarmach – is féidir leis díriú ar infheistíochtaí ar bhealach nach féidir le hinfheisteoirí agus airgeadaithe eile.



## Straitéis Infheistíochta

I mí na Bealtaine 2015, d'aontaigh Bord GBCN Straitéis Infheistíochta CISÉ, tar éis comhairliúchán leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Straitéis Infheistíocht CISÉ – Príomhghnéisithe

#### Punann le Bonn Leathan

- ar fud earnálacha, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do bhoneagar, fuinneamh, uisce, eastát réadach, tithíocht, bia agus talmhaíocht, teicneolaíocht, cúram sláinte agus airgeadas.
- de réir cineálacha infheistíochta lena n-áirítear gnóthais bheaga agus mheánmhéide, fiontair agus compháirtíochta le haonáin phoiblí.
- de réir láthair réigiúnach a cuid infheistíochtaí.
- de réir aicme sócmhainne lena n-áirítear fiachas, maoiniú idirlarláir, infheistíochtaí cothromais agus tionscadail.
- ina ndéantar iarracht tionchar athraitheach éigin a bhaint amach trí infheistíochta i "smaoineamh mór" amháin nó níos mó.

#### Bearnaí Infheistíochta a Lónadh

Tairbhe a bhaint as príomhghnéisithe difréalite CISÉ - scála, solúbthacht thar struchtúr caipítel, tréimhse infheistíochta fhadtéarmach agus inchreidteach mar pháirtí infheistíochta flaithiúnais – chun bearnaí infheistíochta a lónadh agus idirbhearta a chumasú nach mbeadh indéanta go héasca dá uireasa.

#### Comhinfheistíocht

Compháirtithe comhinfheistíochta a mhealladh nuair is féidir ionas go n-iolrófar tionchar infheistíochtaí CISÉ i ngeilleagar na hÉireann.

#### Toradh

Rátaí toraidh oriúnaithe coigeartaithe de réir riosca ceaptha le haghaidh shaintréithe gach infheistíochta aonair. Toradh iomlán fadtéarma punainne os cionn mheánchostas fhiachas an Rialtais.

Cé go bhfuil feabhas mór tagtha ar an timpeallacht mhaicreacnamaíoch in Éirinn le blianta beaga anuas agus go bhfuil an fháil atá ar chaipiteal príobháideach méadaithe go mór, tá bearnaí ábhartha fós le brath sa soláthar atá sa mhargadh de mhaoiniú d'earnálacha agus do chuideachtaí agus tá éagsúlacht leathan deiseanna infheistíochta ann fós inar féidir le caipiteal CISÉ, i gcomhar le páirtithe san earnáil príobháideach, bearnaí a lónadh agus difear mór a dhéanamh do ghníomhaíocht gheilleagach.

Tá sé tábhachtach go dtacódh infheistíochtaí CISÉ leis na riachtanais infheistíochta atá sa gheilleagar i ndáiríre. Ceapadh go dtiocfadh athrú de réir a chéile ar straitéis infheistíochta tosaigh agus ar dhearadh punainne CISÉ agus go mbeadh solúbthacht agus oiriúnacht ina ngnéithe criticíula dá shamhail ghnó. Chuige sin, nuair a cuireadh Straitéis Infheistíochta tosaigh CISÉ i gcrích i lár 2015, aontaodh go ndéanfaí athbhreithniú foirmiúil ar an Straitéis tar éis ocht mí dhéag agus go n-áireofaí leis sin comhairliúchán leis an Aire Airgeadais agus leis an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Tá an t-athbhreithniú, ina gcuimsítear breithmheas ar chomh maith is a d'éirigh le sainordú CISÉ go dtí deireadh mhí na Nollag 2016, ar siúl faoi láthair.

# An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

## Straitéis Infheistíochta CISÉ – Straitéiseach, Inbhuanaithe agus Fadtéarmach

Baineann Straitéis Infheistíochta CISÉ le hinfheistíocht thar naoi mbuicéad infheistíochta is féidir a ghrúpáil le chéile faoi thrí spreagthóir straitéiseacha:

### Go maith d'Éirinn Infheistíocht Straitéiseach, Inbhuanaithe agus Fadtéarmach

#### Éire a Chumasú

Féachaint chuige go seasfaidh an geilleagar an aimsir agus é a láidriú



#### Éire a Phás

Tacú le hinnill an fháis



#### Ceannródaíocht

Earnálacha tábhachtacha a shuíomh le stiúradh, le bheith nuálach agus le dul san iomaíocht ar leibhéal domhanda



## Infheistíochtaí in Éirinn

Agus infheistíochtaí a rinne a réamhtheachtaí (CNP) san áireamh, thiomnaigh CISÉ faoi dheireadh 2016 €2.6bn d'infheistíochtaí a thagann lena sainordú infheistíochta. Agus ceangaltais comh-infheisteora ó thríú páirtithe san áireamh, bhí €7.5bn san iomlán tiomnaithe d'Éirinn lena infheistiú.

### Caipiteal CISÉ tiomnaithe d'Éirinn faoi Dheireadh 2016

Buicéad Infheistíochta	€m	
Bonneagar	361	Ceangailteachta sonraí, bonneagar aerfoirt, fuinneamh in-athnuaithe agus forbairt campais ollscoile.
Fuinneamh	79	Fuinneamh gaoithe agus infheistíochtaí dramhaíola go fuinneamh.
Uisce	450	Infheistíocht ag tacú le maoiniú Uisce Éireann.
Eastát Réadach	502	Infheistíochtaí éagsúla tithíochta agus eastát réadach tráchtála.
GBM	385	Roinnt cistí/ardán a chuireann fiachas sinsearach, fiachas sóisearach, airgeadas sócmhainne agus infheistíocht cothromais ar fáil do ghnóthaí beaga agus meánmhíde.
Bia & Talmhaíocht	100	Foraoiseacht, táirge iasachtaí solúbtha d'fheirmeoír déiríochta.
Caipiteal Fiontar	504	Roinnt cistí fiontaí a chuireann caipiteal luathchéime agus fáis ar fáil, go príomha sna hearnálacha teicneolaíochta agus eolaíochtaí beatha.
Cothromas Díreach	109	Infheistíocht in dhá chuideachta liostaithe agus in dhá chuideachta phríobháideacha.
Nuálaíocht	12	Infheistíocht i gcuideachta cúram sláinte sna luathchéimeanna.
Eile	142	Ciste infheistíochta oideachais agus ciste infheistíochta seirbhísí airgeadais idirnáisiúnta.
<b>Iomlán</b>	<b>2,644</b>	

In 2016, thiomnaigh an CISÉ €522m san iomlán do 22 infheistíochta nua (ba é €24m méid na hinfheistíochta ar an meán) ar fud réimse ilgħnéitheach cineálacha idirbheartaíochta agus earnálacha.

### Infheistíochtaí CISÉ in Éirinn 2016

Buicéad Infheistíochta	Ainm	Ceangaltais CISÉ €m	Cur Síos
 Bonnagar	Aqua Comms	22	Infheistíocht i mbabhta maoninithe €90m chun tacú leis an gcéad għrēasán snáthoptaice fomhuriż tiomanta in Éirinn a dhéanfadh idirnasc idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill Ala, Co. Mhaigh Eo.
 Bonnagar	Airgeadas Údarás Aerfort Bhaile Átha Cliath	35	Infheistíocht a bheadh mar bhonn taca ag eisiúint bannaí €400m le ÚABÁC.
 Fuinneamh	NTR Wind 1	35	Tiomantas do chiste cothromais €246m ag diríu ar thógáil agus ar fheidhmiú tionscadail fuinnum gaoithe ar an gcladach in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.
 Eastát Réadach	Ardstone Residential Partners Fund	25	Tiomantas do chiste eastáit réadaigh €184m a sholáthroidh forbairtí nua tithe cónaithe, i Réigiún Mórcheantar Bhaile Átha Cliath den chuid is mó.
 Eastát Réadach	Kilkenny Abbey Quarter Development	2	Comhfiontar idir CISÉ agus Comhairle Contae Chill Chainnigh. Gheobhaidh an comhfiontar láithréan ón gComhairle Contae agus beifear in ann naoi n-acra de iar-Għrudlann Smithwicks i gCathair Chill Chainnigh a fhobairt mar għnó/mħol oideachais.
 Eastát Réadach	FGPO Ireland Fund	25	Tiomantas do chiste eastáit réadaigh €50m a sholáthroidh áitreabh tionsclaioch, lóistíochta agus páirc għnó ar fud na hEireann.
 GBM	BMS Finance Ireland	15	Tiomantas d'ardán neamhbhainc €30m a sholáthroidh fiċċas mar chaipiteal fáis do GBManna Éireannacha.
 GBM	Causeway Capital Partners I	15	Tiomantas do chiste cothromais €60m a infheisteoidh i GBManna bunaithe, atá i mbun fáis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe.
 GBM	Finance Ireland	30	Infheistíocht għnáthscaireanna in iasachtóir neamhbhainc don earnáil GBM in Éirinn lena n-áirítar maoniū le hagħaidh thionscal na ngluistaén agus le hagħaidh trealamh, eastáit réadach tráchtála agus iasachta/léasú le hagħaidh cúrsaí talmhaófċha.
 Bia & Talmhaócht	MilkFlex Fund No.1	45	Tiomantas do chiste €100m a sholáthraíonn iasachtaí meántéarmacha d'fheirmeoirí déiríochta agus na haisfocaíochtaí iasachta nasċtha le pragħas an bhainne.
 Bia & Talmhaócht	The Foraois Limited Partnership	55	Tiomantas do chomphpháirtíochta foraoise a għinfidh €112m d'infheistíochta i bhforaoiś nua agus leath-aibí ar fud na hEireann agus a bheidh dá réir sin mar bhonn taca ag leathnú agus ag forbairt bhreise na hearnála.
 Bia & Talmhaócht	Infháltais Ceannacháin Clár Saoráidí	2	Infheistíocht ag éascú cruthú clár infháltais d'fheirmeoirí ar luuč €40m san earnáil déiríochta.
 Fiontar	ACT Ventures V	20	Tiomantas do chiste caipitol fiontair €63m dirith ar infheistiú i gcuideachtaí TFC a bhfuil borradh fúthu, in Éirinn go príomha.
 Fiontar	Frontline Ventures Fund II	15	Tiomantas do chiste caipiteal fiontair luathchémme €61m a infheisteoidh i gcéim sīl/i mbabhtá shraith A i gcuideachtaí teicneolaíochta faisnéise atá an-nuálach, in Éirinn go príomha.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### Infheistíochtaí CISÉ in Éirinn 2016 (ar lean)

Buicéad Infheistíochta	Ainm	Ceangaltais CISÉ €m	Cur Síos
 Fiontar	Polaris Partners VIII	22	Tiomantas do chiste caipitil fiontair domhanda ar fiú €307m é atá ag infheistiú go gníomhach in Éirinn agus a dhíríonn ar theicneolaíocht agus ar chúram sláinte.
 Fiontar	Scottish Equity Partners V	16	Tiomantas do chiste caipitil fiontair €292m a infheisteoidh i dticneolaíocht fáis agus atá ag céim níos déanaí, i gcuideachtaí fuinnimh agus cúram sláinte sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn den chuid is mó.
 Fiontar	Seroba Life Sciences Fund III	15	Tiomantas do chiste caipitil fiontair €100m ag díriú ar fhearaí Leighis luathchéime agus ar theicneolaíochtaí teiripeacha in Éirinn.
 Fiontar	Silicon Valley Bank Capital Strategic Investors Fund VIII	44	Tiomantas do chiste caipitil fiontair domhanda a chuimsíonn cistí. Tógann an infheistíocht sin ar an gcomhpháirtíocht straitéiseach le Silicon Valley Bank (SVB), áit a gcuirfidh SVB \$100m breise ar fáil ar iasacht do chuideachtaí teicneolaíocha agus cúram sláinte atá ag fás go tapa in Éirinn.
 Fiontar	Draper Esprit	19	Infheistíocht thábhachtach sa tairiscint phoiblí thosaigh do Draper Esprit ar fiú €154m í, atá dírithe ar infheistíochtaí a dhéanamh i gcuideachtaí teicneolaíochta a bhfuil borradh tapa orthu in larthar na hEorpa agus a bhfuil suimeanna substaintíula tiomnaithe acu d'infheistíoch in Éirinn.
 Cothromas Díreach	Swrve Mobile	1	Infheistíocht i mbabhta maoinithe €9m ag cuideachta bogearrá Éireannach a bhfuil borradh mór fúithi i réimse uathoibrithé margáiochta fón poca.
 Cothromas Díreach	Genomics Medicine Ireland	12	Infheistíocht i mbabhta maoinithe €36m ag cuideachta Éireannach atá ag feidhmiú i leigheas géanómaíoch forbartha.
 Eile	Reverence Capital Partners Opportunities Fund I	50	Tiomantas do chiste cothromais €378m ag infheistiú i gcuideachtaí in earnáil na seirbhísí airgeadais a bhfuil súil acu roinnt oibriochtaí gnó den chineál sin a lonnú in Éirinn.
<b>Iomlán</b>		<b>522</b>	

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

### Ciste Ceangailteachta

Bunaíodh an Ciste Ceangailteachta mar fhochiste de CISÉ in 2015 chun fáltas €335m ó dhíolachán scairshealbhú an Stáit in Aer Lingus a infheistiú agus é mar aidhm ceangailteacht fhísiciúil, fhíorúil agus fuinnimh na hÉireann a chumasú agus a bhrefisiú. In 2016, chuir CISÉ an chéad dá infheistíocht ón bhfochiste sin i gcrích le luach comhionlán €57m:

- An infheistíocht cothromais €22m in Aqua Comms chun tacú leis an gcéad ghréasán snáthoptaice fomhuirí tiomanta in Éirinn a dhéanfaidh idirnasc idir Nua-Eabhrac, Baile Átha Cliath agus Londain trí Chill

Ala, Co. Mhaigh Eo. Úsáidfidh gach cuideachta mhór ilníáisiúnta teicneolaíochta agus teileachumarsáide an líonra chun ceangáltí tapa, slána sonraí a chur ar fáil idir Éire, SAM agus an Ríocht Aontaithe agus cumasóidh sé fás leanúnach gheilleagar digiteach na hÉireann.

- An infheistíocht €35m in eisiúint banna 2028 nua ag ÚABÁC, oibreoir Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Tá an eisiúint bannaí nua mar bhonn agus taca le maoiniú fadtéarmach don chuideachta.

## Ciste MilkFlex

Sheol CISÉ, mar aon lena compháirtithe Glanbia, Rabobank agus Finance Ireland, ciste nua €100m i rith 2016 chun iasachtaí solúbtha, ar phraghas iomaíocht a thairiscint d'fheirmeoirí déiríochta. Is é seo an chéad chiste dá chineál in Éirinn, agus cuireann sé iasachtaí solúbtha, ar phraghas iomaíoch ar fáil do sholáthraithe bainne Glanbia le haisíocaíochtaí iasachta a athraíonn de réir gluaiseachtaí i bpraghais bainne agus cuidíonn sé le hioncam feirme a chosaint ó thionchar luaineacht praghais mhargadh na déiríochta.

Riosca lárnoch is ea luaineacht praghais d'fheirmeoirí déiríochta a chuireann bac suntasach ar a gcumas le cinntí infheistíochta riachtanacha a dhéanamh le fairsingiú. Le dul i ngleic leis sin, beidh próifíl aisíochta caipitil na n-iasachtaí d'fheirmeoirí solúbtha ag brath ar an sroicheann praghanna bainne leibhéal áirithe. Beidh iasachtaithe in ann a dtréimhsí aisíochta a shíneadh le huasfhad dhá bhliain má bhíonn tréimhse níos faide praghanna ísle i bhfeidhm, agus ar an gcaoi chéanna, ba cheart má bhíonn praghanna ard ar feadh tréimhse fhada, go mbrostófaí aisíocaíochtaí le téarma iasachta níos giorra.

Cuirtear iasachtaí ar fáil chun críche infheistíochta i dtáirgeadh talmhaíochta go príomha (e.g. infheistíocht i dtrealamh déiríochta, stoc, bonneagar bleáin). Bainfidh Glanbia aisíocaíochtaí iasachta go huathoibríoch ó fháiltais bainne an fheirmeora thar ceann Chiste MilkFlex. Léireoidh próifíl aisíocaíochtaí curar an tsoláthair bainne séasúrach, gan aon aisíocaíochtaí iasachta – ús ná príomhshuime – i rith na míonna a mbíonn táirgeadh bainne íseal. Ní theastaíonn aon urrús talún, foirgneamh ná sócmhainní eile ón iasachtóir.

## Tionchar Geilleagrach

Is mian le CISÉ an chuid is mó dá chaipiteal a leithdháileadh ar earnálacha agus infheistíochtaí tosaíochta mar ar dóichí na tionchair gheilleagracha is fearr agus, lena chois sin, a chinntíú go sásáíonn gach infheistíocht a chuspóirí brabús tráchtála.

San fhadtéarma, tá 80% de chaipiteal CISÉ thírithe ar infheistíochtaí inar dócha na tionchair is airde agus is inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair de. Tá an 20% eile thírithe ar infheistíochtaí a thabharfaidh gnóthachain ghearrthéarmacha gheilleagracha nó a rachaidh i ngleic le teagmhais de dhífeidhmiú margaidh. Ag deireadh 2016, bhí 65% den chaipiteal tiomanta in idirbhearta ardtonchair geilleagracha, agus 35% in idirbhearta ísealtonchair geilleagracha.

Tá difríocht idir an tionchar geilleagrach agus an fhostaíochta a fhraigheann tacáocht ó infheistíocht CISÉ agus gnáthchaiteachas an Rialtais. Leis an infheistíocht, cuirtear acmhainní poiblí ar ais ag deireadh na tréimhse infheistíochta; ach i gcás caiteachas Rialtais ídítear acmhainní poiblí mar thoradh ar an gcaiteachas. Is féidir caipiteal infheistíochta a chuirtear ar ais a athchúrsáil ansin agus tionscadail tairbhiúla breise a dhéanamh díobh.

## Tionchar Geilleagrach CISÉ in 2016



### Tacaítear le 21,900 post

go díreach nó go hindíreach trí infheistíochtaí an Chiste.



### Ghin 140 cuideachta/tionscadail

láimhdeachas €1.1bn don bhliain airgeadais 2016 agus gineadh 28% dá láimhdeachas ó onnmhairí.



### €688m pá agus tuarastail

shaothraigh fostaithe na gcuideachtaí sin €688m i bpá/ tuarastail in 2016.




### Oll-Luach Breise €721m

Oll-Luach Breise €721m in 2016 ó infheistíochtaí CISÉ.

## An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

### Tionchar Geilleagrach Réigiúnach CISÉ 2016



## Infheistíocht Fhreagrach

Tá CISÉ tiomanta do bheith ina infheisteoir inbhuanaithe agus freagrach go fadtéarmach agus i mí Iúil 2016 d'fholisigh sé a Bheartas Inbhuanaitheachta agus Infheistíocha Freagraí, ag lua arís a thiomantais feidhmiú go dtí na caighdeán domhanda is airde. Mar infheisteoir freagrach, tuigeann CISÉ go gcuirtear rioscái agus deiseanna i láthair le cúinsi Comhshaoil, Sóisialta agus Rialachais (CSR) agus go mbeidh siad le bainistiú ar fud na bPunann Éireannach agus Domhanda araon. Tá raon seirbhísí á gcur i bhfeidhm ag CISÉ chun cuidiú le cur i bhfeidhm a Bheartais Inbhuanaitheachta agus Infheistíocha Freagraí. Ina measc sin bhí analísíocht phunainne agus seirbhísí úinéireachta gníomhaí don Phunann Dhomhanda mar aon le seirbhísí chun cuidiú le forbairtcreat CSR le haghaidh Phunann na hÉireann.

Tá cosc ar infheistíocht i gcuideachtaí a bhfuil baint acu le cnuas-mhuinisín agus manaignh fhrithphearsanra a dhéanamh faoin *Acht um Chnuas-Mhuinisín agus Mianáigh Fhrithphearsanra, 2008*. In 2016, glacadh cinneadh infheistíocha síos ó chuideachtaí a raibh baint acu le tobac a tháirgeadh ar an mbunús go raibh na rioscái a bhain le déanamh tobac i bhfad níos measa ná aon toradh tráchtala a d'fhéadfai a fháil ar ais go fadtéarmach. Cuireadh an síos ón 2016 i gcrích i mí Nollaig 2016. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar an tsaincheist maidir le cibé ar cheart tuilleadh catagóirí infheistíocha a fhágáil amach as CISÉ, go háirithe cuideachtaí breosla iontaise nó fothacair de chuideachtaí mar sin. Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhfuiltear chun gach infheistíocht sa Phunann Dhomhanda a réadú de réir mar a mhéadóidh CISÉ a thiomantas infheistíocha in Éirinn.

## Feidhmíocht agus Punann

Tuairiscítear feidhmíocht ar dhá leibhéal, (i) an Phunann Lánroghnach, an infheistíocht a bhfuil freagracht ar GBCN aisti, agus (ii) an Phunann faoi Threoir - infheistíochaí beartais phoiblí a dhéantar faoi threoir an Aire Airgeadais.

## Punann Lánroghnach

Ghnóthaigh an Phunann Lánroghnach toradh +2.9% in 2016 agus tá toradh +2.1% ginte aici gach bliain ó thráth a tionscanta an 22 Nollaig 2014. Mhéadaigh luach na Punainne Lánroghnaí faoi €225m go €8.1bn in 2016.

Ba é 6.4% toradh Phunann na hÉireann in 2016 agus ba é 2.2% toradh na Punainne Domhanda. Bhain Punann na hÉireann tairbhe go príomha as méaduithe digite dúbailte ar an luacháil a rinneadh ar roinnt dá hinfeistíochaí caipiteal fiontaí. D'fhág infheistíochaí móra airgid agus ioncaim sheasta na Punainne Domhanda, ar aon dul le déláí sa mhargadh, torthaí infheistíocha a bhí íseal nó a bhí diúltach de bheagán, agus d'éirigh go maith tríd is tríd le gnáthscaireanna agus le sainorduithe dearbhthoraidh.

I mí Iúil 2016 thosaigh GBCN ag cur Straitéis Aistrithe Punainne Domhanda mheántéarmach ar fiú €6.6bn í i bhfeidhm, a chiallóidh go mbeidh CISÉ in ann aistriú mar phunann leachtach atá á bainistiú go coimeádach ó phunann dhomhanda den chuid is mó go dtí Punann na hÉireann, de réir mar a chuirtear i bhfeidhm agus mar a

tharraingítear anuas deiseanna infheistíocha in Éirinn. Is é an cuspóir foriomlán a chinntí go mbíonn airgead ar fáil faoi mar is gá d'infheistíochaí Éireannacha i rith tréimhse tháscach ceithre go cúig bliana, agus ionchur suntasach a dhéanamh i dtreo chuspóir brabús infheistíocha CISÉ.

Ceapadh an Straitéis le cur chuige infheistíocha ilstraitéise d'aicme sócmhainní éagsúla ar riosca íseal a chruthú, ag infheistíu thar ghnáthscaireanna, ioncam seasta, réitigh chreidmheasa agus ilstraitéise agus sainorduithe dearbhthoraidh trí bhainisteoirí sócmhainní domhanda seachtracha ar ardchaighdeán.

## Bainisteoirí na Punainne Domhanda ag Deireadh 2016

Bainisteoir	Sainordú	Luach Margaidh €m	% den Phunann Dhomhanda
Goldman Sachs Asset Management	Sócmhainní éagsúla	1,533	23
J.P. Morgan Asset Management	Sócmhainní éagsúla	1,210	18
Irish Life Investment Managers	Sócmhainní éagsúla	815	12
Amundi Asset Management	Ioncam Seasta	680	10
Deutsche Asset Management	Ioncam Seasta	303	5
BlackRock Investment Management	Ioncam Seasta	317	5
Muzinich & Co	Ioncam Seasta	229	3
Acadian Asset Management	Cothromas	253	4
Generation Investment Management	Cothromas	165	2
Blackstone Alternative Asset Management	Dearbhthoradh	246	4
Bridgewater Associates	Dearbhthoradh	229	3
AQR Capital Management	Dearbhthoradh	196	3
Bainisteoirí Eastáit Réadaigh Domhanda*	Eastáit Réadach	142	2
GBCN	Airgead agus Sócmhainní Airgeadais	341	5
<b>iomlán</b>		<b>6,659</b>	<b>100</b>

\*Infeistíochaí oidhreachta CNP (14 bhainisteoir).

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

Soláthraíonn coimeádaí domhanda CISÉ, BNY Mellon, seirbhísí coimeádta agus idirbheartaíochta do GBCN. Tá BNY Mellon freagrach as socrú idirbheartaíochta agus sealbháocht scartha shócmhainní na margáí poiblí faoi úinéireacht dhíreach CISÉ.

# An Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn (ar lean)

## Leithdháileadh Shócmhainní na Punainne Lánroghnaí ag Deireadh 2016

	Punann na hÉireann €m	Punann Dhomhanda €m	Iomlán €m	Ualach an Chiste %
<b>Cothromas Luaité</b>	<b>102</b>	<b>689</b>	<b>791</b>	<b>10</b>
Bannaí agus Fiachas	474	3,109	3,582	44
Airgead	-	740	740	9
<b>Sócmhainní Iomlána Airgeadais</b>	<b>474</b>	<b>3,848</b>	<b>4,322</b>	<b>53</b>
Cothromas Príobháideach	512	5	517	6
Eastát Réadach	97	150	248	3
Foraoiseacht	41	-	41	1
Bonneagar	206	-	206	3
Cistí Dearbhthoraidh	-	1,967	1,967	24
<b>Sócmhainní Iomlána Eile</b>	<b>857</b>	<b>2,122</b>	<b>2,978</b>	<b>37</b>
<b>Iomlán</b>	<b>1,432</b>	<b>6,659</b>	<b>8,091</b>	<b>100</b>

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

### Punann faoi Threoir

Baineann na figiúirí sa chuid seo le hinfheistíochtaí CISÉ amháin agus ní áirítear leo infheistíochtaí beartais phoiblí in institiúidí airgeadais na hÉireann a rinne an tAire Airgeadais trí an Stáitse.

Le linn na géarchéime airgeadais, d'infheistigh CNP suim iomlán €20.7b in AIB agus i mBanc na hÉireann faoi threoir an Aire Airgeadais agus ar chúiseanna beartais phoiblí. Aistríodh na Sócmhainní chuig CISÉ nuair a bunaíodh é.

Ag deireadh 2016 ba é a bhí sa Phunann faoi Threoir:

- (i) Gnáthscaireanna i mBainc Aontas Éireann dar luach €4.28 an scair.
- (ii) Gnáthscaireanna i mBanc na hÉireann ar phraghas margaidh €0.23 an scair.
- (iii) lasacht €25m do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ).
- (iv) €215m in airgead, geallta le tabhairt ar iasacht do CBSÉ.

Ag deireadh 2016, 99.9% agus 13.9% faoi seach scairshealbhú CISÉ in AIB agus Banc na hÉireann. Ós rud é nach bhfágann sealúchas scaireanna in AIB ach 0.1% de chomhlúthacht shaor, d'íarr GBCN ar chomhlacht seachtrach airgeadais chorparáidigh luach neamhspleách cóir margaidh a sholáthar amhail an 31 Nollaig 2016 d'fhonn an infheistíocht sin a luacháil ar aon dul le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo.

Bhí luacháil €12.9bn ag an bPunann faoi Threoir ag deireadh 2016. B'ionann a thoradh in 2016 agus -7.9%. Ag eascairt ón €20.7bn infheistithe in AIB agus Banc na hÉireann, is ionann tortháil airgid ar infheistíochtaí go dáta agus €6.4bn agus b'ionann luachálacha infheistíochta ag deireadh 2016 agus €12.7bn, rud a thug an t-iomlán (ioncam agus luach) go dtí €19.0bn.

**Punann faoi Threoir ag Deireadh 2016**

	Airgead Infheistithe €bn	Airgead atá Faigthe €bn	Luach ag Deireadh 2016 €bn	Iomlán (ioncam agus luach) €bn
Scaireanna Tosaíochta	1.8	3.2	-	3.2
Gnáthscaireanna	2.9	1.0	1.1	2.1
<b>Banc na hÉireann</b>	<b>4.7</b>	<b>4.2</b>	<b>1.1</b>	<b>5.3</b>
Scaireanna Tosaíochta	3.5	2.2	-	2.2
Gnáthscaireanna	8.7	-	11.6	11.6
Ranníocaíocht Chaipitil	3.8	-	-	-
<b>AIB</b>	<b>16.0</b>	<b>2.2</b>	<b>11.6</b>	<b>13.8</b>
<b>Infheistíochtaí Bainc Iomlána</b>	<b>20.7</b>	<b>6.4</b>	<b>12.7</b>	<b>19.0</b>
Airgead agus lasacht do CBSÉ			0.2	
<b>Punann Iomlán faoi Threoir</b>			<b>12.9</b>	

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta

## Tionscadail CPP a Sholáthar



**€1bn**

### Luach Caipitil

Tá GAFN ag soláthar réimse tionscadail CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipitil iomlán measta acu.



### Ionaid Chúraim Phríomhhlíodh

**14**

Bhain na tionscadail CPP d'ionaid Chúraim Phríomhhlíodh, an chéad tionscadal CPP do chúram sláinte in Éirinn, lenar forbraíodh 14 ionad cúraim phríomhhlíodh nua ar fud na tíre céim na dtarraingtí anuas amach in 2016 agus tá an obair thógála ar siúl ag gach suíomh.



### Beart Scoileanna CPP 4

**2,950**

Cuireadh Beart Scoileanna CPP 4 ag soláthar 2,950 áit do scoláirí i dTiobraid Áirinn, sa Chláir, i Lú agus i gCorcaigh i gcrích de réir an sceidil in 2016, agus tá na scoileanna go léir i mbun oibre anois.



### Beart Scoileanna CPP 5

**4,870**

Bhain Beart Scoileanna CPP 5 ag soláthar 4,870 áit do scoláirí céim na dtarraingtí anuas amach in 2016 agus tá an obair thógála ar bun i ngach láthair.

## Comhairle Airgeadais a Sholáthar



**€3bn**

### Luach Caipitil

Tá GAFN ag tabhairt comhairle airgeadais maidir le tionscadail chaipitil, CPP san áireamh, a bhfuil €3bn de luach caipitil iomlán measta acu.



### Coigilteas don Stát

**€23m**

Athmhaoinfodh scéim CPP an N17/N18 ón nGort go Tuaim in 2016, ag déanamh coigiltis €23m don Stát.



### Tionscadal Nua Sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin

**An N25**

Tá céim na dtarraingtí anuas bainte amach in 2016 ag tionscadal sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin, an N25, a raibh GAFN mar chomhairleoir airgeadais aige, agus tá sé á thógáil anois.

Tá GBCN ainmnithe mar an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (GAFN) nuair a thugann sí comhairle airgeadais d'údaráis Stáit agus iad ag tabhairt faoi mhórthionscadail infheistíochta poiblí ag a bhfuil luach caipítil níos mó ná €20m agus nuair a bhíonn sí ag soláthar agus ag seachadadh tionscadail Compháirtíochta Poiblí Príobháidí (CPP) in earnálacha nach iompar ná údaráis phoiblí iad.

### Soláthar Tionscadail CPP

Ba é soláthar agus seachadadh tionscadail CPP príomhfhócas ghníomhaíochta GAFN in 2016. Tá GAFN freagrach as soláthar tionscadail CPP don oideachas, sláinte, dlí agus ceart agus tithíocht, a bhfuil €1bn de luach caipítil iomlán measta acu. Tá Bonneagar lompair Éireann freagrach as soláthar tionscadail CPP éagsúla do bhóithre. Gníomhaíonn GAFN mar chomhairleoir airgeadais thar an gclár CPP iomlán.

Rinneadh dul chun cinn suntasach in 2016, lena n-áirítear céim na dtarraingtí anuas a bhaint amach ar thionscadal CPP d'lonaid Chúraim Phríomhúil, an chéad tionscadal CPP do chúram sláinte in Éirinn, lenar cuireadh 14 ionad cúraim phríomhúla nua ar fud na tíre, agus Beart Scoileanna 5, a sholáthair 4,870 áit do scoláirí ar cheithre shuioimh. Tá túis curtha leis an tógál agus tá sí ar siúl ag gach láthair i ndáil leis an dá thionscadal seo. Baineadh amach céim in dtarraingtí anuas ar sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin an N25, atá a thógáil anois agus rinneadh athmaoiniú ar scéim


CPP an N17/N18 ón nGort go Tuaim, a thug coigiltis €23m don Stát.

Cuireadh Beart Scoileanna 4 ag soláthar 2,950 áit do scoláirí i gcrích de réir an sceidil in 2016, agus tá na scoileanna go léir i mbun oibre anois. Tá tógál ag dul ar aghaidh i dtionscadal Bheart na gCúirteanna ina bhforbrófar tithe círte nua agus ina n-athchóireofar agus sínfear tithe círte reatha i seacht n-áit. Tá gach teach círte le bheith críochnaithe agus oibríochtúil in 2017.

Cuireadh moill ar dhul chun cinn thionscadal Champas ITBÁC i nGráinseach Ghormáin i rith 2016 mar gheall ar imeachtaí dlí, a ghlac forthairgeoir nár éirigh leis, in aghaidh an Aire Oideachas agus Scileanna, agus GBCN. Tugadh an breith sa chás sin i mí Dheireadh Fómhair 2016 agus cinneadh i bhfabhar an Aire agus an GBCN.

Téann GAFN i ggleic go rialta le hurraithe tionscadail, conraitheoirí, comhairleoirí agus airgeadóirí maidir le deiseanna tionscadail agus idirbheart. Leanadh leis an athéirí i margadh iasachta bonneagair na hÉireann le blianta beaga anuas i rith 2016, agus spéis shuntasach ó mhaoinitheoirí intíre agus idirnáisiúnta ag tabhairt iasachtaí do thionscadail CPP na hÉireann. Tá feabhas mór ar na costais mhaoiniúcháin atá ar fáil do thionscadail CPP in Éirinn agus thit rátaí iomlána fiachais shinsearaigh ó 6.5% go luath in 2014 go dtí díreach os cionn 2% in 2016, na rátaí is ísle ar taifead do thionscadail CPP na hÉireann.

### Láithreacha Thionscadal GAFN



# An Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta (ar lean)

## Dul chun cinn ar Thionscadail CPP GAFN ag Deireadh 2016

### Tionscadail atá á dtabhairt chun críche ag GAFN



#### Beart Scoileanna CPP 4

##### Cur Síos

Ceithre scoil, ag soláthar 2,950 áit i dTiobraid Árann, sa Chlár, i gCorcaigh agus i Lú.

##### Stádas

Tógál curtha i gcrích sa chéad leath de 2016. Gach scoil in úsáid agus i mbun oibre.



#### Beart Scoileanna CPP 5

##### Cur Síos

Cúig scoil agus Institiúid Bhreisoideachais amháin ag soláthar 4,870 áit i gCeatharlach, sa Mhí, i gCill Mhantáin agus i Loch Garman.

##### Stádas

Baineadh amach céim na dtarraingtí anuas i mí Iúil 2016. Tá an obair thógála ar siúl ar na ceithre shuíomh agus tá na scoileanna sceidealaithe le bheith críochnaithe in 2018.



#### CPP Phunann na gCúirteanna

##### Cur Síos

Forbairt foirgnimh nua teach cíerte i nDroichead Átha, i Leitir Ceanainn, i Luimneach agus i Loch Garman agus oibreacha athchóirithe agus sínidh ar thithe cíerte atá ann cheana i gCorcaigh, ar an Muileann gCearr agus i bPort Láirge.

##### Stádas

Tá tógál ar siúl agus tá gach teach cíerte sceidealaithe le bheith i mbun oibre in 2017.



### Tionscadail arb iad GAFN an Comhairleoir Airgeadais dóibh



#### CPP an N17/N18

##### Cur Síos

Dearadh, tógál, oibriú agus cothabháil 57km nua de mhótarbhealach i nGaillimh.

##### Stádas

Tá tógál ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2017. Athmaoiníodh an tionscadal i mí na Bealtaine 2016.



#### CPP an M11 (Guaire go hInis Córtchaidh)

##### Cur Síos

Dearadh, tógál, oibriú agus cothabháil 38km nua de mhótarbhealach i Loch Garman.

##### Stádas

Tá tógál ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2019.



#### CPP Champas ITBÁC i nGráinseach Ghormáin

##### Cur Síos

Forbairt dhá fhoirgneamh cearnóige ag Campas ITBÁC i nGráinseach Ghormáin, ag soláthar 10,000 áit do mhic léinn sna healaíona feidhmeacha, sna heolaíochtaí agus san innealtóireacht.

##### Stádas

Tairgeoir Roghnaithe ceaptha i mí Feabhra 2015. I mí an Mhárta 2015, cuireadh túis le himeachtaí dlí in aghaidh an Aire Oideachais agus Scileanna, agus GBCN i ndáil leis an gcomórtas soláthair phoiblí don tionscadal seo. Cinneadh sa bhreith a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2016 i bhfabhar an Aire agus GBCN.



#### CPP an N25

##### Cur Síos

Dearadh, tógál, oibriú agus cothabháil sheachbhóthar Ros Mhic Thriúin.

##### Stádas

Baineadh amach céim na dtarraingtí anuas i mí Eanáir 2016. Tá tógál ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2019.



#### CPP na Tithíochta Sóisialta

##### Cur Síos

Forbairt 1,500 aonad titheachta sóisialta.

##### Stádas

Tá an tionscadal i gcéim réamhsholáthair/pleanála.



## CPP Athnuachan Tithíochta Shráid Charlemont

### Cur Síos

Tionscadal CPP na malaire talún lena mbaineann soláthar 79 aonad tithíochta sóisialta agus áiseanna pobail i mBaile Átha Cliath.

### Stádas

Tá tógál ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2018.



## Ionaid Seirbhíse Mótarbhealaigh

### Cur Síos

Dearadh, tógál, oibriú agus cothabháil dhá ionad seirbhíse suite ar mhótarbhealach an M6 thoir ó Bhaile Átha Luain agus ar mhótarbhealach an M9 ó dheas de Chill Choileáin in éineacht le feistiú, oibriú agus cothabháil an tríú hionad seirbhíse ar mhótarbhealach an M11 ó thuaidh de Ghuaire.

### Stádas

Tairgeoir roghnaithe ceaptha i mí na Bealtaine 2015. Cuireadh moill ar an tionscadal tar éis iarratas ar athbhreithniú breithiúnach ar bhronnadh conartha an Údarás um Bóithre Náisiúnta. Táthar ag súil go dtiocfaidh sé chun deiridh i 2017.



## An Lárionad Tionól, Baile Átha Cliath

### Cur Síos

Is í GAFN an comhairleoir airgeadais le hOifig na nOibreacha Poiblí agus thug sí comhairle maidir le díolachán scaireanna sa chuideachta CPP.

### Stádas

Tá an Lárionad Tionól ag oibriú go héifeachtúil agus tá an t-athrú úinéireachta curtha i gcrích.



## CPP Dramhaíola ina Fhuinneamh Baile Átha Cliath

### Cur Síos

Dearadh, tógál, oibriú agus cothabháil monarcha 600,000 tona dramhaíola go fuinneamh.

### Stádas

Tá tógál ar siúl, sceidealaithe lena críochnú in 2017.

## Soláthar Comhairle Airgeadais

Faoina sainordú reachtúil, cuireann GAFN comhairle airgeadais ar fáil d'Údarás Stát atá ag tabhaint faoi mhórthionscadail infheistíochta poiblí. Aírtéar le tionscadail inar thug GAFN comhairle in 2016 an Plean Náisiúnta Leathanbhandá, an tOspidéal Náisiúnta Seirbhísí Fóirénseacha Meabhairshláinte, léasanna tithíochta sóisialta, Aonad Oinceolaíoch Radáiochta Chorcáí agus tionscadal Champas Oideachais Mhaigh Nuad. Chuir GAFN comhairle ar fáil don Roinn lompair, Turasóireachta agus Spóirt i ndáil lena chúnamh deontais d'athfhobairt Pháirc Uí Chaoimh. Tá seirbhísí tacaíochta tionscadail á gcur ar fáil ag GAFN don Oifig Seachadta Tithíochta sa Roinn Tithíochta, Pleanála, Pobail agus Rialtais Áitiúil.

## Clár na Scoileanna Déabhlóidithe

Tar éis 15 thionscadal scoile "dear agus tóg" (neamh-CPP) a sholáthar go rathúil in 2015 thar ceann na Roinne Oideachais agus Scileanna inar cuireadh 8,600 áit scoile ar fáil, tá GAFN sa chéim réamhsholáthair de thionscadal nua, Coláiste na Toirbhíre i mBaile Átha an Rí, Co. na Gaillimhe, a chuirfidh 1,000 áit scoile ar fáil. Cuireadh isteach an t-iarratas pleáinála don tionscadal sin i mí na Samhna 2016.

## Seirbhísí Bainistíochta Conartha

Ar iarratas ón Roinn Oideachais agus Scileanna, ghlac GAFN freaghracht as bainistíocht conartha gach scoile oibríochtúla CPP. Ag deireadh 2016, bhí GAFN ag bainistiú na gconarthaí do chúig tionscadal scoile a chumhdaigh 27 scoil. Ag obair faoi Chomhaontú Seirbhísé, baineann an tacaíocht a thugtar le monatóireacht ar na comhlachtaí bainteacha CPP i bhfeidhmiú a n-oibleagáidí faoin gconradh CPP, ag cinntíú go ngabhtar an luach fadtéarmach sna conarthaí seo.

In 2016, ar iarratas ó Oifig na nOibreacha Poiblí, thosaigh GAFN ag cur seirbhísí bainistíochta conartha ar fáil do Lárionad Tionól Bhaile Átha Cliath.

# RÉnua

## Athbhreithniú Bliantúil Punainne



Foilsíodh athbhreithniú bliantúil RÉnua ar na comhlacthaí tráchtala Stáit faoina phríomh-shainchúram, ina leagtar síos na príomhthéamaí straitéiseacha atá roimh na cuideachtaí seo, den chéad uair i mí na Nollag 2016.



### Brabús Oibriúcháin

## €1.0bn

Choithaigh an Phunann brabús oibriúcháin €1.0bn in 2015/2016 le corrach de bhrabús oibriúcháin 17%.



### Caipiteal Infheistithe

## €15.5bn

Infheistíodh €15.5bn i gcaipiteal fiachais agus cothromais sa Phunann agus toradh ar chaipiteal infheistíochta 6.1% in 2015/2016.



### Luacháil Cothromais

## €10.2bn

Is ionann €10.2bn agus comhlúach táscach cothromas tráchtala na Punainne (seachas Uisce Éireann) ar bhonn trádála leanúnaí.

## Spriocanna Airgeadais a Shocrú



Réimse fócais do RÉnua is ea comhairle a thabhairt maidir le spriocanna airgeadais iomchuí a leagan síos le haghaidh comhlacthaí tráchtala Stáit lena n-áirítear struchtúr caipitil, brabúsacht agus spriocanna maidir le díbhinní.



**€427m** Fuair an Státhiste comhdhíbhinní €427m ó chomhlacthaí laistigh de shainchúram RÉnua in 2015/16.

## Comhairle Tráchtala agus Airgeadais



Chuir RÉnua comhairle tráchtala agus airgeadais ar fáil don Rialtas ar réimse ceisteanna a bhain leis na comhlacthaí Stáit laistigh dá phríomh-shainchúram in 2016. Áiríodh leo:



## €3.9bn

de mhaoiniú



## €2.8bn

de bhuiséid agus ceanglais chaipitil



## €350m

de thionscadail chaipitil ar leith

Is é an croí-ról atá ag RÉnua comhairle airgeadais agus tráchtala a chur ar fáil d'Airí Rialtais i ndáil le roinnt mórchomhlacthaí tráchtala Stáit: Bord na Móna, Coillte, EirGrid, Ervia (lena n-áirítear Líonraí Gáis Éireann), BSL agus Uisce Éireann (an Phunann). Nuair a iarrann na hAirí Rialtais ábhartha é, síneann ról RÉnua chug comhlachtaí nó sócmhainní eile Stáit. Mar ionad tiomanta de shaineolas airgeadais, tugann RÉnua fócas tráchtala breise le forbhreathnú fiontair faoi Úinéireacht Stáit.

### **Cur chuige RÉnua: Úinéireacht Ghníomhach**

Is é an cur chuige atá RÉnua leibhéal breise d'úinéireacht ghníomhach ag an Stát mar scairshealbhóir sna comhlacthaí Punainne a éascú. Tá sé seo comhsheasmhach leis an gcur chuige a nglactar leis in go leor tíortha OECD. Chuige seo, tá Creat um lonchais Scairshealbhóir forbartha aige chun soiléire agus treoir fhormíúil a thabhairt do na comhlacthaí seo maidir le tosaíochtaí straitéiseacha, cuspóirí beartais, ceanglais feidhmíochta agus tuairiscithe airgeadais an Rialtais. Cuirtear iad seo in iúl do Chathaoirleach agus do Bhord gach comhlachtaí trí litreacha blantúla/débhantúla (Creat-Litreacha) ó na hAirí Rialtais ábhartha.

Sna Creat-Litreacha a eisíodh go dáta, ba iad na trí phríomhréimse fócais do RÉnua ó dheardadh feidhmíochta airgeadais:

- **Tomhas ar fheidhmíocht airgeadais:** ag leagan amach modheolaíocht RÉnua a chuirfear i bhfeidhm trí thomhas agus monatóireacht ar fheidhmíocht airgeadais na Punainne ag an Stát ina ról mar scairshealbhóir a fheabhsú. Chun é sin a dhéanamh, i rith 2016, chuir RÉnua modheolaíochtaí i gcríoch agus chuir sé in iúl iad chun toradh ar chaipiteal infheistithe agus meánchostas ualaithe caipítí a ríomh ar bhonn comhsheasmhach ar fud na Punainne.


● **Luachálacha cothromais tráchtála:** chun tomhas torthaí scairshealbhóirí a éascú, áirítear sa Chreat, riachtanas do na comhlacthaí Punainne le tabhairt faoi luacháil cothromais tráchtála ar bhonn blantúil. Faoi dheireadh 2016, bhí luachálacha cothromais réitithe ag cúig cinn de na sé chomhlacht<sup>2</sup>.

● **Spriocanna airgeadais:** spriocanna airgeadais a cheapadh i gcomhar le comhlacthaí Punainne, agus é mar chuspóir a chinntí go gcruthaíonn na spriocanna cothromáiocht idir luach a chruthú agus bainistíocht airgeadais stuama, go n-éascaítear leibhéal chuí d'infheistíocht bhoneagair agus go bhfull siad sainithe go maith agus gur féidir monatóireacht a dhéanamh orthu ar bhonn leanúnach.

Croífhócas do RÉnua is ea comhairle a thabhairt ar spriocanna díbhinné iomchuí le haghaidh comhlachtaí Punainne ionas go mbíonn an chothromáiocht chuí idir foíocacht díbhinní agus ath-infheistiú sa ghnó. Tá spriocanna díbhinné i bhfeidhmanois leis na comhlacthaí ábhartha. Cuireann na spriocanna díbhinné sin soiléireacht níos fearr ar fáil do na comhlacthaí féin agus don Stát mar scairshealbhóir.

Fuair an Státhiste comhdhbhinní dar luach €427m do 2015/16. Is é a bhí sna díbhinní sin €304m ag éirí as fáltas ó dhíol sócmhainní agus €123m a bhain le gnáthdhíbhinní. D'íoc Bord na Móna díbhinn €10m, d'íoc Coillte díbhinn €4m agus d'íoc EirGrid díbhinn €3m. D'íoc Ervia (bunaithe ar fheidhmíocht Líonraí Gáis Éireann agus dáileadh fáltas díolacháin tar éis Bord Gáis Energy a dhíol) díbhinn íomlána €151m. De réir a bheartais agus sprice díbhinné, mhéadaigh ioc díbhinné BSL go 35% ó 30% de bhrabús normalaithe agus, mar aon le dáileadh díbhinní speisialta, fuair an Státhiste díbhinní íomlána €259m ó BSL.

### **Feidhmeanna Comhairleacha RÉnua**



<sup>2</sup> De bharr chéim na forbartha i gcás Uisce Éireann, aontaíodh nár bhí ghá d'Uisce Éireann luacháil cothromais a dhéanamh.

# RÉnua (ar lean)

## Seirbhísí Comhairleacha faoi Airgeadas Corparáideach

### Punann RÉnua

Le linn na bliana 2016, thug RÉnua anailís mhionsonraithe airgeadais agus moltaí (nuair ba chuí) d'Airí maidir le 74 aighneacht san iomlán le haghaidh bhreith agus thoiliú an Aire, arna ndéanamh ag na comhlachtaí Stáit tráchtála faoina shainchúram. San áireamh leis sin bhí €3.9bn in iarratais a bhaineann le hairgeadas (lena n-áirítear eisiúint bannaí, áiseanna creidmheasa rothlacha, Banc Infheistíochta na hEorpa agus áiseanna fiachais tráchtála), €2.8bn maidir le hiarratais bhuiséid ar chaiteachas caipitil agus €0.35bn in iarratais shonracha ar chaiteachas caipitil. D'oibrigh RÉnua go dlúth leis an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus a ról comhairleach á dhéanamh maidir le ceapachán bhoird.

Lasachtaí	
<b>Uisce Éireann</b>	€1.2bn de shaoráidí
<b>BSL</b>	€600m in eisiúint bannaí
<b>Lónraí Gáis Éireann</b>	€625m in eisiúint bannaí
<b>Coillte</b>	€90m BEI, áiseanna creidmheasa rothlacha €200m+
<b>BnM</b>	áiseanna creidmheasa rothlacha €100m+

Buiséid & Ceangaltais Chaipitil	
<b>€2.8bn</b>	ar fud na Punainne, agus baint ag an gcuid is mó de le sócmhainní gréasáin leictreachais, gáis agus uisce rialaithe

Tionscadail Chaipitil ar Leith	
<b>Lónraí Gáis Éireann</b>	tionscadal cúplála píblíne
<b>Uisce Éireann</b>	tionscadal bonneagair uisce
<b>Coillte</b>	Comhfiontar feirmeacha gaoithe

Spriocanna Airgeadais	
Athbhreithniú ar bhrabúsacht, ar spriocanna giarála agus síbhinní do BSL, Coillte agus Ervia; Sprioc síbhinn le haghaidh EirGrid comhaontaithe agus le haghaidh BnM athbhreithnithe	

Ceapachán Boird	
Cathaoirleach ceaptha agus triúr stiúrthóirí ceaptha le haghaidh Ervia; dhá cheapachán stiúrthóirí ar BSL	

Tuarascálacha Airgeadais & Pleananna Corparáideacha	
Athbhreithniú ar thuarascálacha airgeadais eatramhacha agus bliantúla na n-aonán sa Phunann agus pleananna corparáideacha rollacha cúig bliana	

## Comhlactaí/Tionscadail Stáit eile

Tháinig fás suntasach in 2016 ar líon agus go deimhin ar chastacht na sannachán a d'iarr Airí ar RÉnua maidir le comhlactaí/tionscadail eile Stáit. Cumhdaíodh raon leathan earnálacha iontu sin, lena n-áirítear iompar, foraoiseacht, agus gníomh ar son na haeráide.

### Tionscadail Chomhairleacha Roghnaithe RÉnua 2016

Tionscadal	Cur Síos
	Thug RÉnua analís airgeadais do na hAirí scairsheilbhe maidir le pleananna gnó na n-aonán ábhartha i nGrúpa CIÉ – Bus Éireann agus Iarnród Éireann.
	Rinne RÉnua athbhreithniú agus analís airgeadais ar An Post, agus tugadh cúnamh leanúnach d'Airí scairsheilbhe maidir le monatóireacht ar a staid airgeadais.
	Tá athfhobairt saoráidí reatha calafoirt ag Rinn an Scidigh, Co. Chorcaí riachtanach chun ligean do Chalafort Chorcáí an ceann is fearr a fháil ar na bacainní fisiciúla reatha a bhaineann le soithí móra a láimhseáil agus chun dul in oiriúint do ghníomhaíochtaí calafoirt atá ag athrú. Cuiréad tú le hathbhreithniú agus le hanailís airgeadais RÉnua ar struchtúr maoinithe thionscadal infheistíochta Rinn an Scidigh in 2016.
	Cuiréad tú le hathbhreithniú airgeadais ar Chalafort Bhaile Átha Cliath thar ceann na nAirí scairsheilbhe i rith 2016 agus díriodh ar cibé ar cheart machnamh a dhéanamh ar bheartas díbhinne athbhreithnithe, mar gheall, go háirithe, ar mhórphleananna infheistíochta caipítil do Chalafort Bhaile Átha Cliath.
	Rinneadh athbhreithniú agus analís airgeadais ar ÚABÁC cpt agus tugadh é do na hAirí scairsheilbhe agus díriodh go háirithe ar an struchtúr caipítill agus breithníodh beartas díbhinne athbhreithnithe.
	Tugadh faoi athbhreithniú agus analís airgeadais ar IAA agus tugadh é do na hAirí scairsheilbhe agus díriodh ar bheartas díbhinne athbhreithnithe.
<b>Gníomh ar son na haeráide agus Fuinneamh In-Athnuaithe</b>	Sholáthair RÉnua athbhreithnithe ó thaobh airgeadais de ar an samhaltú airgeadais a d'fhobair na Ranna Rialtais agus gníomhaireachtaí iomchuí maidir le bearta gníomhartha ar son na haeráide. Bhí RÉnua ranpnpháirteach freisin i roinnt tionscadal sa réimse sin lena n-áirítear an scéim nua tacáiochta le haghaidh leictreachas in-athnuaithe atá beartaithe, an dreasacht teasa in-athnuaithe agus an measúnú ar chostais agus na buntáistí atá le bithghás agus le bithmheatán.
<b>Foraoiseacht</b>	Chuir RÉnua comhairle ar Choillte maidir le hiasacht fhadtéarmach €90m chun costas curadóireachta, bainistithe foraoise agus tógála agus cothabhála bóthair foraoise ar eastát Choillte a mhaoiniú. Bhí RÉnua páirteach freisin i dtionscnaimh faoi Chlár Foraoiseachta an Rialtais atá dírithe ar infheistíocht san earnáil a mhéadú. D'oibrigh RÉnua le Coillte agus le Bord na Móna agus leis na Ranna Rialtais iomchuí i rith na bliana chun dul chun cinn a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí BioEnergy Ireland.

# RÉNUA (ar lean)

## Athbhreithniú Airgeadais Blantúil RÉNUA 2015/2016

Gach bliain réitíonn RÉNUA Forbhreathnú ar Phunann Airgeadais ar na comhlacthaí tráchtala Stát faoina phríomh-shainchúram. Foilsíodh an forbhreathnú is déanaí, Athbhreithniú Airgeadais Blantúil RÉNUA 2015/16, i mí na Nollag 2016 agus tá sé ar fáil ag [ntma.ie/publications](http://ntma.ie/publications). Leagtar amach príomhfhaisnéis airgeadais agus méadracht san Athbhreithniú don Phunann ina hiomláine agus do gach aonán. Áirítear leis na príomhthéamaí straitéiseacha ag teacht as an Athbhreithniú:

- Úsáid Caipiteal Stát:** Tá caipiteal suntasach infheistithe ag an Stát trí chomhlacthaí faoi úinéireacht an Stát agus is gá é sin, ag amharc air i gcomhthéacs an chaipítel atá ar fáil, a úsáid go héifeachtach agus go héifeachtúil i réimsí tosaíochta a ithníonn an Rialtas. Sa chomhthéacs seo, d'fheadadh sé a bheith cuiditheach don Stát creat uileghabhálach prionsabal a phorbairt lena ndéanadh comhlacthaí faoi úinéireacht an Stát breith ar úinéireacht agus infheistíocht ar bhonn comhsheasmhach.
- Athrú Margaidh agus Teicneolaíochta sa Mhargadh Fuinnimh:** Tá athrú suntasach ag tarlú faoi láthair san earnáil fuinnimh, an earnáil ina bhfeidhmíonn formhór na n-aonán sa Phunann, (cosúil le comhtháthú mhargaí fuinnimh an Aontais Eorpáigh, an bogadh i dtreo sochaí dhícharbónaithe, fás ar fhoinís breosla neamhghhnácha,

éabhlóidiú teicneolaíochtaí le húsáid le cuidíú leis an mbogadh seo agus dualgais faoi éifeachtúlacht fuinnimh). Meastar go gcruthóidh sé seo dúshláin shuntasacha do roinnt comhlacthaí sa Phunann.

- An Breatimeacht:** Is dóchúil go mbeidh tionchar ag an mBreatimeacht ar an bPunann mar gheall ar raon infheistíochaí na Punainne sa Ríocht Aontaithe (reatha agus pleánálte) agus méid thrádáil déthaobhach na Punainne leis an Ríocht Aontaithe.
- Cúrsaí a bhaineann le Pinsin:** Dúshláin i ndáil le scímeanna pinsin le sochar sainithe a fheidhmíonn an Phunann ba ea an timpeallacht ráta úis íseal a mhéadaigh luach reatha na ndliteanas.


Mhéadaigh láimhdeachas agus brabúsacht chomhionlán chomhlacthaí na Punainne in 2015/16 ón mbliain roimhe, agus mhéadaigh corrach brabús agus toradh ar chaipiteal infheistithe. Tá leithdháileadh suntasach den bhrabús oibriúcháin fós dforthaithe ó líonraí leictreachais agus gás rialaithe na Punainne (2015/16: 58%, 2014/15: 60%). Mhéadaigh an ghlanghiaráil (tomhas ar fhéichiúnas) de bheagán a léirigh infheistíocht chaipítel leanúnach, a mbaineann leithdháileadh mór di le BSL agus Uisce Éireann. Íocadh díbhinní iomlána €441m; íocadh €427m díobh leis an Státhiste agus íocadh an t-iarmhéid le pleannána úinéireacht scaire fostaithe na n-aonán ábhartha (BSL agus Bord na Móna).

### Buaicphointí Airgeadais

Príomhfhaisnéis Airgeadais	2015/16	2014/15	Δ bliain ar bhliain	meán 5 bl.
	€m	€m	€m	€m
Láimhdeachas	6,100	5,812	+288	5,816
Brabús Oibriúcháin	1,044	813	+231	896
PAT (coigeartaithe)	623	367	+256	503
Dliteanais Phinsin	1,009	1,240	-232	1,150
Glanfhíachas	7,421	6,582	+839	6,799
Glansócmhainní	6,631	6,421	+210	6,692
Caipiteal Infheistithe	15,537	14,841	+696	15,499
Gross Capex	1,572	1,743	-172	1,406
Díbhinní a íocadh (iomlán)	441	476	-35	270
<b>Príomh-mhéadracht</b>	<b>%</b>	<b>%</b>	<b>%</b>	<b>%</b>
Corrlach de Bhrabús Oibriúcháin	17	14	+3	15
Corrlach PAT	10	6	+4	9
Toradh ar Chaipiteal Infheistithe	6.1	4.8	+1.3	5.1
Glanghiaráil	53	51	+2	50

Foinse: Tuarascála Blantúla, Anáilis RÉNUA.

### Cúrsaí Airgeadais de réir Gníomhaíochta



Foinse: Anáilis RÉNUA. Tabhair faoi deara: Capex ar bhonn fabhrúithe

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát

## Punann Éileamh Chasta agus Ilghnéitheach a Bhainistiú



## Éilimh Chliniciúla a réiteach




## Seirbhísí Máithreachais – Tosaíocht Bainistíochta Riosca



## Costais Dlí a Laghdú



## Bainistíocht Riosca a Fheabhsú



## An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

Tá GBCN sainithe mar an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (GÉS) nuair atá sí ag bainistíú éilimh in éadan an Stát agus údarás Stáit agus ag tabhairt faoi fheidhmeanna gaolmhara bainistithe riosca chun costais dlíthíochta in éadan an Stát amach anseo a laghdú.

Clúdaíonn sainchúram GÉS rioscaí um dhíobháil phearsanta agus dochar do réadmhaoin tríú páirtí agus éilimh a bhaineann le 139 údarás Stáit lena n-áirítear an Stát féin, Airí Rialtais, an tArd-Aigne, Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, an earnáil chúraim sláinte dheonaigh, an Garda Síochána, Seirbhís Phríosúin na hÉireann, Óglaigh na hÉireann agus scoileanna pobail agus cuimsitheacha. Bainistíonn sí costais tríú páirtí a eascraíonn ó Bhinsi Fiosrúchán airithe agus éilimh le haghaidh costais dhlíthiúla ag páritithe a bhfuil agra déanta go rathúil acu ar an Stát maidir le dlíobháil phearsanta agus caingne eile a bhaineann le dlíobháil neamhphearsanta.

### Bainistíocht Éileamh agus Dlíthíochta

Is é cuspoir bainistíocha éileamh GÉS, agus í ag feidhmiú ar son leas is fearr na gcáiníocóirí i nithe a bhaineann le dlíthíochta dlíobhála pearsanta agus damáiste réadmhaoiné, feidhmiú go cothrom agus go heiticiúil ina gnóthaí le daoine a d'fhulaing gortuithe agus/nó damáiste agus a ghlacann caingean dlí in aghaidh an Stát nó comhlacthaí Stáit, agus lena dteaghlach. I gcásanna ina dtagann imscrídú GÉS ar an gconclúid go dtíteann cuid den dliteanas nó an dliteanas ar fad ar an údarás ábhartha Stáit, féachann sí le hélimh a réiteach go gasta agus ar théarmaí córa réasúnacha. Má mheasann sí nach dtíteann aon dliteanas ar an Stát, is é beartas GÉS leas a bhaint as gach acmhainn is gá chun cosaint ar na hélimh sin.

### Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2016

Bainistigh GÉS 8,898 éileamh gníomhach le dliteanas measta gan íoc €2.2bn ag deireadh 2016.


### Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2016

	Éilimh	Dliteanas Measta Gan Íoc €m
Cliniciúil	3,021	1,671
Ginearálta	5,877	530
<b>iomlán</b>	<b>8,898</b>	<b>2,201</b>

B'ionann éilimh seirbhísí máithreachais agus €1.09bn nó 65% den dliteanas measta gan íoc iomlán d'éilimh chliniciúla ag deireadh 2016. Baineann an dliteanas measta ard a bhaineann le hélimh maidir le seirbhísí máithreachas go príomha leis an gcostas ard ar chásanna naónán le gortú inchinne tubaisteach a réiteach.


Cuireann an dliteanas measta iomlán gan íoc €2.2bn Cinneadh na Cúirte Achomhairc in *Gill Russell v Feidhmeannacht na Seirbhise Sláinte* san áireamh, agus lorg GÉS cead chun Achomharc a dhéanamh leis an gCúirt Uachtarach ina dhiaidh. Dheimhnigh an Chúirt Achomhairc gur cheart go mbeadh 1% mar Fhíor-ráta Toraidh maidir le ríomh damáistí cúraim speisialta sa todhchaí. Dheimhnigh sí chomh maith gur cheart go mbeadh 1.5% mar Fhíor-ráta Toraidh maidir le gach caillteanas tairbhiúil. Ba é 3% an Fhíor-ráta Toraidh a úsáideadh roimhe sin chun méid an dliteanas mheasa gan íoc a ríomh. Dhiúltaigh an Chúirt Uachtarach, ina cinneadh an 1 Feabhrá 2017, Cead chun Achomhairc a thabhairt ar chinneadh na Cúirte Achomhairc.

### Miondealú ar an Dliteanas Measta Gan Íoc le haghaidh Éilimh Ghníomhacha ag Deireadh 2016



Fuair GÉS 2,889 éileamh nua agus réitigh sí 2,306 éileamh in 2016. Spreagadh an méid éileamh nua ginearálta a fuarthas ag élímh chaingne mhóra agus, go príomha, an lín ard éileamh a bhaineann le sláintíocht de chuid príosúnach i gcillíní atá á ndéanamh ag príosúnaigh reatha agus ag iarphríosúnaigh in éadan Sheirbhís Phríosún na hÉireann. Tá méadú mór ar an lín éileamh a fuarthas ó 2014 mar gheall air sin. I gcodarsnacht leis sin, tá an lín éileamh cliniciúil nua fanta móran mar a chéile. Baineann an méadú ar an lín éileamh sna blianta níos luaithe, a chonacthas in 2012 agus 2013, go príomha, le dlíthíocht simfiseatóime.

Ba é an glanchostas ar élímh ghníomhacha leanúnacha a réiteach agusa bhainistiú in 2016 €251.5m i gcomparáid le €221.7m in 2015. Léiríonn tárgeacht 2016 coigilteas 8.8% i gcoinne an mheasúnaithe achtúirigh neamhspleách de €275.7m.



## Éílimh Cliniciúla a réiteach

Réitíonn GÉS formhór na n-éileamh trí shocraíocht a idirbheartú, go díreach le foireann dlí an ghearánai nó tré phróiseas eadrána: Socraítear 98% de chásanna failí cliniciúla a láimhseállann GÉS gan gá le héisteacht círte chonspóide. I rith 2016, chinn na cúirteanna i bhfabhar GÉS sna trí éileamh cliniciúla a conspóideadh sa chuírt.


## Athchóirithe Reachtúla agus Éílimh Cliniciúla a Réiteach

San Acht um Rialáil Seirbhísí Dlí, 2015 tá trí fhorái shuntasacha le cuidiú le cásanna failí cliniciúla a bhainistiú agus lín na gcásanna a théann chun trialach a laghdú. Ba iad sin:

- Foráil le haghaidh cumhacht Aireachta le rialacháin a dhéanamh le haghaidh Prótacal Réamhchaingeann le cumarsáid thráthúil a éascú idir an gearánaí agus an cosantóir agus na saincheisteanna atá san aighneas a shainainthint go luath le socraíocht luath a spreagadh.
- Foráil nach hionann leithscéal ó chleachtóir leighis agus admháil dliteanais.
- Méadaíodh tréimhse Reacht na dTréimhsí le héileamh cliniciúil a dhéanamh ó dhá bhliaín go trí bliana ó dháta an teagmhais ab údar leis an éileamh nó ó dháta an eolais (más moille)

Táthar ag súil go dtabharfar na rialacháin do Phrótacail Réamhchaingeann isteach do chásanna failí leighis in 2017.

Tabharfaidh an tAcht um Dhílteanas Sibhialta (Leasú), nuair a achtaítear ina dhlí é, cumhacht do na cúirteanna, mar mhalaírt ar chnapshuim damáistí a bhronnadh, chun na horduithe íocaiochta tréimhsíúla comhthoiliúla agus neamh-chomhthoiliúla a dhéanamh le páirtithe díobhálaíthe i gcásanna díobháil thubaisteach ina bhfuil gá le cúram buan fadtéarmach. Tá an Bille an-tábhachtach do theaghlaigh naionán a bhfuil gortú inchinne tubaisteach ag gabháil dóibh ar tharla a ngortuithe mar thoradh ar imeacht failí cliniciúla.



# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

## Costas na nÉileamh a Réitíodh

Tá roinnt beart déanta ag GÉS le táillí dlí a bhaineann le hélimh a laghdú. Áirítear leo:

- Painéil abhcóidí agus dlíodóirí GÉS a cheapadh le soláthar a dhéanamh le haghaidh tairiscintí iomaíocha seirbhísí dlí do GÉS.
- Scrúdú géar ar chostais ionadaithe dlí gearánaithe agus an laghdú is mó agus is féidir a lorg trí idirbheartaíocht nó, más gá, trí chinneadh Máistir Fómhais.
- Ranníocaíochtaí tríú páirtithe/comhchosantóra a lorg.

De thoradh na mbeart sin tharla laghdú suntasach ar mheánchostais a bhaineann le hélimh chliniciúla in 2014, 2015 agus 2016 i gcomparáid leis an dá bliain roimhe sin. Bhí socrú líon cásanna faoi ghortú tubaisteach naionán trí Ordúithe Íocaíochta Tréimhsíúla ina ghné shuntasach freisin i dtitim na meánchostas éileamh cliniciúil i dtéarmaí airgid thar an tréimhse seo – ar ndóigh, sna cásanna seo, leanfar le híocaíochtaí leanúnacha do na gearánaithe i mblianta amach anseo.

Tá meánchostas na n-éileamh ginearálta méadaithe sna cúig bliana ó 2012, beag beann ar na bearta a rinne GÉS chun costais dlí a laghdú. Tharla sé sin mar gheall ar an líon níos mó éileamh tromchúiseach atá á socrú, le haird ar thionchar aosaithe na punainne, go háirithe éilimh a bhaineann le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

## Costas na nÉileamh a Réitíodh 2012-2016

Éilimh Chliniciúla	2012 €000	2013 €000	2014 €000	2015 €000	2016 €000
<b>Costas na n-Éileamh Uile a Réitíodh</b>					
Íocaíochtaí/Socraíochtaí	35,357	35,974	44,726	44,467	53,018
Táillí Dlí – GÉS	8,637	9,503	8,861	8,712	8,635
Táillí dlí – Gearánaí	12,964	15,410	13,853	15,592	17,633
Eile	963	1,247	1,188	1,511	1,707
<b>Iomlán</b>	<b>57,921</b>	<b>62,135</b>	<b>68,628</b>	<b>70,283</b>	<b>80,993</b>
<b>Meánchostas in Aghaidh an Éilimh a Réitíodh</b>					
Dámhachtainí/Socraíochtaí ar an meán	101	103	93	91	81
Táillí Dlí – GÉS	25	27	18	18	13
Táillí dlí – Gearánaí	37	44	29	32	27
Eile	3	4	2	3	3
<b>Meán Foriomlán</b>	<b>165</b>	<b>178</b>	<b>142</b>	<b>144</b>	<b>124</b>
Éilimh Ghinearálta	2012 €000	2013 €000	2014 €000	2015 €000	2016 €000
<b>Costas na n-Éileamh Uile a Réitíodh</b>					
Íocaíochtaí/Socraíochtaí	8,184	11,249	16,082	17,870	24,087
Táillí Dlí – GÉS	2,493	2,940	3,154	3,796	4,500
Táillí dlí – Gearánaí	3,454	4,310	5,711	6,567	8,595
Eile	553	827	870	1,050	1,273
<b>Iomlán</b>	<b>14,684</b>	<b>19,327</b>	<b>25,817</b>	<b>29,283</b>	<b>38,455</b>
<b>Meánchostas in Aghaidh an Éilimh a Réitíodh</b>					
Dámhachtainí/Socraíochtaí ar an meán	5	8	11	13	15
Táillí Dlí – GÉS	2	2	2	3	3
Táillí dlí – Gearánaí	2	3	4	5	5
Eile	0	1	1	1	1
<b>Meán Foriomlán</b>	<b>9</b>	<b>13</b>	<b>18</b>	<b>21</b>	<b>23</b>

## Caingne Móra

Tá GÉS ag bainistiú roinnt caingne móra éagsúla in éadan an Stáit. Bainistítear gach caingean mhór trí thagairt do shainstraitéis dhlíthiúil lena chinntíú go gcoinnítear dliteanas an Stáit ag an leibhéal is ísle is féidir.

### Éillimh Ghníomhacha ar Chaingne Móra

Caingean Mhór	Gníomhach Deireadh 2016	Faichte 2016	Curtha i gCrich 2016
<b>Sláintíocht Príosúnach i gCillíní</b> Cásanna is ea iad seo a chuireann príosúnaigh (príosúnaigh reatha nó iarphríosúnaigh) in éadan Sheirbhís Phríosún na hÉireann ag líomhain, i measc nithe eile, gur sáraíodh a gcearta bunreachtúla mar gheall ar ghanntanas sláintíochta i gcillíní.	1,263	253	1
<b>Mí-Úsáid i Scoileanna Lae</b> Is cásanna iad seo a ghlac daoine ag líomhain gur mhí-úsáid daoine iad go fisiciúil agus/nó gnéasach nuair a bhí siad ar scoil. Cuireadh tús leis an gcuid is mó de na cásanna tar éis bhréithiúnas na Cúirte Uachtaraí um Chearta an Duine in Louise O'Keeffe v na hÉireann.	167	30	78
<b>Simfiseatóime</b> Is cásanna iad seo a ghlac mná a ndearnadh gnáthamh cnáimhseach mánliach orthu lena bpeilbheas a leathnú.	129	1	2
<b>Etínn Phríosúnbhunaithe</b> Tá cásanna glactha ag príosúnaigh reatha agus ag iarphríosúnaigh agus ag oifigigh phríosún ag líomhain gur tháistíl siad dearfach le haghaidh eitinne agus/nó ag tolg eitinne.	80	4	1
<b>Pandemrix/Narcaléipse</b> Is cásanna iad seo a ghlac gearánaithe ar naionáin a mbunús ag líomhain gur fhorbair siad narcaléipse agus cataipléis tar éis vacsaíniú in éadan an víris fliú H1N1.	52	12	0
<b>Lariam</b> Is cásanna iad seo a ghlac baill reatha agus iarbhaill d'Óglaigh na hÉireann, ag líomhain comharthaí de chineál gérashíocóise, tar éis dóibh Lariam a ionghabháil, druga próifiolacsach frithmháireach a ordaíodh dóibh a úsáid agus iad ar dualgas san Afraic fho-Shahárach.	44	4	1
<b>Tailídimíd</b> Is cásanna iad seo a ghlac daoine a rugadh le míchumais fhisiciúla agus ar ionghabháil a máithreacha an ullmhóid Tailídimíd le linn a dtoirchis.	34	9	0
<b>Ionchlannán Ortaipéideacha Miotal ar Miotal</b> Is cásanna iad seo a ghlac daoine ag líomhain diobháil phearsanta tar éis do mháinlia ionchlannán ortaipéideacha a chur iontu.	28	11	210

# An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (ar lean)

## Cás Tosaíochta GÉS 2016

### Teresa Wall (Gearánaí) v na Seirbhise Náisiúnta Párceanna agus Fiadhúlra (Cosantóir)

I mí Aibreán 2016 mhaigh an Chúirt Chuarda go raibh cosantóir an Stát faillíoch in imthosca inar bhain gortuithe don ghearánaí nuair a bhí sí ag siúl ar Shlí Chill Mhantáin i mí Lúnasa 2013 tráth ar baineadh tuisle aisti agus ar thit sí ar chlárochán ina raibh plainc iarnróid a bhí ceangailte le chéile. Mhaigh an Chúirt gur mainníodh an clárchosán a chothabhlí go sábháilte agus gur mar gheall air sin go díreach a gortaíodh an gearánaí. Bronnadh €40,000 i ndamáistí ginearálta ar an ngearánaí.

Rinne an cosantóir achomharc ar bhreithiúnas na Cúirte Cuarda agus éisteadh an t-achomharc san Ard-Chúirt ag deireadh mhí na Samhna/ag túis mhí na Nollag 2016. Thug an Ard-Chúirt breithiúnas sa chás sa deireadh thiar an 17 Feabhra 2017. Mhaigh an Ard-Chúirt, i mbreithiúnas fasach tábhachtach, nach raibh an cosantóir faillíoch nuair nár lón sé isteach na bearnaí nó nuair nár chuir sé plainc nua in ionad na bplanc adhmaid. Go háirthe, ina léirmhíniú ar Alt 4(iv) den *Acht um Dhílteanas Átitheoirí, 1995*, mhaigh an Ard-Chúirt nach dualgas absalóideach ná dian é an dualgas arna fhochur ar Átitheoir de réir an ailt sin den Acht agus gurbh é an dualgas cúram a bhí ann an struchtúr achoimeád i riocht shábháilte, agus aird ar a shuiomh agus ar fhontas sóisialta iompar an chosantóra.

Tá tábhacht mhór fasaigh ag an gcás áirithe sin d'úinéirí talún, idir phoiblí agus phríobháideach.

### An tAonad um Chostais Dlí

Bunaíodh Aonad um Chostais Dlí (ACD) laistigh de GÉS in 2013 chun déileáil le costais tríu páirtí a eascaíonn ó Bhinsí Fiosrúcháin áirithe (Binsí Fiosrúcháin Mahon, Moriarty, Morris agus Smithwick). In 2015 leathnaigh an Rialtas freagrachtaí ACD go bainistíocht gach costais dhlíthiúil maidir le hélimh in éadan an Stát.

Déantar scrúdú cúramach ar leibhéal na gcostas dlí a foctar le hionadaithe dlí na ngearánaithe agus, nuair is féidir é, déanann GÉS iarracht an laghdú is mó agus is féidir a bhaint amach ar chostais dlí trí idirbheartaíocht. Mura n-éiríonn le GÉS leibhéal na gcostas dlí a foctrar le hionadaithe dlí na ngearánaithe a aontú, is é an Máistir Fómhais a dhéanfaidh an cinneadh sin.

In 2016, shocraigh GÉS 284 bille costais. B'ionann an méid iomlán a éilidh agus €49.2m. Socraíodh na billí seo ar chostas €27.2m – laghdú 45% ar an méid a éilidh.

Comhaontaíodh na hélimh seo go léir gan an gá le cáin, ag seachaint mar sin moill i socrúcháin agus muirir dhleactha stampála ag 8% den dámhachtain faoi cháin.

### Bainistíocht Riosca

Is é cuspóir bainistíocha riosca GÉS cláir oibre riosca diríthe ar dhíobháil phearsanta agus ar dhamáiste réadmhaointe a chur i bhfeidhm chun riosca dhlíthóchta a mhaolú, in údarás Stát agus i bhfiontaí chúram sláinte, d'fhonn costais dhlíthóchta in aghaidh an Stát amach anseo a laghdú. Is mór an "chrúinne riosca" a dhéanann an Stát a shlánu agus a ndéanann GÉS bainistiú uirthi. Mar shampla, cuimsíonn sé breis agus 200,000 fostá de chuid an Stát agus úsáideoirí uile na seirbhís cúram sláinte poiblí (déanann cúram sláinte poiblí teagmháil leis an bpobal thart ar 7 milliún uair in aghaidh na bliana). Cuimsíonn sé freisin seirbhísí poiblí lena ngabhann gníomhaíochtaí riosca níos airde de bharr a gcineáil, amhail cúram cliniciúil a sholáthar in ospidéil, pearsanra Óglaigh na HÉireann atá ar oibríochtaí thar lear, baill den Gharda Síochána atá ar dhualgas oibríochtaí, cigireachtaí custaim, seirbhísí práinnfhreagartha agus coimeád príosúnach.

Díríonn clár GÉS um bainistíocht riosca chliniciúil ar chomhoibriú le bainisteoirí riosca agus le pearsanra eile i bhfiontaí chúram sláinte chun tacú le sábháilteach othar. Díríonn an clár bainistíocha riosca ar chomhairle agus tacaíocht a chur ar fáil d'údarás Stát agus d'fhiontaí chúram sláinte maidir le struchtúir bainistíocha riosca, cothabhlí foirgneamh, sábháilteach dóiteáin, sláinte agus sábháilteach agus bainistíocht comhshaoil.

### Éilimh ar Chostais Dlí a Socraíodh in 2016

Líní na nEileamh ar Chostais a Idirbheartaíodh	Luach €m	Éilimh Chostais a Comhaontaíodh €m	Coigilteas Costas Dlí %
Binse Fiosrúcháin Mahon	39	7.1	2.7
Binse Fiosrúcháin Moriarty	1	0.3	0.2
Binse Fiosrúcháin Morris	11	1.8	1.0
Éilimh Eile	233	39.9	23.4
<b>Iomlán</b>	<b>284</b>	<b>49.2</b>	<b>27.2</b>
			<b>44.5</b>

D'fhéadfadh sé nach dtiocfadh na figiúirí leis an suimiú iomlán de bharr slánú uimhreacha.

## Riosca Cliniciúil

Is tosaíocht bhainistíocha riosca iad seirbhísí máithreachais laistigh den chlár um bainistiú riosca chliniciúil. I rith 2016, lean GÉS lena hathbhreithniú ar thrí ospidéal máithreachais agus 16 aonad máithreachais eile. Rinneadh iarracht san athbhreithniú sin comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir na hospidéil agus na haonaid mháithreachas ó thaobh na bainistíocha riosca.

I measc gníomhaíochtaí suntasacha eile i leith bainistíocha riosca chliniciúil in 2016 bhí an méid seo a leanas:

- Ranpháirtíocht leis an bhFóram Riosca Chliniciúil a bunáodh i gcomhar le Stiúrthóireacht Náisiúnta Fheidhmeannacht na Seirbhise Sláinte, agus cruinnithe rialta le príomhpháirtithe leasmhara eile lena n-áirítear an tÚdarás um Phaisnéis agus Cáilíocht Sláinte, comhlacthaí oiliúna iarchéime, lucht na hardbhainistíocha agus foireann ospidéil ar an líne thosaigh.
- Ceapadh agus soláthar cúrsái riosca chliniciúil ag an leibhéal fochéime do Choláiste Ríoga Lianna na hÉireann agus Scoil Leighis Choláiste na Tríonóide.
- Rinneadh analís ar éilimh dlí-liachta dhúnta maidir le pairilis cheirbreach i rith 2016. Cuirfear torthaí na hanailse seo ar fáil, ar bhonn "ceachtanna foghlamtha", do pháirtithe leasmhara ábhartha le gur féidir foghlaim chuí a chur i bhfeidhm le himeachtaí comhchosúla a bheadh ina gcúis le níos mó éileamh a chosc, chomh fada agus is féidir.

## Riosca Fiontair

Gach bliain ceapann GÉS clár oibre bainistíocha riosca le cabhrú le húdarás Stáit le forbairt agus cur i bhfeidhm beartais agus nósanna imeachta maidir le bainistíochta riosca. I measc gníomhaíochtaí suntasacha i leith bainistiú riosca fiontair in 2016 bhí an méid seo a leanas:

- D'fhoilsigh GÉS mór-athbhreithniú ar ionsaithe príosúnaithe in Éirinn ar fhoireann príosúin olbriochtúla. Cuireadh túis leis an athbhreithniú in 2015, tar éis roinnt ionsaithe fisiciúla foréigneacha a rinne príosúnaithe ar fhoireann Sheirbhís Phríosún na hÉireann. Rinneadh scrúdú san athbhreithniú ar eachtraí ionsáí lena gcúis bhunaidh a fháil amach, le trácht a dhéanamh ar an bhféidearthacht go dtarlóidh siad arís sa todhchaí agus chun moltaí a dhéanamh maidir le feabhsúcháin. Ghlac Seirbhís Phríosún na hÉireann le tuarascáil GÉS ina hiomláine.
- Sheol GÉS, i gcomhar leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus Lónra Bainistíocha ar an Strus a Leanann Teagmhais Chritíciúla Éireann,creat nua nuálach ar líne chun sláinte agus sábháilteach shícedolaíoch a chosaint i ngrúpaí gairme oibrithe ar dóchúil go mbeidís nochta le heachtraí tromchúiseacha mar chuid dá gcuid oibre. Cuireann an creat aiseolas ar fáil maidir le strusairí san ionad oibre, folláine shícedolaíoch fostaithe agus nochta le heachtraí tromchúiseacha san ionad oibre. Tugann sé treoir struchtúrtha freisin a chuireann ar chumas eagraíochtaí pleán gníomhaíochta a fhorbairt chun na strusairí seo a mhaolú.



Sheol GÉS an leagan nua den Chóras Náisiúnta Bainistíocha Teagmhas (CNBT), a tháinig in ionad an chórais STARSWeb, i mí an Mheithimh 2014. Córás rúnda, an-slán agus gréasánbhunaithe atá in CNBT. Uirlis uileghabhálaích bainistíocha riosca atá ann a chuireann ar chumas fiontar teagmhais a bhainistiú thar an tsaoilré ar fad. Áirítear leis sin:

- Tuairisciú teagmhas (lena n-áirítear Imeachtaí Intuairiscithe Tromchúiseacha).
- Bainistíocht imscrúduithe.
- Taifeadadh torthaí imscrúdaithe.
- Taifeadadh moltaí.
- Cuntas a choinneáil ar mholtáí go dtí an deireadh.
- Anailís a dhéanamh ar shonraí maidir leis an teagmhas, leis an imscrúdú agus leis na moltaí, i dteannta feidhmeanna eile.

Cuireann CNBT analís chasta ar fáil do bhainisteoirí riosca na n-údarás Stáit agus do shaineolaithe GÉS féin ar shonraí teagmhas díobhálaích le treochtaí, baill the agus ceachtanna foghlamtha, ag éascú mar sin freagairtí bainistíthe agus maolaithe a chinnteoidh sábháilteach lucht úsáidte seirbhísí, other, fostaithe Stáit agus, sa deireadh, a laghdóidh costas éileamh in éadan an Stáit amach anseo.

In 2016, lean GÉS le rolladh amach CNBT ar fud údarás Stáit. Taifeadadh 160,000 teagmhas i rith 2016, sin méadú 13% ar an mbliain roimhe sin agus tháinig méadú go dtí thart ar 800 ar lón na n-úsáideoirí gníomhacha ó 300 ag deireadh 2015. Forbraíodh céad tuarascáil maidir le príomhfhaisnéis bainistíocha le haghaidh údarás Stáit a raibh riosca níos airde ag baint leo agus cuireadh feabhas mór ar CNBT féin ag an am céanna.

# Comhaltaí na Gníomhaireachta



## Willie Walsh | An Cathaoirleach

(ceaptha ar feadh tréimhse cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)

### Comhalta den Choiste Luach Saothair

Tá Willie Walsh ina Phríomhfheidhmeannach ar International Airlines Group (IAG), máthairchuidéachta Aer Lingus, British Airways, Iberia agus Vueling. Bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar British Airways agus ar Aer Lingus roimhe sin. Is é Uachtarán Chomhlachas Tráchtala agus Tionscail Londan é.



## Maeve Carton | comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse trí bliana ón 22 Nollaig 2014)

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

### Cathaoirleach den Choiste Luach Saothair

Is í Maeve Carton an Stiúrthóir Airgeadais ar CRH. Ó chuaigh sí isteach in CRH in 1988 tá roinnt ról sinsearach comhlíonta aici, go príomha an Stiúrthóir Airgeadais agus roimhe sin an Stiúrthóir Grúpa. Sular thosaigh sí ag obair le CRH, bhí sí ag obair ar feadh roinnt blianta mar chuntasóir cairte le cuideachta idirnáisiúnta cuntasaiochta.



## Gerardine Jones | comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh téarma cúig bliana ón 8 Márta 2017)

### Comhalta den Choiste Infheistíocha

Is cuntasóir cairte í Gerardine Jones a bhuil breis is 30 bliain taithí gnó agus ceannaireachta sinsearaí aici. Tá sí ina Stiúrthóir ar Sharpsburg Consultants Limited faoi láthair agus tá roinnt ról aici freisin mar stiúrthóir neamhfheidhmiúchán, lena n-áirítear le BNY Mellon Fund Services (Éire) DAC, agus ITG Limited. Bhí sí ina Leas-Phríomhfheidhmeannach agus ina Ceannaire Riosca ag Cantor Fitzgerald Ireland roimhe seo, agus ina Stiúrthóir Liostaíthe ag Stocmhálatán na hÉireann.



## Derek Moran | comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

Is é Derek Moran Ard-Rúnaí na Roinne Airgeadais agus tá sé freagrach as cúrsaí beartais um sheirbhísí geilleagrácha, buiséadacha agus fioscacha, baincéireachta agus airgeadais agus as maoirseacht a dhéanamh ar infheistíochtaí na hÉireann i mbainc chlúdaithe agus ar thacaíocht do bhainc chlúdaithe. Is comhalta é de Choimisiún an Bhainc Ceannais agus de Bhord Bainistíocha na Státseirbhise agus is comhalta comhairle é den Fhondúireacht um Staidéir Phioscacha.



## Martin Murphy | comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)

### Cathaoirleach den Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

### Comhalta den Choiste Luach Saothair

Bhí Martin Murphy ina Stiúrthóir Bainistíocha agus ina Chathaoirleach ar Hewlett Packard Fiontraíocht Éireann tráth. Tá sé mar chomhalta boird ar Bhanc Uladh agus ar Scoil Ghnó Smurfit UCD. Tá sé ina chathaoirleach freisin ar Chomhairle an Mhargaidh Saothair, sainghrúpa a thugann comhairle don Rialtas ar bheartas an mhargaidh saothair agus a thugann ionchur maidir le mórcheisteanna fostaíochta i gcoitinne. Bhí sé ina Uachtarán ar Chumann Lucht Trádála Bhaile Átha Cliath tráth.



### Conor O'Kelly | comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

Is é Conor O'Kelly Príomhfeidhmeannach GBCN. Is iar-Leaschathaoirleach é ar Investec Holdings (Ireland) Ltd. Roimhe sin bhí sé ina Phríomhfeidhmeannach ar NCB Group, a fuair Investec plc ina dhiaidh sin. Sula ndeachaigh sé ag obair le NCB mar Cheannasaí loncaim Sheasta, chaith sé 11 bliain le Barclays Capital, áit a raibh roinnt post bainistíocha sinsearai aige.



### Mary Walsh | comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse cúig bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

Is cuntasóir cairte í Mary Walsh, agus iarpáirtí cánach idirnáisiúnta in PricewaterhouseCoopers i mBaile Átha Cliath. Oibríonn sí mar stiúrthóir neamhfheidhmiúchán neamhspleách ar roinnt bord san earnáil phríobháideach agus ar bhoird neamhbhrabús. Bhí roinnt post aici san earnáil phoibl in Éirinn agus san Aontas Eorpach.



### Robert Watt | comhalta Gníomhaireachta

(de bhrí oifige)

#### Comhalta den Choiste Luach Saothair

Tá Robert Watt ina Ard-Rúnaí ar an Roinn Caiteachais Phoibl agus Athchóirithe le freagracht as beartas caiteachais phoibl, as caiteachas caipitiúil agus as Compháirtíochtaí Poibl Príobháideacha agus bainistiú foriomlán agus as athchóiriú na seirbhíse poibl in Éirinn. Eacnamaí atá ann agus tá taithí aige sna hearnálacha poibl agus príobháideacha araon.



### Susan Webb | comhalta Gníomhaireachta

(ceaptha ar feadh tréimhse ceithre bliana ón 22 Nollaig 2014)

#### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

#### Cathaoirleach den Choiste Infheistíochta

Is iar-Stiúrthóir Bainistíochta í Susan Webb ar ionad cisteáin idirnáisiúnta Pfizer lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Tá sí ina stiúrthóir neamhfheidhmiúchán neamhspleách ar Wells Fargo Bank International Unlimited Company agus Depfa Bank plc.

# An Gníomhaireacht agus a Coistí

Bunaíodh GBCN mar Gníomhaireacht (Bord) ina bhfuil naonúr comhaltaí, a bhfuil freagracht uileghabhálach uirthi as gach ceann de na feidhmeanna atá ag GBCN (seachas GNBS agus CBSÉ a bhfuil a mboird ar leith féin acu).

Ceapann an tAire Airgeadais seisear comhaltaí, lena n-áirítear an Cathaoirleach. Tá Príomhfeidhmeannach GBCN agus Ard-Rúnaithe na Roinne Airgeadais agus na Roinne Caiteachais Poiblí agus Athchóirithe ina gcomhaltaí den Gníomhaireacht de bhrí oifige. Tuairiscíonn an Gníomhaireacht don Aire Airgeadais.

Is cúig bliana an téarma oifige atá ag comhalta ceaptha, seachas na chéad chomhaltaí ceaptha a gceaptar beirt acu ar feadh trí bliana agus a gceaptar beirt eile acu ar feadh ceithre bliana. Cinneann an tAire Airgeadais leibhéal an luacha saothair do chomhaltaí ceaptha. Ní fhaigheann na comhaltaí de bhrí oifige aon luach saothair as a gcomhaltaí sa Gníomhaireacht.

Rinneadh roinnt athruithe ar chomholtas na Gníomhaireachta i rith 2016 agus 2017. D'éirigh Brendan McDonagh, a ceapadh an 22 Nollaig 2014, as a chuid oibre leis an nGníomhaireacht le héifeacht ón 24 Deireadh Fómhair 2016. Ceapadh Gerardine Jones sa Gníomhaireacht an 8 Márta 2017.

Tá feidhmeanna GBCN dílsithe sa Gníomhaireacht, a fhéadfaidh feidhmeanna a tharmhigeann don Phríomhfeidhmeannach. Agus í ag comhlíonadh a cuid dualgas, diríonn an Gníomhaireacht ar mhaoirseacht agus treoir straitéiseach a thabhairt don eagraíocht agus ar a chinntí go bhfuil rialuithe iomchuí i bhfeidhm, agus tarmligeann sí cúrsai oibriúcháin don lucht bainistíochta ag an am céanna. Féachann sí le tacáocht agus dúshlán a thabhairt don bhainistíocht maidir le spriocanna GBCN a bhaint amach agus cultúr corporáideach a chothú a chuideoidh chun na spriocanna sin a chomhlíonadh. Tá sceideal foirmíúil ábhar ann a choiméadar le haghaidh chinneadh na Gníomhaireachta. Áirítear leis an sceideal sin:

- Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais.
- Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca.
- Creat Fonn Riosca.
- Straitéis chorparáideach agus spriocanna feidhmeanna corporáideacha agus an aonaid gnó.
- Buiséad oibre.
- Luach Saothair an Phríomhfeidhmeannacha (tar éis dul i gcomhairle leis an Aire).
- Beartas foriomlán maidir le luach saothair.
- Plean Maoinithe an Státhiste.
- Straitéis Infheistíochta CISÉ.
- Infheistíochaí Phunann na hÉireann de chuid CISÉ (déantar cinní infheistíocha suas le €150m a tharmhigeann don Choiste Infheistíochta).

Bhunaigh an Gníomhaireacht roinnt coistí chun cabhrú léi a cuid freagrachtaí a chur i gcrích. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí ceithre choiste ag an nGníomhaireacht, agus téarmaí tagartha foirmíúla ag gach ceann:

- An Coiste Iníúchóireachta.

- An Coiste Infheistíochta.
- An Coiste Riosca.
- An Coiste Luach Saothair.

Rinne an Gníomhaireacht an chéad athbhreithniú bliantúil ar a héifeachtach i rith 2016. Bhí an t-athbhreithniú sin i bhfoirm meastóireachta struchtúrtha, féinmheasúnaithe a rinne an Gníomhaireacht agus a cuid coistí. Ag éirí as an bpróiseas athbhreithnithe, shocraigh an Gníomhaireacht go mbunófáí Coiste Straitéise le haghaidh na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát, ina gcuimseofaí saineolas seachtrach ábhartha, agus go mbainfí tairbhe as mar gheall ar ghné speisialaithe ghnó GÉS agus na dúshláin ar leith atá le sárú aici. D'aontaigh an Gníomhaireacht freisin go mbeadh sé níos éifeachtúla agus go mbeadh sineirgí níos mó dá bharr dá mbunófáí Coiste Iníúchóireachta agus Riosca cónasctha.

Cónascadh an Coiste Iníúchóireachta agus Riosca le héifeacht ón 1 Feabhra 2017. Tá sé beartaithe Coiste Straitéise na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát a bhunú i láir na bliana 2017.

Ghlac an Bord freisin leis an gCód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlacthaí Stáit (an Cód), arna oriúnú i líon teoranta cásanna le himthosca na Gníomhaireachta a léiriú. Tháinig Cód athbhreithnithe i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2016. Tá an nochtdadh a dhéantar sa Tuarascáil Bhliantúil agus sna Ráitis Airgeadais seo ag teacht le ceanglais an chóid roimhe seo in 2009. Tá GBCN i mbun athbhreithniú ar a beartais agus a nósannaimeachta agus tá plean feidhmiúcháin i bhfeidhm aici lena chinntí go gloítear le ceanglais an Chóid athbhreithnithe don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017 agus do na blianta ina dhiaidh sin.

Tá cód chleachtais ghnó i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe na Gníomhaireachta. Táthar ag súil go gcinnteoidh comhaltaí agus fostaithe na Gníomhaireachta go bhfuil a ngníomhaiochtaí go léir á ríalú ag na caighdeáin eiticiúla a léirítear sa chód ábhartha.

Tá Beartas i bhfeidhm ag GBCN maidir le Tuairisciú ar "Éagóir Ábhartha" agus an Beartas maidir le Nochtadh Cosanta trínrá feidir le fostaithe, faoi rún, ábhair imní a ardú faoi mhírialtachaí féidearthá i dtuairisciú airgeadais nó i nithe eile.

Is comhlacht forordaithe poiblí í GBCN chun críocha na nAchtanna um Eitic in Oifigi Poiblí 1995 agus 2001. Chomh maith leis sin tá ceanglais shonracha ann maidir le nochtdadh leasa faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) agus an Cód Cleachtais maidir le Rialachas Comhlacthaí Stáit. Tá nósannaimeachta curtha i bhfeidhm ag GBCN chun cuidíu le Stiúrthóirí a n-oibleagáidí maidir le nochtdadh leasa a chomhlíonadh.

Faigheann an Gníomhaireacht tacáocht ina cuid feidhmeanna ó Rúnáí na Gníomhaireachta a chomhordaíonn freisin feidhmiú choistí éagsúla na Gníomhaireachta: faigheann gach ceann de na coistí tacáocht ó Rúnáí na Gníomhaireachta nó ó Rúnáí Cúnta na Gníomhaireachta.

## Freastal ar Chruinnithe Gníomhaireachta agus Coiste 2016

	Gníomhaireacht	Coiste Infheistíocha	An Coiste Iniúchóireachta	An Coiste Riosca	Coiste Luach Saothair
Líon na gCruinnithe	7	12	6	6	2
<b>Comhaltaí na Gníomhaireachta:</b>					
Willie Walsh	7				2
Maeve Carton	5		6		
Brendan McDonagh	6/6(f)	9/9(f)			2
Derek Moran	7				
Martin Murphy	7		6	6	
Conor O'Kelly	7				
Mary Walsh	6			6	
Robert Watt	6			3	1
Susan Webb	7	12	6		
<b>Comhaltaí Seachtracha:</b>					
John Herlihy		1/4(f)			
Richard Leonard		11			
Mark Ryan		5/5(f)			
Julie Sinnamon		10			

tagraítear le (f) don líon cruinnithe a rabhthas in ann freastal orthu i gcoibhneas leis na dátaí ceapacháin.

## Tuarascálacha Coistí

### Tuarascáil an Choiste Iniúchóireachta

Chabhraigh an Coiste Iniúchóireachta leis an nGníomhaireacht i maoirseacht chálíocht agus shlánaíocht na ráiteas airgeadais, in athbhreithniú agus i monatóireacht ar éifeachtacht na gcorás rialaithe inmheánaigh, an phróisis iniúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíonta, agus in athbhreithniú thorthaí an iniúchóra reachtúil, an tArd-Reactaire Cuntas agus Ciste.

Bhí triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Gníomhaireacht ar an gCoiste. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste an 31 Nollaig 2016:

- Martin Murphy (an Cathaoirleach).
- Maeve Carton.
- Susan Webb.

Ní dhearnadh aon athrú ar chomhantas an Choiste i rith 2016.

Tháinig an Coiste le chéile sé huairé in 2016. Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhgníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

### Tuairisciú airgeadais

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na ráitis airgeadais sular mhol sé don Gníomhaireacht iad. Díriodh san athbhreithniú ar chur i bhfeidhm FRS 102 maidir le ráitis airgeadais an Chiste Infheistíocha Straitéisí d'Eirinn agus an Chuntais Riaracháin, leanúnachas na gcur chuige sna ráitis airgeadais, meastachán agus breithíunaíomachú agus soiléire agus iomláine an nochta.

### Rialuithe Inmheánacha

D'athbhreithnigh an Coiste leorgacht agus éifeachtacht na gcorás rialaithe inmheánaigh agus na ráiteas a bhí le cur san áreamh sna Ráitis Airgeadais maidir le rialuite inmheánacha. Tuairiscíodh thorthaí an Choiste don Gníomhaireacht.

### Comhlíonadh

Rinn an Coiste athbhreithniú agus cheadaigh sí nuashonruithe ar roinnt beartas a bhaineann le comhlíonadh lena n-áirítear Tuairisciú ar "Éagóir Ábhartha" agus an Beartas maidir le Nochtadh Cosanta. Fuair sé tuarascálacha rialta ó gCeannasaí Comhlíonta.

### Iniúchadh Inmheánaach

Fuair an Coiste tuarascálacha rialta ó Cheannasaí an Iniúcta Inmheánaigh (faigheann Ceannasaí an Iniúcta Inmheánaigh tacaíocht ó ghnólacht seachtrach, KPMG i láthair na huaire, a ceapadh chun obair iniúchta inmheánaigh a dhéanamh agus é freagach do Cheannasaí an Iniúcta Inmheánaigh). D'athbhreithnigh an Coiste na príomhtháitil ó thoradh athbhreithnithe iniúchta inmheánaigh aonair a cuireadh i gcrích faoi phlean iniúchta inmheánaigh rioscabhunaithe 2016 a forbraíodh trí dhíriú ar na príomhrioscaí os comhair GBCN. Rinne sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm mholtáí an iniúchta inmheánaigh, cheadaigh sé pleán iniúchta inmheánaigh rioscabhunaithe 2017 agus cheadaigh sé nuashonruithe ar an gcairt iniúchta inmheánaigh.

# An Gníomhaireacht agus a Coistí (ar lean)

## *Iniúchadh Reachtúil*

Rinne an Coiste athbhreithniú ar an bplean iniúchta sheachtraigh roimh an iniúchadh agus tháinig sé le cheile leis an iniúchóir seachtrach chun athbhreithniú a dhéanamh ar na tortaí ar a iniúchadh ar na ráitis airgeadais. D'athbhreithnígh an Coiste freisin freagairt an lucht bainistíocha ar tháití agus ar mholtáí na n-iniúchóirí agus rinne sé monatóireacht, ar bhonn leanúnach, ar chur i bhfeidhm mholtáí an iniúchóra i measc an lucht bainistíocha.

## *Cibearshlándáil*

D'oibrigh an Coiste go dlúth leis an gCoiste Riosca chun monatóireacht a dhéanamh ar chibearshlándáil GBCN, lena n-áirítear athbhreithniú ar an tuarascáil bhliantúil cibearshlándála (arna hullmhú ag gnólacht seachtrach) inar aithníodh cibearbhagairt a bhain le GBCN agus ina ndearnadh measúnú ar chumas GBCN cosaint a thabhairt i gcoinne na mbagairt sin.

## *Údarás Tharmligthe*

Rinne an Coiste athbhreithniú ar na hÚdarás Tharmligthe Chomhdhlúite (na hÚdarás tharmligthe éagsúla ón bPríomhfeidhmeannach síos trí GBCN go léir).

## *Rialachas*

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Gníomhaireacht. Thug sé faoi athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus thug sé tuairisc don Gníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin.

## *Tuarascáil an Choiste Riosca*

Chuidigh an Coiste Riosca leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíocha riosca, lena n-áirítear an fonn riosca a shocrú, monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí agus a chinntíú go sainaithnítear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí.

Bhí triúr comhaltaí neamhfheidhmiúcháin den Gníomhaireacht ar an gCoiste. Ba iad seo a leanas comhaltaí an Choiste an 31 Nollaig 2016:

- Mary Walsh, an Cathaoirleach.
- Martin Murphy (Cathaoirleach an Choiste Iníúchóireachta).
- Robert Watt.

Ní dhearnadh aon athrú ar chomholtas an Choiste i rith 2016.

Tháinig an Coiste le cheile sé huairé in 2016. Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhghníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

## *Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca*

Rinne an Coiste athbhreithniú agus moltáí don Gníomhaireacht maidir le nuashonruithe ar an mBeartas agus Creat um Bainistíocht Riosca ina leagtar síos íoscheanglaíse éigeantacha, ardleibhíl agus codanna bunúsacha le haghaidh bainistíochta riosca a bhaineann le gach aonad gnó agus feidhm chorparáideach in GBCN agus thar gach catagóir riosca.

D'athbhreithnígh agus cheadaigh an Coiste nuashonruithe ar roinnt beartais shonracha riosca dá bhforáltear dóibh sa Bheartas agus Creat um Bainistíocht Riosca: an Beartas um Bainistíocht Riosca Leachtacha, an Beartas um Bainistíoch-

Riosca Creidmheasa an Chontrapháirtí agus an Beartas Frithchhalaoise. Cheadaigh sé freisin an Beartas Riosca Infheistíocha, an Beartas Bainistíocha Riosca Olbriúcháin agus Riosca agus an Creat Féinmeasúnaithe Rialaithe agus teorainneacha agus leibhéal lamháltais maidir le Punann na hÉireann de chuid CISÉ.

## *An Fonn Riosca*

D'athbhreithnígh an Coiste agus mhol sé don Gníomhaireacht nuashonruithe ar an gCreat um Fonn Riosca (ina sainaithnítear an fonn riosca le haghaidh gach ceann de phríomhchatagóirí riosca GBCN) agus rinne sé monatóireacht ar sheasamh GBCN i gcoinne a fhoinn riosca.

## *Athbhreithniú ar Phríomhrioscaí agus ar an gClár Riosca*

D'athbhreithnígh an Coiste na príomhrioscaí atá roimh GBCN bunaithe ar mheasúnú riosca straitéiseach. Rinne sé athbhreithniú freisin ar chláir rioscaí le haghaidh aonaid ghnó GBCN.

## *Monatóireacht ar Rioscaí agus Tuairisciú*

Rinne an Coiste maoirseacht ar feabhsuithe breise ar an tsraith tuarascála rialta ar rioscaí mar uirlis tuairiscithe agus mhonatóireachta agus fuair sé tuarascála rialta ón bPríomhfigeach Riosca. Cheadaigh sé freisin an Plean Gnó bliantúil ar Bhainistíochta Riosca agus rinne sé athbhreithniú ar an gcreat táistála struis agus ar thuarascála eile ó feidhm Bainistíocha Riosca GBCN.

## *Cibearshlándáil*

D'oibrigh an Coiste go dlúth leis an gCoiste Iníúchóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar chibearshlándáil GBCN, lena n-áirítear athbhreithniú ar an tuarascáil bhliantúil cibearshlándála (arna hullmhú ag gnólacht seachtrach) inar aithníodh cibearbhagairt a bhain le GBCN agus ina ndearnadh measúnú ar chumas GBCN cosaint a thabhairt i gcoinne na mbagairt sin.

## *Rialachas*

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Gníomhaireacht. Thug sé faoi athbhreithniú ar a fheidhmíocht agus thug sé tuairisc don Gníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin.

## *Tuarascáil an Choiste Infheistíocha*

Is coiste reachtúil é an Coiste Infheistíocha a bhfuil foráil dó san Acht um Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú).

Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialái agus bainistíochta an Chiste Infheistíocha Straitéisí d'Éirinn trí chinntí a dhéanamh maidir le fail agus diúscairt sócmhainní taobh istigh de pharaiméadair dá leithéid a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíocha an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíocha.

Éilítear go mbeadh ar an gCoiste beirt chomhaltaí ceaptha den Gníomhaireacht agus lón nach mó ná cúigear nach comhaltaí den Gníomhaireacht iad a bhfuil saineolas ábhartha suntasach faigte acu agus atá ceaptha ag an nGníomhaireacht le cead an Aire Airgeadais (comhaltaí

seachtracha). Tá socraithe ag an nGníomhaireacht gur cheart go mbeadh triúr comhaltaí seachtracha ar an gCoiste. Is iad comhaltaí an Choiste:

- Susan Webb, an Cathaoirleach (comhalta Gníomhaireachta).
- Gerardine Jones (comhalta Gníomhaireachta).
- Richard Leonard (comhalta seachtrach). *Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Chomhpháirtí, Grant Thornton Ireland.*
- Mark Ryan (comhalta seachtrach). *Stiúrthóir Cuideachta agus iar-Stiúrthóir Bainistíocha, Accenture Ireland.*
- Julie Sinnamon. *Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Fionraíocht Éireann.*

D'éirigh John Herlihy (comhalta seachtrach) as an gCoiste le héifeacht ón 1 Bealtaine 2016. D'éirigh Brendan McDonagh (an Cathaoirleach) as an gCoiste le héifeacht ón 6 Deireadh Fómhair 2016. Ceapadh Mark Ryan ar an gCoiste le héifeacht ón 18 Iúil 2016. Ceapadh Susan Webb, a bhí ina comhalta den Choiste roimhe sin, mar Chathaoirleach le héifeacht ón 29 Samhain 2016. Ceapadh Gerardine Jones ar an gCoiste le héifeacht ón 29 Márta 2017.

Tháinig an Coiste le chéile 12 uair in 2016. Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhgníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

### Athbhreithniú ar Thograí Infheistíochta

D'athbhreithnígh an Coiste tográí infheistíochta mionsonraithe ón lucht bainistíocha. Tharmlig an Gníomhaireacht cintí faoi thograí infheistíochta suas le €150m tarmligthe chuig an gCoiste. I gcás go dtacaíonn an Coiste le togra infheistíochta níos mó ná €150m, déanann sé moladh maidir leis chuig an nGníomhaireacht. Rinne an Coiste monatóireacht gníomhach freisin ar an sruth infheistíochta chun aiseolas tráthúil a chur ar fáil don lucht bainistíocha ar dheiseartha féidearthá infheistíochta.

### Straitéis Infheistíochta

Nuir a glacadh le straitéis infheistíochta tosaigh CISÉ in 2015, aontaíodh go ndéanfaí athbhreithniú foirmíúil ar an straitéis tar éis 18 mí. Cuireadh túis leis an athbhreithniú sin sa dara leath de 2016. Thug an Coiste comhairle maidir leis an athbhreithniú. Bhí an obair sin ag dul ar aghaidh in 2017.

Chuir an Coiste bearta foirmiúla i bhfeidhm freisin chun monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na straitéis infheistíochta ar bhonn leathbhliain agus rinne sé athbhreithniú ar thagarmharcáil an Chiste. Thug sé faoi deara go raibh toradh 4% ar an sprioc tagarmharcála iomchuí i gcónaí ar leibhéal Ciste.

### Infheistíocht Inbhuanaitheachta agus Fhreagrach

D'athbhreithnígh an Coiste an Beartas maidir le hlinfheistíocht Inbhuanaitheachta agus Fhreagrach CISÉ agus mhol sé é don Gníomhaireacht.

### Éagsúlú Punainne

D'athbhreithnígh an Coiste Creat um Éagsúlú Punainne CISÉ agus d'aontaigh sé go gcuirfi na teorainneacha infheistíochta agus na leibhléil lamhlátais a leagtar síos sa chreat faoi bhráid an Choiste Riosca lena gceadú.

### Monatóireacht agus Athbhreithniú Punainne

Fuair an Coiste tuairisci rialta ón lucht bainistíochta ar fheidhmíochta, sannadh sócmhainní agus tionchar geilleagrach

an Chiste. Chuir sé túis freisin le hathbhreithniú ráithiúil foirmíúil ar fheidhmíochta infheistíochta aonair CISÉ in Éirinn.

### Rialachas

Rinne an Coiste athbhreithniú ar a théarmaí tagartha agus mhol sé leasuithe don Gníomhaireacht. Thug sé faoi athbhreithniú ar a fheidhmíochta agus thug sé tuairisc don Gníomhaireacht maidir leis an athbhreithniú sin.

### Tuarascáil an Choiste Luach Saothair

Cuidíonn an Coiste Luach Saothair leis an nGníomhaireacht trí athbhreithniú agus faomhadh bheartas foriomlán luach saothair GBCN, athbhreithniú agus faomhadh aon scímeanna pá a bhainéann le feidhmíochta arna n-oibriú ag GBCN agus faomhadh na n-íocaíochtaí bliantúla iomlána le déanamh faoi aon scéim mar sin. Déanann sé moltaí freisin don Gníomhaireacht maidir le luach saothair an Phríomhfeidhmeannaigh.

Tá ceathrar comhaltaí ar an gCoiste, a cheap an Gníomhaireacht:

- Maeve Carton, an Cathaoirleach.
- Martin Murphy.
- Willie Walsh.
- Robert Watt.

Bhí Brendan McDonagh ina Chathaoirleach ar an gCoiste go dtí gur éirigh sé as mar chomhalta den Gníomhaireacht le héifeacht ón 24 Deireadh Fómhair 2016. Ceapadh Maeve Carton ar an gCoiste mar Chathaoirleach le héifeacht ón 29 Márta 2017.

Tháinig an Coiste le chéile faoi dhó in 2016.

Áiríodh iad seo a leanas ar phríomhgníomhaíochtaí an Choiste in 2016:

### Luach Saothair

D'fhaomh an Coiste Beartas Luach Saothair foirmíúil le paraíméadar a shainmhíniú chun go bhféadfaidh an Príomhfeidhmeannach agus an lucht bainistíocha iad a fheidhmiú le fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil agus le hardfheidhmiúchta a spreagadh san fhoireann, ach a bheith ag cloí le dlí infheidhme, ag líriú dea-rialachas corporáideach agus comhsheasmhacht le bainistíochta riosca fhóna agus éifeachtach, agus á cur sin chun cinn. D'athbhreithnígh agus cheadaigh an Coiste an méid iomlán in íocaíochtaí a bhain le feidhmíochta a bhí le déanamh maidir le 2015.

### Ceapachán

Rinne an Coiste athbhreithniú ar ghearrliosta iarrthóirí le haghaidh an fholúntais do chomhalta seachtrach ar an gCoiste Infheistíochta a tharla i rith 2016 agus rinne sé moladh don Gníomhaireacht maidir leis an bhfolúntas sin a lónadh. Thug an Coiste tacaíocht agus cúnamh freisin don Chathaoirleach chun a ról a chur i gcrích maidir leis an bhfolúntas i gcomholtas na Gníomhaireachta a tháinig chun cinn i rith 2016 agus lónadh an folúntas faoi phróiseas measúnaithe Sheirbhís na gCeapachán Poiblí chun tacú leis an Aire ábhartha ceapachán a dhéanamh ar Bhoird Stáit faoina s(h)aindulagás.

# Bainistíocht Riosca

## Maoirseacht agus Rialachas

Tá cur chuige GBCN maidir le bainistíocht riosca bunaithe ar an tsamhail "trí líne chosanta" agus é ceaptha chun tacú lena sainorduithe a chur i gcrích trí rioscaí, a thagann chun cinn nuair atá GBCN ag baint amach a cuspóirí straitéiseacha, a bhainistiú go réamhghníomhach.

Le linn 2016, lean GBCN ag forbairt a clár bainistíochta riosca, lena n-áirítear a feidhm bainistíocha riosca i dtaca le hinfheistíocht dara líne agus leathnáigh sí agus d'fheabhsaigh sí a monatóireacht agus tuairisciú riosca.

Leagann an Ghníomhaireacht síos an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca agus an Creat Fonn Riosca.

Cuidíonn an Coiste Iníúchóireachta agus Riosca leis an nGníomhaireacht maoirseacht a dhéanamh ar an gcreat bainistíochta riosca, lena n-áirítear monatóireacht ar mar atáthar ag cloí le rialachas rioscaí agus a chinntí go sainaithnítear, go measúnaítear, go mbainistítear agus go dtuairiscítear rioscaí go cuí.

Déanann Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair feidhmiúchán maoirseacht ar fheidhmiú fonn riosca foriomlán GBCN agus ar bhunú córas cuí ag lucht ardbainistíochta lena chinntí go ndéantar aon rioscaí fiontair a shainainthint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach. Tá an Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair freagrach as a chinntí go ndéantar rioscaí ábhartha ar fud GBCN a thuairisciú ar bhealach comhleanúnach agus comhtháite don Choiste Iníúchóireachta agus Riosca.

## Beartas agus Creat

Sainíonn an Beartas agus Creat um Bainistíocht Riosca na caighdeán le haghaidh bainistíocht riosca ar fud na heagraíochta agus leagann sé amach na socruithe trína mbaintear sin amach. Áirítear leo sin cuspóir, beartas, creat, freagrachtaí agus próisis a thacaíonn le bainistíocht éifeachtach agus chomhtháite riosca, ag teacht le fonn riosca comhaontaithe na Gníomhaireachta. Tá a fonn riosca sainithe ag GBCN maidir le gach ceann dá catagóirí riosca agus tomhaiseann sí neamhchosantí riosca trí phríomhtháscáirí riosca a úsáid.

Déantar athbhreithniú bliantúil ar an mBeartas agus Creat um Bainistíocht Riosca agus ar an gCreat Fonn Riosca lena chinntí go bhfuil siad fós ábhartha agus cothrom le dáta.

## Múnlá na dTrí Líne Chosanta

### An Chéad Líne Gníomhaíochtaí Gnó

- Rioscaí a bhaineann le gníomhaíochtaí gnó a shealbhú
- Breithíunas gnó a fheidhmiú le riosca a mheas
- A chinntí go bhfuil gníomhaíochtaí gnó laistigh de bheartais fonn riosca na Gníomhaireachta

### An Dara Líne Bainistíocht Riosca agus Feidhmeanna Rialaithe eile

- Athbhreithniú neamhspleách agus dúshlán don chéad líne chosanta
- Feidhmiú cleachtas bainistíochta riosca éifeachtacha a éascú agus a fhaire go neamhspleách
- Freagracht as forbairt beartas riosca, tomhas agus tuairisciú, teorainneacha agus rialuithe, maoirseacht agus monatóireacht
- Oiliúint, uirlísí agus comhairle a chur ar fáil le tacú le beartas riosca agus comhlíonta

### Tríú Líne Iníúchadh Inmheánach

Soláthraíonn sí deimhniú neamhspleách, réasúnach, deimhniú riosca-bhunaithe maidir le stóinseacht an chórais bainistíochta riosca, rialachas agus dearadh agus éifeachtacht oibríochtaíil na timpeallachta rialaithe inmheánaigh

## Measúnú Riosca

Ceapadh na próisis measúnaithe riosca lena chinntíú go mbainistíonn GBCN a rioscaí laistigh dá fonn riosca comhaontaithe, go sainaithnítear rioscaí ábhartha agus go ndéantar monatóireacht ar bhainistíocht riosca laistigh de róil agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir.

Éilitear ar gach aonad gnó faoi leith a rioscaí a fhéinmheasúnú agus a athbhreithniú agus iad a thaifeadadh i gcláir riosca. Déanann an t-athbhreithniú na nithe seo a leanas:

- Na rioscaí don ghnó a shainaithint nó a athdhearbhú agus a aicmiú.
- Tionchar agus dóchúlacht riosca nádúrtha a mheasúnú.

● Córithé agus rialuithe molta a shainaithint; úinéirí a shannadh le haghaidh aon phleananna gníomháochta comhaontaithe.

● Tuairisciú ar fheidhmiú beart agus rialuithe le tabhairt faoi na rioscaí iarmharacha.

Cuireann gach aonad gnó a gcláir riosca i láthair an Choiste Bainistíocha Riosca Fointair agus an Choiste Iníúchóireachta agus Riosca uair amháin sa bliaín ar a laghad.

## Príomhrioscaí

Déanann an Coiste Bainistíocha Riosca Fointair measúnú riosca straitéisigh faoi dhó sa bliaín, ag a bhuil de chuspóir na príomhrioscaí ó thaobh GBCN de ar fad a shainaithint. Déanann an Coiste Iníúchóireachta agus Riosca agus an Ghníomhaireacht measúnú ansin ar na príomhrioscaí.

### Príomhrioscaí

Riosca	Cur Síos ar Riosca
<b>Riosca Geilleagrách, Geopholaitiúil agus Margaidh</b>	D'fhéadfadh dálaí foircneacha geilleagracha, tírdreach polaitiúil corrach agus luaineacht margaidh drochthionchar a imirt ar GBCN. I measc iarmhairtí féideartha tá fadhbanna le rochtain ar mhaoiniú nó deiseanna infheistíochta, meath ar inbhuanaitheacht fiachais, costais ardaithe as fónamh d'fhiachas nó tortháil infheistíochta mífhabhracha.
<b>Riosca Infheistíochta</b>	Tá GBCN freagrach as infheistíochtaí a dhéanamh mar chuid dá sainordú. Ina measc seo tá infheistíochtaí díreacha agus ceanglais do bhainisteoírí infheistíochta tríú páirtí. Mar gheall ar dhorch-chinní infheistíochta nó drochbhainistíochta ar réamh-phróisis nó iar-phróisis infheistíochta d'fhéadfaí damáiste airgeadais a dhéanamh nó droch-chlú a tharraingt uirthi.
<b>Riosca Páirtithe Leasmhara</b>	Tá grúpa scairshealbhóirí leathan agus éagsúil ag GBCN, lena n-áirítear Airí agus Ranna Rialtais, contrapháirtithe sa mhargadh agus compháirtithe infheistíochta. Toisc go bhfuil a príomhchuspóirí gnó á rialú go príomha ag reachtaíoch agus ag treoirínte aireachta, má theiptear oibriú le scairshealbhóirí, agus/nó a n-ionchais a bhainistíú i gcomhthéacs tosaíochtaí iomaíocha, d'fhéadfadh tionchar a bheith aige sin ar a cumas a cuid cuspóirí a bhaint amach.
<b>Riosca Iompraíochta</b>	D'fhéadfadh tionchar a bheith ag iompair mhí-eiticiúla, easpa tréadhearcacha nó cuntasachta ar shainorduithe GBCN a chur i gcrích, rud a tharraingeodh droch-chláil uirthi.
<b>Riosca Oibríochtaí</b>	Tá riosca oibríochtaí nádúrtha i ggníomháochtaí GBCN go léir. Feictear do GBCN go bhfuil príoseáil idirbheart, teicneolaíocht faisnéise, slándáil sonráí, cibear-ionsáil, calaois, agus leanúnachas gnó ar a príomhrioscaí oibriúcháin.
<b>Riosca Tríú Páirtí</b>	Braitheann GBCN ar roinnt soláthróirí tríú páirtí le bheith in ann a sainorduithe a chur i gcrích. Má theipeann ar GBCN maoirseacht agus bainistíochta a dhéanamh ar thríú páirtithe, nó má theipeann ar an tríú páirtí soláthar a dhéanamh nó gníomhú ar bhealach atá comhsheasmhach le riachtanais GBCN, féadfaidh damáiste airgeadais agus/nó clú bheith ann.
<b>Riosca Athraithe</b>	Tá athrú mór ar bun ar GBCN le roinnt blianta anuas, ina measc áitreabhdh nua agus mórchórais nua TF a chur i bhfeidhm. Mura mbíonn cur chuige straitéiseach, comhordaithe agus cuimsitheach ann maidir leis an athrú a bhainistíú féadfaidh sé sin cur isteach go mór ar an ngnoí, beidh sé in ann caillteanas airgeadais a chruthú nó damáiste a dhéanamh do chlú na heagraíochta.
<b>Daóine agus Riosca Cultúir</b>	<b>Daóine</b> Cuireann GBCN raon gníomháochtaí speisialaithe i gcrích thar ceann an Stáit. Má theipeann uirthi lucht oibre sách oilte a bhfuil dóthain taithí acu a earcú, a choinneáil agus a forbairt féadfaidh seo drochthionchar a imirt ar a cumas a shainorduithe a chur i gcrích. <b>Cultúr</b> Tá cultúr ina gceadáitear do na daóine in GBCN plé oscailte a bheith acu agus gníomhú maidir le rioscaí na heagraíochta anois agus sa todhcháí thar a bheith tábhachtach. Má chuirtear isteach ar aon bhealach ar an gcultúr sin, féadfaidh sé tionchar diúltach a imirt ar na daóine sa GBCN agus ar a cumas a cuid spriocanna straitéiseacha a chur i gcrích.

Féadfaidh rioscaí agus neamhchinnteachtaí eile bheith ann nach meastar a bheith ábhartha fós nó nach eol don Ghníomhaireacht fós iad agus féadfaidh na príomhrioscaí athrú chun forbairtí mar seo a chur san áireamh.

# An Fhoireann Bhainistíochta



**Conor O'Kelly**  
An Príomhfeidhmeannach



**Ian Black**  
An Príomhoifigeach Airgeadais agus  
Feidhmiúcháin



**Ciarán Breen**  
Stiúrthóir, An Ghníomhaireacht um  
Éillimh ar an Stát



**Sinéad Brennan**  
Stiúrthóir, Acmhainní Daonna



**Des Carville**  
An Ceann Baincéireachta  
(ar iasach ag an Roinn Airgeadais)



**Eileen Fitzpatrick**  
Stiúrthóir, RÉnua



**Brian Murphy**  
Stiúrthóir, an Ghníomhaireacht  
Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta



**Eugene O'Callaghan**  
Stiúrthóir, an Ciste Infheistíocha  
Straitéisí d'Éirinn



**Frank O'Connor**  
Stiúrthóir, Maoiniú agus Bainistiú Fiach



**Andrew O'Flanagan**  
An Príomhoifigeach Dlí

# Soláthar Foirne agus Luach Saothair

Cuireann GBCN a sainorduithe i gcrích trí chuíg aonad gnó: an tAonad um Maoiniú agus Bainistiú Fiach, Aonad an Chiste Infheistíochta Straitéiséi d'Éirinn, an Ghníomhaireacht Airgeadais d'Fhorbairt Náisiúnta, RÉnua agus an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Faigheann aonaid ghnó GBCN tacaíocht óna feidhmeanna corporáideacha a thugann seirbhísí ar fud na réimsí seo a leanas: Airgeadas, Oibríochtaí, Teicneolaíocht Faisnéise, Riosca, Acmhainní Daonna, Gnóthaí DLÍ, Comhlíonadh, Cumarsáid agus Iníúchadh Inmheánach.

Tá roinnt ball foirne de chuid GBCN ar iasacht leis an Roinn Airgeadais tar éis aisghairm tharmhleagán fheidhmeanna córais bhaincéireachta an Aire Airgeadais chuig GBCN ó mhí Lúnasa 2011.

Sannann GBCN baill foirne don Ghníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní (GNBS) agus do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann (CBSÉ) agus soláthraíonn sí seirbhísí agus córais ghnó agus tacaíochta di. Déanann GNBS agus CBSÉ aisfocaíocht do GBCN as costas na seirbhísí sin (costais bhall foirne san áireamh). Is aonán neamhspleácha iad GNBS agus CBSÉ agus tá a mboird féin acu.

Seachas baill foirne atá sannta do GNBS agus CBSÉ, bhí 464 fostáí ag GBCN ag deireadh 2016. Bhí 302 fostáí sannta do GNBS agus bhí 16 fhostaí sannta do CBSÉ.

Tá múnlá luach saothair GBCN bunaithe ar chonartháí fostáiochta a idirbheartaitear ina n-aonair faoi rún, le luach saothair iomaíoch, ailínithe don mhargadh. Is é atá sa ghnáthphacáiste luach saothair buntuarastal seasta, teidlíocht pinsin agus soláthar le haghaidh pá lánrognach maidir le feidhmíocht. I líon teoranta cásanna fótar liúntais nó sochar eile.

Is é cuspoír GBCN a chinntíú go n-éascaíonn a socrutithe luach saothair í ag mealladh, ag forbairt, agus ag coinneáil fostaithe ardfheidhmíochta agus spreagtha, le scileanna agus taithí iomchuí, lena chinntíú gur féidir le GBCN a feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh go hiomlán ar bhealach éifeachtach agus éifeachtúil, ag comhlíonadh ag an am céanna an dlí infheidhmithe. Tá sé d'aidhm aici córas luach saothair a fheidhmiú:

- a ligean do GBCN a bheith iomaíoch go héifeachtach sa mhargadh oibre agus fostaithe ar ardchaighdeán a earcú agus a choinneáil.
- a léiríonn cuspoírí GBCN le haghaidh dea-rialachas corporáideach.
- a bainistíonn luach saothair ar bhealach iomchuí agus a spreagann leibhéal ard feidhmíochta.
- atá comhsheasmhach le bainistíocht riosca fhóntha agus éifeachtach agus a chuireann sin chun cinn.

Tá íocaíochtaí lánrognacha maidir le feidhmíocht ceaptha le feidhmíocht eisceachtúil a chuíteamh, le haird ar fheidhmíocht an fhostaí féin, feidhmíocht réimse freagrachta an fhostaí, agus feidhmíocht fhioriomlán GBCN. Déantar íocaíochtaí maidir le feidhmíocht de réir paraiméadar atá faofa ag Coiste Luach Saothair neamhfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta. Déantar an méid foriomlán íocaíochtaí maidir le feidhmíocht i leith aon bhliain faoi réir fhaomhadh an Choiste Luach Saothair freisin.

Rinne GBCN íocaíochtaí a bhain le feidhmíocht le 115 ball foirne in 2017 i leith 2016. B'ionann na híocaíochtaí agus €1,175,050 san ionmlán. Le linn 2016 rinne GBCN íocaíochtaí maidir le feidhmíocht le 60 ball foirne arbh ionann san ionmlán iad agus €492,500 i leith 2015.

## Luach Saothair GBCN ag Deireadh 2016

Buntuarastal	Luach Saothair ionmlán
suas go €50,000	129
€50,001 go €75,000	150
€75,001 go €100,000	86
€100,001 go €125,000	39
€125,001 go €150,000	21
€150,001 go €175,000	17
€175,001 go €200,000	12
€200,001 go €225,000	1
€225,001 go €250,000	1
€250,001 go €275,000	3
€275,001 go €300,000	2
€300,001 go €325,000	1
€325,001 go €350,000	1
€350,001 go €375,000	0
€375,001 go €400,000	0
€400,001 go €425,000	0
€425,001 go €450,000	0
€450,001 go €475,000	0
€475,001 go €500,000	1
<b>ionmlán</b>	<b>464</b>
	<b>464</b>

Tabhair faoi deara: Leagtar amach buntuarastal ar bhonn pro-rata. Mar chuid de luach saothair ionmlán tá buntuarastal agus aon sochar incháinithe eile a fótar le fostaithe (lena n-dáirítear íocaíochtaí maidir le feidhmíocht a fócadh in 2016 i leith 2015). Níl ranníocaíochta pinsin fostóra san áireamh. Cuirtear asbhaint phinsin na seirbhísé poiblí i bhfeidhm d'fostaithe GBCN.

## Tuairisc ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Oibrionn GBCN i bhFoирgneamh an Státhiste ar Shráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2. In 2016, d'úsáid GBCN 2,057,410 kWh de leictreachas, arb ionann é agus 2,707 kWh a úsáid ar an meán in aghaidh an fhostaí. Cuirtear é sin i gcomparáid le 2,585 kWh a úsáid ar an meán in aghaidh an fhostaí in 2015 – méadú 5% in aghaidh an fhostaí i gcomparáid le figiúr 2015. Tharla an méadú sin ar an úsáid ar an meán in aghaidh an fhostaí in 2016 mar gheall ar laghdú ar mheánlíon na bhfostaithe i rith na bliana.

Tá Foирgneamh an Státhiste os cionn 25 bliain d'aois agus rátáil BER de "F" ar an meán aige. Cuireann sé sin le cailleánas fuinnimh trí dhéanamh an fhoirgnimh. Is é an tiarna talún a chuireann an t-aerchóiriú ar fáil san fhoирgneamh agus tá sé á chumhachtaí ag gás nádúrtha.

D'fheistigh an tiarna talún tras-seoltaí athraitheacha atá tíosach ar fhuinneamh ar na haonaid láimhseála aeir i bhFoирgneamh an Státhiste i rith 2016.

Tá sé aontaithe ag GBCN spás a léasú sna Duga Thuaidh i mBaile Átha Cliath ó dheireadh na bliana 2018. Tá an foирgneamh nua á thógáil agus é deartha chun rátáil Platanim LEED 2009 agus caighdeán rátála fuinnimh BER A3 a bhaint amach.

# Ráitis Airgeadais

Arna n-ullmhú ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta de réir Alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990

Ráiteas ar Fhreagrachtaí GBCN	52
Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais	53
Fiachas Náisiúnta na hÉireann	55
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta - Cuntas Riarracháin	75
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	99
An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	107
Ciste na gCuntas Díomhaoin	117
Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn	131

Réamhrá	Athbhreithniú Gnó	Rialachas agus Faisméis Chorparáideach	Ráitis Airgeadais	Punann Infheistíochtaí - CISÉ
---------	-------------------	--	-------------------	-------------------------------

## Ráiteas ar Fhreagrachtaí

Ceanglaítear leis na hAchtanna um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990 go 2014 ar Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Gníomhaireacht") ráitis airgeadais a ullmhú i leith a hoibríochtaí do gach bliain airgeadais.

Agus na ráitis sin á n-ullmhú, déanann an Gníomhaireacht:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithíúnais agus meastachán atá réasúnta agus críonna;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an Gníomhaireacht freagach as coimeád, i cibé foirm a cheadóidh an tAire, na gcontas go léir is cuí agus is gnách ar an airgead go léir a gheobhaidh an túdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am ar bith, mar a sheasann cursaí airgeadas na Gníomhaireachta, a cistí agus an Fiachas Náisiúnta.

Tá an Gníomhaireacht freagach freisin as sócmhainní faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

## Freagrácht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh Airgeadais

Tugaimid aird ar an bhfreagrácht as a chinntíú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Ní féidir leis an gcóras ach dearbhú réasúnta, agus ní iomlán, a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhaínní, go dtugtar údarás do gach idirbheart agus go dtaifeadtar iad i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath go tráthúil.

## Príomhnósanna Imeachta Rialaithe

Rinneamar roinnt beart chun a chinntíú gurb ann do thimpeallacht chuí rialaithe trí thabhairt faoi na nithe seo a leanas:

- struchtúir rialachais iomchuí a bhunú mar a mbeadh freagráchtaí bainistíochta atá sainmhínithe go soiléir;
- nósanna imeachta foirmíula a bhunú chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntíú;
- Coiste Iniúchta a bhunú chun comhairle a chur orainn maidir le feidhmiú ár bhfreagráchtaí i leith an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais.

Tá nósanna imeachta curtha ar bun ag Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta ('an Gníomhaireacht') chun rioscaí gnó a shainaithint agus a mheasúnú mar seo a leanas:

- cineál, méid agus impleacht airgeadais na rioscaí atá roimh an eagraíocht a shainaithint;
- an chosúlacht go dtarlóidh rioscaí sainaitheanta a mheas;
- cumas na heagraíochta a mheas i ndáil le rioscaí a dtagann ann dóibh a bhainistiú agus a mhaolú;
- na costais a bhaineann le rialuithe áirithe a fheidhmiú i gcomparáid leis an tairbhe a bhaineann leo a mheas.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar chreatlach d'fhaisnéis rialta bhainistíochta, nósanna imeachta riarracháin, lena n-áirítear leithisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Áirítear leis sin go háirithe:

- córas cuimsitheach buiséadaithe le buiséad blantúil a ndéanann comhaltaí na Gníomhaireachta é a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus ansin é a chur faoi bhráid an Aire Airgeadais;
- athbhreithníthe rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsíúla agus blantúla a thaispeánann feidhmíocht airgeadais le hais réamhaisnéisi;
- socru spriocanna chun feidhmíocht airgeadais agus feidhmíocht eile a thomhas;
- treoirínte atá sainmhínithe go soiléir maidir le rialú infheistíocht chaipitil;
- disciplíni foirmíula bainistíochta tionscadail;
- glacadh le beartas Frith-Chalaoise agus leis an mBeartas um Thuairisciú 'Éagóra Ábhartha' agus Nochtuithe Cosanta (ar ar tugadh an Beartas Tuairiscithe de Mheon Macánta roimhe seo).

Tá Coiste Iniúchta ag an nGníomhaireacht, a fheidhmíonn de réir phriónsabail an Chóid Cleachtais do Rialachas na gComhlachtaí Stáit. Déanann an Coiste Iniúchta seo maoírsíú ar fheidhm iniúchta inmheánaigh na Gníomhaireachta. Cuirtear obair na feidhme iniúchta inmheánaigh ar an eolas trí anailís ar na rioscaí a bhfuil an Gníomhaireacht nocta dóibh, agus bunaítear pleannanna blantúla maidir le hiniúchadh inmheánaigh ar an anailís seo. Déantar na pleannanna rioscabhunaithe iniúchta inmheánaigh a chomhaontú leis an bPríomhfheidhmeannach agus le bainistíochta na Gníomhaireachta agus déanann Coiste Iniúchta na Gníomhaireachta iad a fhaomhadh. Ar bhonn rialta, soláthraíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh tuarascáil maidir le gníomhaíocht iniúchta inmheánaigh do lucht bainistíochta na Gníomhaireachta agus do Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta. Tugtar breac-chuntas sna tuarascálacha sin ar aon torthaí agus ar aon mholtáí maidir le rialuithe inmheánacha a ndearnadh athbhreithniú orthu. Déantar monatóireacht ar an dul chun cinn i gcomparáid leis na moltaí agus déantar é a thuairisciú don Choiste Iniúchta.

Tá Cód Cleachtais maidir le Rúndacht agus lompar Gairmiúil ag an nGníomhaireacht ina leagtar amach caighdeáin chomhaontaithe na bpriónsabail agus an chleachtais maidir le rúndacht, coinbhleacht leasa, déileáil chos istigh, cúbláil margaidh agus idirbhearta cuntas phearsanta.

Tá creatlach oiriúnach i bhfeidhm ag an nGníomhaireacht chun a chinntíú go gcomhlíontar na hAchtanna um Chosaint Sonrai. Mar chuid den chreatlach sin, chuir an Gníomhaireacht córais agus rialuithe i bhfeidhm chun srian a chur leis an rochtain ar shonraí rúnda. Faoin gcreatlach sin, sa chás go dtagann an Gníomhaireacht ar an eolas faoi shárú nó faoi shárú líomhnaithe sonrai rúnda, déantar iniúchadh iomlán air agus déantar é a thuairisciú do na húdaráis chuí nuair is gá.

Mar threoir agus mar bhonn eolais faoin monatóireacht agus faoin athbhreithniú a dhéanann an Gníomhaireacht ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais, tá na bainisteoírí laistigh den Gníomhaireacht freagrach as forbairt agus as cothabháil na creatláí rialaithe airgeadais, torthaí obair na feidhme iniúchta inmheánaigh tá tuairimí an Ard-Reachteaire Cuntas agus Ciste i litreacha bainistíochta nó i dtuarascálacha eile.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

### Athbhreithniú Blantúil ar Rialuithe

Deimhnímid go ndearnamar, comhaltaí na Gníomhaireachta, agus comhairle glactha againn ó Choiste Iniúchta na Gníomhaireachta, athbhreithniú ar éifeachtúlacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2017.


Thar ceann chomhaltaí na Gníomhaireachta



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017



**Martin Murphy, Cathaoirleach, Coiste Iniúchta**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Ráitis Airgeadais de chuid

# Fiachas Náisiúnta na hÉireann

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

---

Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste	56
Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta	58
Ráiteas ar an bhFiachas Náisiúnta	59
Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta	60
Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta	61
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	62

---

## Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Fhiachas Náisiúnta na hÉireann don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh). Tá cuimsithe sna ráitis airgeadais fónamh ar an bhfiachas náisiúnta, an ráiteas ar fhiachas náisiúnta, an ráiteas ar shreabhadh airgid an fhiachais náisiúnta, an ráiteas ar ghluaiseacht san fhiachas náisiúnta agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh).

### Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go cuirtear an t-iarmhéis gan íoc ar an bhFiachas Náisiúnta ag deireadh na bliana agus an costas a bhaineann le fónamh ar an bhfiachas don bhliain i láthair mar is ceart iontu, agus as rialtacht na n-idirbhheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtáil Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlíonadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsionn sé seo measúnú ar

- cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta iomchuí ó thaobh na gcúinsí de, cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta de réir mar is cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáiochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbhheart airgeadais le linn an iniúchta.

Léim an t-eolas faoin bhfiachas náisiúnta i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta lena shainaithint an bhfuil aon neamhréireachtaí ábhartha ann i dtaca leis na ráitis iniúchta airgeadais agus lena shainaithint an bhfuil aon fhaisnéis ann ar cosúil í a bheith mícheart nó neamhréreach go hábhartha, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireachtaí ábhartha fhollasach ar bith, breathnáim ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, cuirtear i láthair mar is ceart sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh san fhoirm a forordaíodh faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (mar a leasaíodh), an t-iarmhéis gan íoc ar an bhfiachas náisiúnta mar a bhí an 31 Nollaig 2016 agus an costas le fónamh ar an bhfiachas don bhliain 2016.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair ar a dtuairiscim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta i dtaca leis an bhfiachas náisiúnta ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.

*Seamus McCarthy.*

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Bealtaine 2017

## Fónamh ar an bhFiachas Náisiúnta

don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €m	2015 €m
Ús ioctha	3	6,798	7,016
Ús a fuarthas agus ioncam eile	4	(57)	(37)
Táillí agus Costais Oibriúcháin	6	104	128
<b>Costas Fónaimh d'Fhiachas Iomlán</b>		<b>6,845</b>	<b>7,107</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta

Ag 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €m	2015 €m
<b>Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach</b>			
Bannaí Rialtas na hÉireann	7	121,645	125,086
Maoiniú Chlár AE / CAI	8	50,298	49,747
Iasachtaí Eile Meántéarmacha / Fadtéarmacha	9	1,698	1,168
		173,641	176,001
<b>Fiachas Gearrthéarmach</b>			
Páipéar Gearrthéarmach	10	3,375	2,347
Iasachtaí ó Chistí Aire	11	2,519	1,579
		5,894	3,926
<b>Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>			
Táirgí Coigiltis Stáit	12	17,194	16,692
<b>Ollfhiachas Náisiúnta</b>		<b>196,729</b>	<b>196,619</b>
Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile	13	(11,119)	(13,554)
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>14</b>	<b>185,610</b>	<b>183,065</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Réamhrá

Athbhreithniú Gnó

Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach

Ráitis Airgeadais

Rúnann Infeistíochtaí - CISÉ

## Ráiteas ar Shreabhadh Airgid an Fhiachais Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €m	2015 €m
<b>Gluaiseacht in larmhéideanna Státhiste:</b>			
larmhéid Tosaigh i gCuntas an Státhiste	13	7,964	4,089
Laghdú ar Shócmhainní Airgeadais Eile	13	2,856	5,080
Glan-Aisíocaíocht Fiachais (féach thíos)		(1,417)	(1,141)
		9,403	8,028
Easnamh Státhiste		(1,018)	(64)
<b>larmhéid ag 31 Nollaig</b>	<b>13</b>	<b>8,385</b>	<b>7,964</b>
<hr/>			
		2016 Net <sup>1</sup> €m	2015 Net <sup>1</sup> €m
<b>Glaniasachtaíocht / (Glan-aisíocaíocht) Fiachais:</b>			
<b>Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach</b>			
Bannaí Rialtas na hÉireann		(4,992)	8,058
Maoiniú Chlár AE / CAI		557	(9,068)
lasachtaí Eile Meántéarmacha / Fadtéarmacha	9	530	241
<b>Fiachas Gearrthéarmach</b>			
Páipéar Gearrthéarmach		1,046	(1,736)
lasachtaí ó Chistí Aire	11	940	1,056
<b>Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>			
Táirgí Coigiltis Stáit	12	502	308
<b>Glan-Aisíocaíocht Fiachais</b>		<b>(1,417)</b>	<b>(1,141)</b>

<sup>1</sup> Léiríonn na suimeanna an glaniasachtaíocht nó an glan-aisíocaíocht fiachais sa bhliain, lena n-áirítear tar-rolladh fiachais agus idirbhhearta gaolmhara fáilithe.

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas ar Ghluaiseacht san Fhiachas Náisiúnta

An bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €m	2015 €m
Fiachas Náisiúnta ag 1 Eanáir	14	183,065	182,309
Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil)		2,545	756
<b>Fiachas Náisiúnta ag 31 Nollaig</b>	<b>14</b>	<b>185,610</b>	<b>183,065</b>

## Méadú ar Fhiachas Náisiúnta (ainmniúil) ionadaithe ag:

Easnamh Státhiste	1,018	64
Éifeacht na nGluaiseachtaí i Rátaí Malairte Eachtraí	(24)	(7)
Glanphréimh ar lasachtaí Meántéarmacha / Fadtéarmacha	-	10
Glanphréimh ar Eisiúintí agus Cealuithe Bannaí	1,551	689
	<b>2,545</b>	<b>756</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Cúlra

Faoi Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990, comhlíonann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta ("an Ghníomhaireacht") feidhmeanna iasachta agus Bainistíochta an Fhiachais Náisiúnta thar ceann an Aire Airgeadais.

Tá foirm na ráiteas ceadaithe ag an Aire Airgeadais faoi alt 12 den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990.

Airítear freisin le ráitis airgeadas an Fhiachais Náisiúnta nótaí nochtá i ndáil le Cuntas Réamh-Ús lasachtaí Náisiúnta, Cuntas na nlasachtaí Náisiúnta (Foircéannadh), Cuntas Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Díbhinní nár Éilíodh), Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce agus Cuntas ar Stoc ar Glacadh Leis mar Íocaíocht ar Cháin Oidhreachta agus ar Dhleachtanna Báis. Ós rud é gur cuntas oibríochtúla iad seo a cuireadh ar bun chun críocha sainiúla, ní áirítear a n-iarmhéideanna airgid le hiarmhéid Chuntas an Státhchiste arna tuairisciú faoi Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile sa Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta.

### 2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016, bunaithe ar airgead agus faoi choimhinsiún an chostais stairiúil ach amháin nuair a shonraítear a mhalaírt.

Is ionann an Ráiteas ar Fhiachas Náisiúnta agus ráiteas ar an tsuim iomlán de bhunaирead a fuair Éire ar iasachta nach raibh aisíochta ag deireadh na bliana, lúide airgead agus sócmhainní airgeadais eile atá ar fáil d'fhuascailt na ndliteanas sin ar an dáta céanna. Déanann an tAire Airgeadais faoi reachtanna éagsúla iasachtaí an Stáit agus gníomhaireachtaí eile a ráthú freisin. Ní áirítear na ráthaíochtaí sin sna ráitis airgeadais seo.

Is é an euro an t-airgeadra tuairiscithe. Tá na méideanna uile sna ráitis airgeadais slánaithe go dtí an milliún is gaire mura sonraítear a mhalaírt. Áit a bhfuil siad in úsáid, seasann '000' nó 'K' do mhíle, agus seasann 'm' do mhilliún.

#### 2.1 Fáltais agus Íocaíochtaí

Is ag an am a fhaightear an t-airgead nó a dhéantar an íocaíocht a thaifeadtar fáltais agus íocaíochtaí a bhaineann leis an bhFhiachas Náisiúnta tríd an gCuntas Státhchiste, trí Chuntais Imréitigh Airgeadra Eachtraigh agus tríd an gCuntas Fuasailte Seirbhísí Caipitiúla.

#### 2.2 Luacháil Dliteanais

Déantar iarmhéideanna fiachais a thaifeadadh sa Ráiteas ar an bhFhiachas Náisiúnta ag a bparluach infhuascailte. Nuair a eisítear nó nuair a chealaítear fiachas meántéarmach nó fadtéarmach ar biseach nó ar lascaine, cuirtear aon bhiseach nó lascaine dá leithéid san áireamh sa Ráiteas ar Ghlúaiseacht san Fhiachas Náisiúnta.

#### 2.3 Díorthaigh

Déantar comhaontuithe babhtála agus ionstraim eile airgeadais chun críocha fáilte mar chuid de phróiseas bainistithe an Fhiachais Náisiúnta. Aithnítear tortháí na ngníomhaíochtaí fáilte seo atá nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta de réir na mbun-idirbheart. Áirítear an glansreabhadh ciste a éiríonn as gníomhaíochtaí fáilte nach bhfuil nasctha le hidirbhearta sonracha iasachta i gcostais as fónamh d'fhiachas nuair a fhaightear na cistí nó nuair a dhéantar íocaíocht. Sa chás go gríochnaítear babhtálacha nó go n-aistrítear go hionstraim eile babhtála iad, bíonn tionchar ag an nglansreabhadh ciste ar fhónamh d'fhiachas de réir théarmaí na hionstraim leasaithe.

#### 2.4 Airgeadraí Eachtracha

Aistrítear fáltais agus íocaíochtaí in airgeadra eachtrach go euro de réir an ráta malaire atá i bhfeidhm ar dháta an idirbhirt. Aistrítear dliteanais agus sócmhainní in airgeadra eachtrach go euro ag an ráta malaire atá i bhfeidhm ag deireadh na bliana.

### 3. Ús a Íocadh

	2016 €'000	2015 €'000
	Athbhreithniú Gnó	Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach
<b>Ús a Íocadh ar Fhiachas Meántéarmach / Fadtéarmach</b>		
Bannaí Rialtas na hÉireann	4,874,417	4,807,531
Maoiniú Chlár AE / CAI	1,144,834	1,316,356
Díorthaigh lena bhfálaítear Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach	345,087	354,188
Láithrithe Príobháideacha	34,693	34,693
An Banc Eorpach Infheistíochta	11,130	8,059
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	793	674
Fiachas Meántéarmach / Fadtéarmach Eile	3	(12)
	<b>6,410,957</b>	<b>6,521,489</b>
 <b>Ús a Íocadh ar Fhiachas Gearrthéarmach</b>		
Páipéar Tráchtala Euro	16,916	10,668
Nótaí Státhiste <sup>1</sup>	(7,469)	288
Billí Státhiste na hÉireann <sup>1</sup>	(1,135)	10
Nótaí Seirbhísí Lárnacha	-	617
Banciasachtaíocht	(71)	-
	<b>8,241</b>	<b>11,583</b>
 <b>Ús a Íocadh ar Scéimeanna Coigiltis Stáit</b>		
Cairteacha Coigiltis	193,844	211,802
Bannaí Coigiltis	104,367	197,329
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	39,678	30,259
Duaíseanna i leith Duaibhannaí	26,617	28,893
Tráthchoigiltí	14,370	14,518
	<b>378,876</b>	<b>482,801</b>
<b>Ús Iomlán a Íocadh</b>	<b>6,798,074</b>	<b>7,015,873</b>

Áirítear sna híocaíochtaí úis ar Scéimeanna Coigiltis Stáit aistrithe chug Ciste na gCuntas Díomhaoin i leith ús carntha caipitleithe ar chuntais faoi leith ar shainigh An Post iad mar chuntais diomhaoine faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Is iad seo a leanas na glansuimeanna úis a aistríodh:

	2016 €'000	2015 €'000
Cairteacha Coigiltis	643	3,897
Bannaí Coigiltis	107	832
Tráthchoigiltí	736	765
	<b>1,486</b>	<b>5,494</b>

<sup>1</sup> Le linn 2016 d'éisigh an Ghníomhaireacht Nótaí Státhiste agus Billí Státhiste na hÉireann ag tortaí diúltacha a léirigh rátaí diúltacha úis an mhargaidh. Mar thoradh air sin, bhí glanfháiltas úis ann in 2016, i gcomparáid le híocaíocht úis in 2015.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 4. Ús a Fuarthas agus Ioncam Eile

	2016 €'000	2015 €'000
Ús ar Airgead agus ar Éarlaisí	(13,597)	30,378
Ús ar Shócmhainní Airgeadais agus ar Ioncam Eile	70,877	6,267
	<b>57,280</b>	<b>36,645</b>

Tá brabús carntha infheistíochta de €70 milliún faigthe ón EFSF san áireamh san Ús ar Shócmhainní Airgeadais agus ar Ioncam Eile i 2016 (féach nota 8 le breis eolas a fháil).

### 5. An Cuntas Fuasailte Seirbhísí Caipitiúla

Coimeádann an Ghníomhaireacht an t-iarmhéid sa CFSC ag leibhéal atá faoi réir treoirlínte arna n-eisiúint ag an Aire Airgeadais faoi alt 4(4) den Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta 1990. Faoi threoir an aire dar dátá an 24 Meán Fómhair, 2014, bhí an t-iarmhéid sa CFSC ag deireadh na bliana 2015 le bheith níos lú ná €1 milliún. D'fhoinn cloí leis na treoracha sin, aistríonn an Ghníomhaireacht cistí barrachais ón CFSC chuig Cuntas an Státhiste roimh dheireadh na bliana.

#### 5.1 Gluaiseacht sa Chuntas don Tréimhse

	2016 €'000	2015 €'000
Iarmhéid amhail an 1 Eanáir	489	451
<b>Fáltais</b>		
Idirbhearta Díorthacha	8,125,347	15,205,071
Ús ar Airgead agus ar Shócmhainní Airgeadais Eile	23,233	46,405
	<b>8,148,580</b>	<b>15,251,476</b>
<b>Íocaíochtaí</b>		
Idirbhearta Díorthacha	(8,125,347)	(15,205,071)
Ús ar an bhFiachas Náisiúnta	(5,205)	(10,912)
Speansais ar an bhFiachas Náisiúnta	(4,018)	(1,455)
Aistriú chuig an gCuntas Státhiste	(14,000)	(34,000)
	<b>(8,148,570)</b>	<b>(15,251,438)</b>
Iarmhéid amhail an 31 Nollaig	<b>499</b>	<b>489</b>
Gluaiseacht sa Bhliain	10	38

#### 5.2 Idirbhearta Díorthacha

Féadfaidh an tAire Airgeadais idirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad a dhéanamh de réir alt 54(7) den Acht Airgeadais, 1970.

I measc gnáthbhearta baincéireachta, tá gníomhaíochtaí amhail idirbhearta réamh-mhalaire, babhtálacha agus ús ar thaiscí a bhaineann le costais fóntas fiachais. Caithfear fáltais ó idirbhearta den chineál sin, seachas iad siúd atá in airgeadra dá bhfuil cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh bunaithe faoi alt 139 den Acht Airgeadais, 1993, a ghlaicadh i CFSC. Féadfar suimeanna dá leithéid a úsáid chun íocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith gnáthbhearta baincéireachta nó i dtreo ús agus speansais an fhiachais phoiblí a ghlanadh.

Ina theannta sin, áirítear le hidirbhearta ar gnáthbhearta baincéireachta iad, idirbhearta díorthacha a rinne an Ghníomhaireacht leis an nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní ("GNBS") (de réir alt 52 agus alt 235 den Acht fán nGníomhaireacht Náisiúnta um Bainistíocht Sócmhainní 2009 agus lonstraim Reachtúil Uimh. 203 / 2010) agus leis an gCorparáid Éireannach um Réiteach Banc (faoi Leachtú Speisialta) ("CÉRB") (de réir alt 17(4) den Acht um an gCorparáid Éireannach um Réiteach Bainc 2013 agus lonstraim Reachtúil Uimh. 57 / 2013). Déantar a leithéid sin d'ídirbhearta a rinneadh le GNBS agus le CÉRB a fhriotháireamh trí idirbhearta a mheatseáil le contrapháirtithe margaidh. Mar thoradh air sin níl aon ghlanéifeacht ar an gcuntas.

## 5. An Cuntas Fuascalite Seirbhísí Caipitiúla (ar lean)

### 5.2 Idirbhearta Díorthacha (ar lean)

Tugtar breac-chuntas thíos ar fháltais agus ar íocaíochtaí i leith idirbhearta díorthacha a rinneadh i leith CÉRB agus GNBS sa tréimhse sin:

	Fáltais €'000	Íocaíochtaí €'000	Glan 2016 €'000	Glan 2015 €'000
Díorthaigh a bhaineann le GNBS	5,656,573	(5,656,573)	-	-
Díorthaigh a bhaineann le CÉRB	2,468,774	(2,468,774)	-	-
<b>8,125,347</b>	<b>(8,125,347)</b>		-	-

## 6. Táillí a Íocadh agus Costais Oibriúcháin

	2016 €'000	2015 €'000
Maoiniú Chlár AE / CAI	22,844	30,761
Bannaí Rialtais agus Speansais Eile	6,087	16,974
Cairteacha Coigiltis	8,777	8,772
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	5,861	4,919
Duaibhannaí	11,543	10,726
Bannaí Coigiltis	5,980	8,782
Tráthchoigiltí	723	706
Fáltais Táillí	(2)	(2)
<b>Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta*</b>	<b>61,813</b>	<b>81,638</b>
<b>Táillí agus Costais Iomlána</b>	<b>104,120</b>	<b>128,097</b>

### \*Costais Oibriúcháin na Gníomhaireachta

Déantar na speansais a thabhaíonn an Gníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna a ghearradh ar an gCuntas Stáitche, agus a fóc amach as, nó gearratar iad ar a thoradh fáis. Is féidir faisnéis bhreise a fháil i ráitis airgeadais Chuntas Riaracháin GBCN (nóta Príomh-Chiste).

## 7. Bannaí Rialtas na hÉireann

	2016 €m	2015 €m
Bannaí Ráta Sheasta	101,418	101,500
Bannaí Ráta Chomhlútháigh	19,534	22,534
Bannaí Amúchta	693	1,052
<b>121,645</b>	<b>125,086</b>	

### Bannaí Ráta Chomhlútháigh – Nótáí Gealltanais CÉRB a Ghlanadh:

Tar éis leachtú na Corparáide Éireannaí um Réiteach Banc ("CÉRB") an 7 Feabhra 2013, agus an chomhaontaithe idir Rialtas na hÉireann agus Banc Ceannais na hÉireann (BCÉ) maidir le bannaí Rialtais fadtéarmacha a chur in ionad na nótáí gealltanais a soláthraíodh don CÉRB a bhí faoi úinéireacht stáit, cuireadh na nótáí gealltanais ar ceal agus cuireadh ocht mbanna nua Stáitche le Ráta Comhlúthach ina n-ionad. Eisíodh suim iomlán €25.03 billiún do BCÉ an 8 Feabhra 2013, agus aibíochtaí idir 25 bliain agus 40 bliain ag gabháil leis na bannaí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Bannaí Rialtas na hÉireann (ar lean)

I mí na Nollag 2016, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €3 billiún (2015 €2 billiún) de na Bannaí Ráta Chomhlúthaithe. Ceannaíodh na bannaí ó BCÉ, rud a laghdaigh iomlán ainmniúil gan fóc na mBannaí Ráta Chomhlúthaithe go dtí €19.53 billiún (2015 €22.53 billiún). Tá sé i gceist ag BCÉ fósmhéid na n-urrús sin a dhíol de réir an sceidil seo a leanas: 2016-2018 (€0.5 billiún in aghaidh na bliana), 2019-2023 (€1 billiún in aghaidh na bliana), agus 2024 ar aghaidh (€2 billiún in aghaidh na bliana) go dtí go ndíoltar gach banna.

Ar an dá lá, 16 Feabhra 2017 agus 3 Bealtaine 2017, cheannaigh agus chealaigh an Ghníomhaireacht €500 milliún de Bhannaí Stáitche Ráta Chomhlúthaithe.

### 8. Maoiniú Chlár AE / CAI

Rinne clár AE / CAI d'Éirinn soláthar do thacaíocht sheachtrach €67.5 billiún ón gCiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta ("CAI"), ón tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSM"), ón Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais ("EFSF") agus d'iasachtaí déthaobhacha eile. Ba í mí an Mhárta 2014 a rinneadh an eisíocaíocht deiridh €0.80 billiún ón EFSM faoin gclár.

Tar éis comhaontú idir ballstáit AE agus iasachtóirí déthaobhacha i mí na Nollag 2014, rinne an Ghníomhaireacht aisíocaíochtaí luatha idir Nollaig 2014 agus Márt 2015, dar suim rud beag níos mó ná €18 billiún san iomlán (lena n-áirítear níos mó ná €9 billiún d'íocaíochtaí in 2015). Rinneadh na haisíocaíochtaí sin le comhaontú CAI agus níor tabhaíodh aon phionós ná muirear. Dá thoradh seo, comhlíonadh gach dualgas sceidealaitheaisíocaíocht bunaírgid CAI a bhí le bheith dlite idir lúil 2015 agus Eanáir 2021.

Is iad seo a leanas na dliteanas gan ioc faoi Chlár AE / CAI ag deireadh 2016, lena n-áirítear tionchar na n-idirbheart fáilte airgeadra:

Iasachtóir	Ualaithe Meán Iarmharach Aibíochta Blianta		Ualaithe Meán Iarmharach Aibíochta Blianta	
	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m
An Ciste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta	4,354	5.0 bliain	4,348	6.0 bliain
An tSaoráid Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais	18,411	16.1 bliain	17,881	17.1 bliain
An Sásra Eorpach um Chobhsaíocht Airgeadais (EFSM)	22,500	10.1 bliain	22,500	11.1 bliain
Stáitche Ríochta Aontaithe	4,033	3.2 bliain	4,018	4.2 bliain
Ríocht na Danmhairge	400	3.6 bliain	400	4.6 bliain
Ríocht na Sualainne	600	3.6 bliain	600	4.6 bliain
<b>Iomlán</b>	<b>50,298</b>		<b>49,747</b>	

Léirítear thusas na síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSF a comhaontaíodh i mí an Mheithimh 2013. Cé gur comhaontaíodh síntí aibíochta ar iasachtaí ó EFSM in 2013 freisin, socrófar na dátáí athbhreithnithe aibíochta nuair a bheidh siad ag druidim ar a mbundátaí aibíochta. Le linn 2015, bhain iasacht EFSM amháin an dáta aibíochta amach agus rinneadh an dáta aibíochta sin a shíneadh. Dá réir sin, ní léiríonn aibíochta na n-iasachtaí EFSM atá nochta ach amháin na síntí aibíochta a comhaontaíodh go dtí seo. Ní mheastar go mbeidh ar Éire ceann ar bith de na hiasachtaí a fuair sí ó EFSM a athmhaoiniú roimh an mbliaín 2027.

Léiríonn an t-athrú ar an dliteanas gan fóic leis an EFSF idir deireadh 2015 agus deireadh 2016 an fócaíocht den chorrlach réamh-íoctha de €530 milliún a baineadh ón tarraingt anuas bhunaidh in 2011. I mí lúil 2015 fuarthas íocaíocht iomlán de €555 milliún ón EFSF arb ionann agus an corrach réamh-íoctha de €530 milliún, €70 milliún de thoradh carntha ar infheistíocht líude €45 milliún dlite do na Ballstáit is Ráthóirí. Tá an toradh ar infheistíocht de €70 milliún léirithe san Ús Faichte agus loncam Eile agus an €45 milliún mar chuid de Ús lochta sa Ráiteas maidir le Fónamh d'Fhiachas.

### 9. Iasachtaí Eile Meántéarmacha / Fadtéarmacha

	2016 €m	2015 €m
An Banc Eorpach Infheistíocha	950	520
Láithrithe Príobháideacha	602	602
Nótaí Meántéarmacha / Fadtéarmacha	100	-
Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa	41	41
Iasachtaí Eile Meántéarmacha / Fadtéarmacha	5	5
<b>Iomlán</b>	<b>1,698</b>	<b>1,168</b>

## 10. Páipéar Gearrthéarmach

Eisíonn an Ghníomhaireacht páipéar gearrthéarmach aibíochtaí a mhaireann suas le bliain amháin chun cistí gearrthéarmacha a chruinníú. Úsáidtear na fáltais chun easnamh an Státhiste a mhaoiniú agus mar mhaoiniú idirlinne in ionad fiachais níos fadtéarmaí, agus chun críocha bainistiú leachtachta eile. Féadfaidh iasachtaí bheith i raon airgeadraí éagsúla, ach caithfear gach iasachta nach euro í a bhabhtál láithreach go euro agus conarthaí malairte eachtraí á n-úsáid.

	2016 €m	2015 €m
Nótaí Státhiste	1,858	1,197
Nótaí Seirbhísí Lárnacha	167	131
Cláir Pháipéar Tráchtala de chuid na hEorpa	342	1,019
Billí Státhiste na hÉireann	1,008	-
	<b>3,375</b>	<b>2,347</b>

## 11. Iasachtaí ó Chistí Aire

Is iasachtaí gearrthéarmacha iad na cistí seo ón Státhiste a tharraingítear anuas mar mhodh "bealaí agus modhanna" chun riachtanais an Státhiste a mhaoiniú ó roinnt cistí atá faoi smacht an Aire Airgeadais.

	2016 €m	2015 €m
Ciste Bhanc Taisce an Phoist	1,732	1,114
Cuntas Infheistíochta Airgead Taisce (nóta 19)	787	465
	<b>2,519</b>	<b>1,579</b>

## 12. Scéimeanna Coigilteas Stáit

	2016 €m	2015 €m
Cairteacha Coigiltis	5,908	5,915
Bannaí Coigiltis	3,747	4,366
Bannaí Náisiúnta Dlúthpháirtíochta	4,149	3,445
Duaibhannaí	2,892	2,481
Tráthchoigiltí	496	483
Stampaí Coigiltis	2	2
	<b>17,194</b>	<b>16,692</b>

Tá na suimeanna a thaispeántar i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis, Bannaí Dlúthpháirtíochta, Duaibhannaí agus Tráthchoigiltí, glan ar iarmhéideanna airgid de €5.7 milliún (2015: €0.3 milliún) atá á gcoimeád ag An Post, ag Permanent TSB Bank agus ag an gCuideachta Duaibhannaí. Gníomhaíonn An Post agus an Chuideachta Duaibhannaí mar chláraitheoirí do na scéimeanna faoi seach.

Ós rud é go réitítear na ráitis airgeadais seo ar bhonn airgid, ní áirítear sna dliteanais suim de €451 milliún (2015: €504 milliún), arb ionann í agus meastachán ar shuim an úis fhabhraithe amhail an 31 Nollaig 2016 i leith Cairteacha Coigiltis, Bannaí Coigiltis agus Tráthchoigiltí.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 13. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile

	2016 €'000	2015 €'000
<b>Iarmhéideanna Airgid</b>		
Cuntas Státhiste	8,384,687	7,963,751
Cuntas Fuascailte Seirbhísí Caipitil (nóta 5.1)	499	489
<b>Taiscí Airgid</b>		
Taiscí le Bainc Thráchtala	199,190	853,184
Taiscí Comhthaobhaithe	-	925,000
Maoiniú Comhthaobhach (nóta 15.2)	417,170	202,930
<b>Sócmhainní Airgeadais Eile</b>		
Billí Státhiste	-	1,184,323
Nótaí Meántéarmacha rathaithe CBSÉ	85,000	-
Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe	2,032,075	2,424,316
	<b>11,118,621</b>	<b>13,553,993</b>

### Taiscí Airgid Thirim agus Sócmhainní Airgeadais

Cuireann an Ghníomhaireacht taiscí gearrthéarmacha i mBillí Státhiste, i dTaiscí Comhthaobhaithe agus i mBillí Státhiste le haghaidh aibíochtaí suas le bliain amháin chun críocha bainistiú leachtachta.

Cuirtear airgead ina chomhthaobhacht leis na contrapháirtithe, rud a easraíonn as na riachtanais faoi na hlarscríbhinní Tacaíochta Creidmheasa, maidir le hidirbhearta díorthacha áirithe. Athraíonn na hiarmhéideanna seo, agus rochtain ar an gcomhthaobhacht airgid lena mbaineann, ar bhonn laethúil agus braitheann siad ar luach margaidh na ndíorthach seo (Féach Nóta 15).

Is féidir nach mbeidh Nótaí Ráthaithe na Gníomhaireachta Airgeadais do Thithe nó Meántéarmacha CBSÉ so-inréadaithe, ag brath ar choinníollacha an mhargaidh.

## 13. Airgead agus Sócmhainní Airgeadais Eile (ar lean)

### Cuntas Imréitigh Airgeadra Eachtraigh

Coimeádann an Ghníomhaireacht roinnt cuntas imréitigh airgeadra eachtraigh d'fhoinn idirbhearta sna hairgeadraí seo a bhainistiú. B'ionann an t-iarmhéis sna cuntas seo an 31 Nollaig 2016 agus níalas (2015: Níalas). Ní raibh aon iarmhéideanna airgeadra eachtraigh eile á gcoimeád ag an nGníomhaireacht ag deireadh na bliana, diomaite de thaisce amháin de \$0.2 milliún SAM (2015: \$0.2 milliún SAM) atá á choimeád ag Banc Ceannais na hÉireann mar riachtanás de chuid Chlár Maoinithe AE / CAI.

Tá cuntas breise ar an ngluaiseacht sna cuntas Airgeadra Eachtraigh thíos:

	Fáltais €'000	Íocaíochtaí €'000	Glan 2016 €'000	Glan 2015 €'000
Iarmhéis amhail an 1 Eanáir 2016			NÍALAS	NÍALAS
<b>Fónamh d'Fhiachas</b>				
Ús ar lasacthaí Meántéarmacha agus Fadtéarmacha	164,769	(164,016)	753	(110,133)
Ús ar Fhiachas Gearrthéarmach	-	(16,955)	(16,955)	(10,614)
Gluaiseachtaí Eile	14,145,652	(13,851,184)	294,468	1,973,210
Táillí agus Speansais	-	(7,424)	(7,424)	(8,283)
Speansais na Gníomhaireachta	-	(5)	(5)	(1,496)
<b>Gníomhaíocht lasacthaíochta</b>				
Clár AE / CAI	1,034,343	(815,638)	218,705	(683,754)
Fiachas Gearrthéarmach	5,441,079	(5,930,621)	(489,542)	(1,158,930)
Iarmhéis amhail an 31 Nollaig 2016	<b>20,785,843</b>	<b>(20,785,843)</b>	<b>NÍALAS</b>	<b>NÍALAS</b>

## 14. Bainistíocht Riosca

### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca

De bharr fhreagracht na Gníomhaireachta d'eisiúint fiachais nua agus d'aisíochaíocht fiachais atá ag dul in aibíocht araon, i dteannta bainistíochta ráta úis agus phrófil airgeadra na punainne ionláine fiachais, is cuid lárnach agus fhíorthábhachtach de ghnó na Gníomhaireachta í an bhainistíocht riosca. Is iad na príomhchatagóirí riosca a easraíonn as gníomhaíochtaí Fiachais Náisiúnta na Gníomhaireachta ná riosca leachtacha, riosca margaidh, riosca creidmheasa an chontrapháirtí agus riosca obríochta. Tá réimse beartas agus nósanna imeachta ag an nGníomhaireacht chun an riosca bainteach a thomhas agus a rialú.

Rinne an Ghníomhaireacht an Chreatlach Bainistíochta Riosca de chuid GBCN a fhaomhadh lena chinntí go ndéanann an Ghníomhaireacht a prófil riosca a bhainistiú i gcomhréir lena fonn riosca; agus go mbíonn socruithe iomchuí éifeachtacha bainistíochta riosca i bhfeidhm, mar aon le ról agus freagrachtaí atá sainmhínithe agus léirithe go soiléir. Le tacar bainteach de bheartais bainistíochta riosca, déantar srianta a bhunú agus a choimeád atá ag teacht le fonn riosca na Gníomhaireachta agus lena spriocanna straitéisearcha.

Tá Creatlach Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-chosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca aillínithe d'fhoinn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistiú riosca de. Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhainistiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca GBCN, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta. Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíochta Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúcháin agus ar an mbainistíochta líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigthe ar rioscaí a sholáthar. Soláthraíonn an Fheidhm Iníúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht obríochtaí thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Tacaíonn roinnt Coistí agus fochoistí Riosca de chuid GBCN leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

##### **Coiste Riosca na Gníomhaireachta (CRG)**

Cabhráonn ARC leis an nGníomhaireacht i dtaca le maoirseacht ar an gcreat bainistíocha riosca, lena n-áirítear Fonn Riosca a leagan síos, monatóireacht a dhéanamh ar a mhéid a chloitear le rialachas riosca agus cinntíú go ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainatiú agus a thuairisciú. Ina theannta sin, déanann sé monatóireacht ar an fheidhm bainistíocha riosca. Leagann sé síos caighdeán do thuairisciú bheacht thráthúil ar rioscaí critíciúla agus déanann sé athbhreithniú ar thuairiscí faoi aon sárúithe ar theorainneacha rioscaí agus leordhóthanacht aon ghníomh beartaithe.

##### **Coiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta**

Cuidíonn an Coiste Iniúchóireachta leis an nGníomhaireacht ina maoirsíú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmhéánaigh, an phróisis iniúchta inmhéánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iniúchóir reachtúil.

Chomhcheangail and CRG agus Coiste Iniúchóireachta na Gníomhaireachta ar 1 Feabhra 2017.

##### **An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)**

Is coiste bainistíocha é an CBRF a dhéanann maoirsíú ar fhorfheidhmiú fonn riosca foriomlán GBCN agus ar lucht ardbainistíocha agus iad ag bunú córais iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntíú go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a mhonatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach agus a lena chinntíú go ndéantar aon chomhchruinníú puninne a shainaithint agus a bhainatiú de réir mar is iomchuí.

##### **Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonrai maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

##### **Coiste Riosca Margaidh agus Leachtachta (CRML)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtachta. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaintí ar riosca margaidh agus leachtachta agus tugann sonrai don CBRF. Foirmíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Margaidh agus Leachtachta GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

##### **Coiste Riosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)**

Déanann an CROR athbhreithniú ar an gcreat riosca oibríochtúil agus na beartais riosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR rioscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainatiú rioscaí oibríochtúla don CBRF.

##### **Coiste Tairgí agus Próisis (CTP)**

Déanann an CTP athhbreithniú ar, tugann sé aghaidh ar agus molann sé donn ERMC tograí faofa agus meásúnú riosca i leith tograí agus próisis nua, nó athraithe athrú ábhartha i leith tograí agus próisis a maireann.

Is príomhchuspóir de chuid na Gníomhaireachta é a chinntíú go bhfuil dóthain airgid ag an Státhiste chun gach dualgas a chomhlíonadh agus iad dilit. Ar cheann de na cúramí is tábhachtaí atá ar an nGníomhaireacht tá a chinntíú go bhfuil leachtach leordhóthanach ag an Státhiste. Is féidir le rioscaí i leith leachtach an Fhiachais Náisiúnta eascairte asimeachtaí sa bhaile, nó de bharr ardnaisc idir margáil, asimeachtaí lasmuigh d'Éirinn. Déanann an Gníomhaireacht riosca leachtachta a bhainatiú, go príomha, trí mhaoláin airgid thirim chuí a choinneáil agus trí shrian a chur le líon na ndliteanas atá ag aibíú ag aon am faoi leith agus trí thráthúlacht agus méid an mhaoinithe a mheatseáil leis na riachtanais mheasta. Atreisítear é sin trí na gníomhaíochtaí a dtugann an Gníomhaireacht fúthu chun bonn infheisteoíri idirnáisiúnta atá eolach agus éagsúlaithe a choinneáil, le nasc le gach ceann de na mórmhargáil caipítí agus tríd an raon ionstraimí fiachais is féidir a eisíúint a mhéadú.

## 14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

### 14.1 Creatlach Bainistíochta Riosca (ar lean)

Is ionann riosca margaidh agus riosca cailleánais nó costais mhéadaithe de thoradh athruithe ar luach sócmhainní agus dliteanas (lena n-áirítear sócmhainní agus dliteanas lasmuigh den chlár comhardaithe) de bharr luineachtaí i dtosca riosca amhail rátaí úis, rátaí malaire eachtraí nó praghnsanna margaidh eile. Ní mór aird a bheith ag an nGníomhaireacht ar impleachtaí gearrthéarmacha agus meántéarmacha araon dá gcuid idirbheart i bhfianaise an chúram atá uirthi bainistiú a dhéanamh ní hamhán ar gharchostais fónta fiachais fioscaigh ach ar luach reatha na n-locaíochtaí uile sa todhchaí idir bhunairgead agus ús. Rialáitear an neamhchosaint ar riosca ráta úis agus airgeadra trí ráta úis agus comhchruiinníú airgeadra na punainne a bhainistiú de réir fhonn riosca na Gníomhaireachta. Tá srianta sonracha i bhfeidhm chun riosca margaidh a rialú; tuairiscítear neamhchosaint ar na srianta seo go rialta le lucht ardbhainistíocha. Nuair a athraíonn coinníollacha na margáí airgeadais, déantar athbhreithniú ar ráta cuí úis agus ar phróifil airgeadra na punainne i gcomhréir le hathbhreithnithe tréimhsíula ar shrianta. Tá an Ghníomhaireacht ag iarraidh an trádchothromú is fearr a ghnóthú idir costas agus riosca thar thréimhse agus tá clár fáilte i bhfeidhm chun riosca ráta úis agus ráta malaire a bhainistiú agus chun an Státhiste a chosaint ó luineacht féideartha sa todhchaí. Leagtar amach tuilleadh faisnéise ar úsáid díorthach in Díorthaigh (Nóta 15).

Is ionann riosca creidmheasa contrapháirtí agus riosca an chailleánais airgeadais a eascraíonn as idirbheart margaidh airgeadais nuair nach gcomhlíonn contrapháirtí a chuid dualgas airgeadais faoin idirbheart sin agus i dtaca leis an bhFiachas Náisiúnta de, is as díorthaigh, taiscí agus idirbhearta malaire eachtraí go príomha a eascraíonn sé. Bainistítear leibéal an riosca creidmheasa contrapháirtí i gcomhréir le fonn riosca na Gníomhaireachta trí bheith ag plé le contrapháirtithe a bhfuil ardchaighdeán creidmheasa acu agus leo siúd amhán. Forálann nósanna imeachta d'údarú srianta riosca don uile chontrapháirtí agus tuairisciútear neamhchosaint leis an mbainistíochta ar bhonn laethúil. Tugtar faoi athbhreithniú ar na srianta ar fad go rialta chun athruithe i stádas creidmheasa na gcontrapháirtithe nó athruithe inimeachta geilleagracha nó polaitíochta a chur san áireamh. Chun neamhchosaint an Státhiste roimh chontrapháirtithe margaidh a mhaolú agus lena chinntí go bhfuil rochtain éifeachtach margaidh ag Éirinn le haghaidh a cuid gníomhaíochtaí fáilte, d'fhéadfadh an Ghníomhaireacht dul isteach i socruithe tacaíochta creidmheasa le rannpháirtithe an mhargaidh a bhfuil sí ag iarraidh trádáil a dhéanamh leo – baineann sé seo le fáil agus le breacadh comhthaobhachta chun luach margaidh na neamhchosaintí a sheach-chur. Tá tuilleadh faisnéise ar úsáid socruithe tacaíochta creidmheasa leagtha amach in Díorthaigh (Nóta 15).

Bunaíodh rialúcháin chuimsitheacha d'fhoinn a chinntí go ndéantar bainistiú ar rioscaí oibríochtúla ar bhealach stuama. I measc na rialuithe sin, rinneadh dualgais a dheightí idir déileáil, próiseáil, focaíochtaí agus tuairisciú.

### 14.2 Fiachas Náisiúnta – Comhdhéanamh Airgeadra

Fálaíonn an Ghníomhaireacht riosca airgeadra eachtraigh an Fhiachais Náisiúnta trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí malaire eachtraí agus as babhtálacha airgeadra. Is mar seo a leanas atá comhdhéanamh airgeadra an Fhiachais Náisiúnta agus na bhfáiluithe airgeadra gaolmhara:

#### Airgeadra

##### Amhail an 31 Nollaig

	2016 €m	2015 €m
<b>Ionstraimí Fiachais</b>		
Euro	178,340	175,446
Dollar SAM	2,448	2,579
Punt Steirling	4,148	5,420
Dollar na hAstráile	-	132
Yen na Seapáine	364	348
Yuan Síneach	524	-
	<b>185,824</b>	<b>183,925</b>
<b>Airgeadra Eachtrach agus Conarthaí Babhtála</b>		
Euro	7,270	7,627
Dollar SAM	(2,450)	(2,581)
Punt Steirling	(4,148)	(5,424)
Dollar na hAstráile	-	(134)
Yen na Seapáine	(364)	(348)
Yuan Síneach	(522)	-
	<b>(214)</b>	<b>(860)</b>
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>185,610</b>	<b>183,065</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Bainistíocht Riosca (ar lean)

#### 14.3 Fiachas Náisiúnta – Próifíl Aibíochta

Is mar seo a leanas a bhí próifíl iarmharach aibíochta an Fhiachais Mheántéarmaigh / Fhadtéarmaigh ag deireadh na bliana, agus idirbhearta bainistithe cisteáin a rinne an Ghníomhaireacht á gcur san áireamh:

2016 €m	Dlite laistigh de 1 bhlíain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mblíana	Dlite thar 10 mblíana	lomlán
Bannaí Rialtas na hÉireann	6,306	42,764	37,611	34,964	121,645
Clár Maoinithe AE / CAI	21	14,528	6,538	29,211	50,298
Fiachas Meántéarmach agus Fadtéarmach eile	5	4	331	1,358	1,698
Fiachas Gearrthéarmach <sup>1</sup>	4,629	1,265	0	0	5,894
Coigilteas Stáit <sup>2</sup>	6,654	7,752	2,786	2	17,194
Airgead Tirim agus Sócmhainní Airgeadais Eile	(9,195)	(1,849)	(75)	0	(11,119)
<b>Fiachas Náisiúnta</b>	<b>8,420</b>	<b>64,464</b>	<b>47,191</b>	<b>65,535</b>	<b>185,610</b>

2015 €m	Dlite laistigh de 1 bhlíain	Dlite idir 1-5 bliana	Dlite idir 5-10 mblíana	Dlite thar 10 mblíana	lomlán
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé míchuí sin a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin bhainteacha chuntasaíochta a noctadh agus a mhíniú.

Tá an Ghníomhaireacht freaghrach as coimeád, maidir le Ciste na gCuntas Díomhaoin, i cibé foirm a cheadóidh an tAire Airgeadais, na gcuantas go léir is cú ar an airgead go léir a gheobhaidh an tÚdarás nó a chaithfidh siad, agus, as cothú taifid chuntasaíochta iomchuí a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon am, mar a sheasann cúrsai airgeadais an Chiste.

Tá an Ghníomhaireacht freaghrach freisin as sócmhainní faoina smacht a chosaint agus, dá bhrí sin, as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.



**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017



**Willie Walsh, Cathaoirleach**

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire

## Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste na gCuntas Díomhaoin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an cuntas infheistíochta agus eisíocaíochta, an cuntas cúlchiste, an ráiteas maidir leis an staid airgeadais agus na notaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhordaítear faoi alt 46 den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001.

### Freagrachtaí Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Ghníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú san fhormáid shainithe agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntíú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagrácht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hlníúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlónadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iñiúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iníúchóireachta.

### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu is cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chuínsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí,
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasáiochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shaináithint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shaináithint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnáim ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar is ceart de réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, maidir le staid chúrsaí an Chiste amhail an 31 Nollaig 2016 agus maidir lena idirbhearta don bhliain 2016.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta maidir leis an gCiste le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais (ar lean)

## Ábhair ar a dtuairiscí trí eisceacht

Tuairiscí trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fhreictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i leith an Chiste i dtuarascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl aon rud le tuairisciú agam maidir leis na hábhair siúd ar a dtuairiscítear trí eisceacht.



**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Bealtaine 2017

# Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Airgead a aistríodh chuig an gCiste i leith cuntais dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh	3	54,590	53,900
Suimeanna a aistríodh chuig an gCuntas Cúlchiste	4	(31,877)	(21,199)
Eisíocaíochtaí	5	(12,041)	(8,939)
(Costas)/loncam úis	6	(12)	334
Gluaiseacht don bhliain		10,660	24,096
larmhéid amhail an 1 Eanáir		171,833	147,737
<b>larmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>182,493</b>	<b>171,833</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfheidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta



## Cuntas Cúlchiste

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
Aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(25,075)	(17,375)
Ús ar aisíocaíocht airgid a aistríodh chuig an gCiste	3	(147)	(183)
Aistriú ón gCuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta (Costas)/loncam úis	4	31,877	21,199
Costais Oibriúcháin	6	(44)	134
Gluaiseacht don bhliain	7	(200)	(750)
larmhéid amhail an 1 Eanáir		6,411	3,025
<b>larmhéid amhail an 31 Nollaig</b>		<b>76,491</b>	<b>70,080</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Don 31 Nollaig 2016

	Nóta	2016 €000	2015 €000
<b>Sócmhainní</b>			
Airgead agus iarmhéideanna le bainc	8	259,108	242,357
Infháltais	9	-	117
<b>Dliteanais</b>			
Dliteanais eile	10	(124)	(561)
<b>Glan-Sócmhainní</b>		<b>258,984</b>	<b>241,913</b>
<b>Ionadaithe ag:</b>			
An Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta		182,493	171,833
Cuntas Cúlchiste		76,491	70,080
		<b>258,984</b>	<b>241,913</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

### 1. Cúlra

Foráltear leis an Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú), do scéim chun cistí dhíomhaoine i mbainc, i gcumainn tógála, sa Phost agus airgead iníochta faoi pholasaithe árachais neamhéisilthe, a aistriú faoi chúram an Stáit, agus ceart athélimh na gcistí sin a ráthú san am céanna. Foráltear leis freisin go dtabharfar isteach scéim, chun críocha carthanacha nó chun taibhe don tsochaí nó don phobal, trína n-íocfar amach cistí nach dóigh go n-athéileofar iad.

Is éard atá i gCiste na gCuntas Díomhaoin Cuntas Cúlchiste óna n-íocatar athélimh agus speansais éagsúla agus Cuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochta óna ndéantar infheistíochtaí agus eisíocaíochtaí.

Tá an Ghníomhaireacht freagach, faoi alt 17 agus faoi alt 18 d'Acht 2001, as Ciste na gCuntas Díomhaoin a bhunú, a bhainistiú agus a rialú agus tá na cumhactaí riachtanacha ar fad aici chun a cuid feidhmeanna a chur i gcrích (lena n-áirítear an chumhacht chun táillí a ghearradh, atá iníochta ón gCiste, i ndáil leis an gCiste a bhainistiú agus a rialú). Áirítear leis na feidhmeanna sin:

- eisíocaíochtaí a dhéanamh de réir threoracha an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe
- cothabháil an Chuntais Cúlchiste
- táillí, costais agus speansais shonraithe a thabhaítear a għlanadh
- luach saothair, táillí agus speansais na gcigirí údaraithe a għlanadh
- aisiocaíocht airgid a aistríodh chuiġ an gCiste
- plean bliantúil infheistíochta a ullmhú, agus aird ar an bplean eisíocaíochta agus ar aon treoir ón Aire Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta<sup>1</sup>
- infheistíocht aon airgead chun creidmheasa an Chiste nach dteastaíonn, de thuras na huaire, chun dliteanais an Chiste a īoc
- taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil den airgead ar fad a fhaigheann agus a chaithéann an Għnīomhaireacht
- cuntails bhliantúla a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cóip de na cuntails arna n-iniúchadh a chur i láthair an Aire Airgeadais agus an Aire Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta<sup>1</sup>.

De réir an Achta um Chuntais Dhíomhaoine (Leasú) 2012, is é an tAire Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta<sup>1</sup> atá freagach as riar a dhéanamh ar an bpróiseas trína gceadaíonn an Rialtas na tionscadail agus na cláir lenar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a īoc amach. De réir an Achta sin, cheadaigh an Rialtas Scéim Eisíocaíochta nua i mí na Nollag 2013 agus foilsíodh Plean Gníomhaíochta um Chuntais Dhíomhaoine do 2016. Leagtar amach sa phleán sin na tionscadail agus na cláir ar ar féidir cistí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin a leithdháileadh.

### 2. Bonn Ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Réítítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhrutie faoi choinbhinsiún an chostais stáiriúil.

Tá sé de cheangal ar GBCN faoi alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, gach taifead cuntasaíochta iomchuí de shuimeanna a fuair nó a chaith an Għnīomhaireacht maidir leis an gCiste a choinneáil. Ullmaídoh na ráitis airgeadais de réir alt 46(1) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine 2001 agus iad i bhfoirm atá sonraithe ag an Aire Airgeadais.

Is éan Euro an t-airgeadra tuairiscithe, a chuirtear in iúl leis an tsiombail €, arb é chomh maith airgeadra feidhmeach na Gnīomhaireachta é. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánú go dtí an míle is cóngarái ach amháin má tá a mhalaир sonraithe. Cuireann '000' míle in iúl agus 'm' milliúin.

<sup>1</sup> Ar an 13 lúil 2016 rinneadh cumhactaí a thabhairt, le hlonstraim Reachtúil 308, a bhí á bhfeidhmiú roimhe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil i dtaca le Ciste na gCuntas Díomhaoin, don Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta.

**3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntas dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh**

**Institiúidí Airgeadais – Cuntas Dhíomhaoine**

Institiúid	Iarmhíod Tosaigh € 01/01/2016	Aistrithe	Gnóthaithe	Iarmhíod Tosaigh € 31/12/2016	Ús íoctha
ACC Loan Management DAC (ACC Bank roimhe seo)	6,228,762	-	(196,708)	6,032,054	452
Bainc Aontas Éireann plc	77,524,908	6,991,133	(1,378,314)	83,137,727	11,788
Barclays Bank Ireland plc	344,025	-	-	344,025	-
BNP Paribas SA	83,575	2,596	-	86,171	-
Bank of America National Association	154,778	-	-	154,778	-
Banc na hÉireann	78,959,741	8,439,572	(2,976,188)	84,423,125	5,348
Bank of Scotland plc	567,088	-	-	567,088	-
Citibank Europe plc	28,700	-	-	28,700	-
EBS DAC	21,029,987	13,004,559	(9,211,466)	24,823,080	48,070
EAA Covered Bond Bank	122,119	-	-	122,119	-
KBC Bank Ireland plc	786,096	59	-	786,155	-
An Chorparáid Éireannach um Réiteach Banc Teo. (faoi leachtú speisialta)	629,363	-	(11,988)	617,375	249
Investec Bank plc	1,689,546	24,253	(20,087)	1,693,712	-
JP Morgan Bank (Ireland) plc	48,897	-	-	48,897	-
Danske Bank Plc	6,522,165	-	(102,487)	6,419,678	36
Permanent TSB plc	44,260,027	6,127,412	(1,338,511)	49,048,928	4,679
Pfizer International Bank	30,514	-	(204)	30,310	18
An Post - Táirgí Coigiltis Stáit	88,076,813	3,434,839	(5,009,770)	86,501,882	22,962
An Post - Banc Taisce an Phoist	40,710,616	2,657,810	(682,702)	42,685,724	59,115
RBS NV (ABN AMRO roimhe seo)	35,455	-	-	35,455	-
The Royal Bank of Scotland plc	386,955	33,083	-	420,038	-
Scotiabank (Ireland) Ltd	92,953	-	-	92,953	-
Ulster Bank Ireland Ltd	29,670,529	1,942,709	(351,001)	31,262,237	293
<b>IOMLÁN (Bancanna)</b>	<b>397,983,612</b>	<b>42,658,025</b>	<b>(21,279,426)</b>	<b>419,362,211</b>	<b>153,010</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntas dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

#### Cuideachtaí Árachais – Polasaithe Árachais nár Éilíodh

Institiúid	Iarmhéid Tosaigh € 01/01/2016	Aistrithe	Gnóthaithé	Iarmhéid Tosaigh € 31/12/2016	Ús íoctha
<b>Cuntas Téarma Shonraigh:</b>					
Ark Life Assurance Co. DAC	834,761	101,798	(23,190)	913,369	-
Aviva Life & pensions UK Ltd	3,599,830	225,045	(69,284)	3,755,591	-
Equitable Life Assurance Society	7,388	45,690	-	53,078	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	2,404,303	217,867	(51,897)	2,570,273	-
Irish Life Assurance plc (lena n-áirítear Canada Life Ireland mar a bhíodh)	8,634,684	1,677,950	(428,746)	9,883,888	-
New Ireland Assurance Co. DAC	880,852	6,823	(130,742)	756,933	-
Phoenix Life Ltd	5,354,957	659,703	(43,327)	5,971,333	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd (lena n-áirítear Caledonian Life mar a bhíodh)	8,695,387	785,281	(84,163)	9,396,505	-
St. James Place International plc	10,649	-	-	10,649	-
Scottish Friendly	602,366	-	-	602,366	-
Standard Life International DAC	1,518,506	280,243	(25,445)	1,773,304	-
Sun Life Assurance Society plc	336,951	10,088	-	347,039	-
Zurich Life Assurance plc <sup>2</sup>	1,742,630	764,687	(68,504)	2,438,813	-
<b>Cuntas gan Téarma Sonrach:</b>					
Acorn Life DAC	84,237	120,647	(55,450)	149,434	-
Ark Life Assurance Co. DAC	1,100,600	385,496	(141,006)	1,345,090	-
Augura Life Ireland DAC	-	144,696	(1,056)	143,640	-
Aviva Life & Pensions UK Ltd	3,228,195	882,944	(219,378)	3,891,761	-
Equitable Life Assurance Society	21,485	-	-	21,485	-
Friends First Life Assurance Co. DAC	1,285,269	376,482	(88,573)	1,573,178	-
Irish Life Assurance plc (lena n-áirítear Canada Life Ireland mar a bhíodh)	8,624,434	1,636,209	(807,032)	9,453,611	-
New Ireland Assurance Co. DAC	12,589,367	672,856	-	13,262,223	-
Phoenix Life Ltd	558,905	-	(4,253)	554,652	-
The Royal London Mutual Insurance Society Ltd (lena n-áirítear Caledonian Life mar a bhíodh)	11,127,506	1,209,655	(832,846)	11,504,315	-
St. James Place International plc	-	7,290	-	7,290	-
Scottish Friendly	538,684	-	-	538,684	-
Standard Life International DAC	1,524,085	285,790	(251,056)	1,558,819	-
Sun Life Assurance Society plc	59,597	-	-	59,597	-
Zurich Life Assurance plc <sup>2</sup>	2,708,885	880,743	(369,941)	3,219,687	-
<b>IOMLÁN NA bPOLASAITHE NÁR ÉILÍODH</b>	<b>78,074,513</b>	<b>11,377,983</b>	<b>(3,695,889)</b>	<b>85,756,607</b>	-
The Escheated Estate Fund	4,400,000	-	-	4,400,000	-
Suimeanna Fabhraithe a Athéilíodh	(554,333)	554,333	(99,605)	(99,605)	(6,536)
<b>AN tIOMLÁN</b>	<b>479,903,792</b>	<b>54,590,341</b>	<b>(25,074,919)</b>	<b>509,419,213</b>	<b>146,474</b>

<sup>2</sup> Athraíodh iarmhéideanna oscailte le hath-leithroinnt idir cuntas téarma shonraigh agus cuntas gan téarma sonrach a léiriú, ar threoir ón Institiúid. Níl aon athrú ar chomlán na n-iarmhéideanna oscailte.

### 3. Suimeanna carnacha a aistríodh agus a athéilíodh i leith cuntas dhíomhaoine agus polasaithe árachais nár éilíodh (ar lean)

Tá suimeanna in airgeadra eile seachas an euro i gceist leis na suimeanna a aistríodh chuig an gCiste. Dá ndéanfaí athluacháil ar na cuntas sin de réir rátáí malaирte ag deireadh na bliana, mhéadófaí an tsuim iomlán a aistríodh chuig an gCiste agus nár athéilíodh fós de €441,026, agus í ag méadú ó €509,419,213 go €508,978,187.

### 4. Aistrithe chuig an gCuntas Cúlchiste

Faoi alt 17 (4) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, iocann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta suim leis an gCuntas Cúlchiste, ó am go ham - suim a shocraíonn an Ghníomhaireacht í - le ceadú ón Aire Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaith agus Gaeltachta<sup>3</sup> agus le toiliú ón Aire Airgeadais, chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ón gCiste agus chun táillí agus speansais éagsúla a ghlanadh. Déanann an Ghníomhaireacht aistriú go tréimhsíúil chun iarmhéid sa Chuntas Chúlchiste a choinneáil ag 15 faoin gcéad, mar atá ceadaithe faoi láthair, de na cistí iomlána diomhaoine a fuair Ciste na gCuntas Diomhaoin agus nár athéilíodh go foill. Féadfaidh an t-iarmhéid sa chuntas Cúlchiste imeacht ó 15 faoin gcéad san idirchréimhse idir na dátaí athchothromaithe tréimhsíúla.

### 5. Eisíocaíochtaí

Rinneadh na heisíocaíochtaí seo a leanas ón gCiste le linn na bliana:

	2016 €000	2015 €000
<b>Ar Threoir an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe:</b>		
An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil <sup>3,4</sup>	993	2,596
An Roinn Turasóireachta agus lompáir	4,493	1,942
Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte	1,275	1,915
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige	1,560	759
An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais	2,983	733
Seirbhís Phrósúin na hÉireann (arna riar ag Pobal <sup>3</sup> )	188	189
An Roinn Oideachais agus Scileanna	549	(12)
An Roinn Coimirce Sóisialaí	-	906
Pobal <sup>3</sup> (aisíocaíocht)	-	(89)
	<b>12,041</b>	<b>8,939</b>

### 6. (Costas)/loncam úis

	Cuntas Infheistíochta Cúlchiste €000	Cuntas Cúlchiste €000	2016 €000	2015 €000
Gabháltas Bannaí	-	-	-	29
Taiscí Tráchtala	73	16	89	550
Airgead tirim sa Bhanc Ceannais	(85)	(60)	(145)	(111)
	<b>(12)</b>	<b>(44)</b>	<b>(56)</b>	<b>468</b>

Léiríonn an toradh diúltach ar thaiscí sa Bhanc Ceannais le haghaidh 2016 na rátaí diúltacha úis atá i réim a ghearrtar ar iarmhéideanna airgid atá á gcoimeád i dtaisce.

<sup>3</sup> Le haghaidh tuilleadh sonraí maidir leis an soláthróir seirbhísí Pobal, agus an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, féach Nóta 7.

<sup>4</sup> Rinneadh 634k de na heisíocaíochtaí in 2016 leis an Roinn Tithíochta, Pleánála, Pobail agus Rialtais Áitiúil tar éis an fhreagrácht as roinnt tionscadal a aistriú chuig an Roinn sin.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 7. Costais Oibriúcháin

	2016 €000	2015 €000
Táillí soláthraí seirbhíse (Pobal)	200	750

Faigheann Pobal táille bhliantúil seirbhíse as riar a dhéanamh ar thionscadail áirithe atá ag fáil eisíocaóchtaí ó Chiste na gCuntas Díomhaoin. Is í an Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaith agus Gaeltachta<sup>5</sup> a fóccann an táille agus aisíocatar í ó Chiste na gCuntas Díomhaoin.

#### Costais Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Faoi alt 45 (1)(c) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht faisnéis shonraithe áirithe a thuirisciú, lena n-áirítear cuntas ar leith ar na speansais agus ar na táillí riarrachán a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus an Ciste á fheidhmiú aici. Sonraítear iad sin thíos:

	2016 €000	2015 €000
Riarrachán Ginearálta <sup>6</sup>	150	150

### 8. Airgead agus iarmhéideanna le bainc

	2016 €000	2015 €000
Airgead ag an mBanc Ceannais	27,108	52,357
Taiscí Téarma Tráchtála	232,000	190,000
	<b>259,108</b>	<b>242,357</b>

### 9. Infháltais

	2016 €000	2015 €000
Ús is Infhaigte ar Airgead i dTaisce	-	117

### 10. Dliteanas Eile

	2016 €000	2015 €000
Ús iníocha ar Airgead i dTaisce	(24)	-
Aiséileamh fabhraithe	(100)	(561)
	<b>(124)</b>	<b>(561)</b>

<sup>5</sup> Íocadh an táille seo ar an 31 Bealtaine 2016 roimh an lonstraim Reachtúil 308 lenar aistríodh cumhachtaí chuig an Roinn Ealaón, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaith agus Gaeltachta.

<sup>6</sup> Is meastachán é seo, curtha san áireamh leis na Nótaí leis na cuntas amháin, mar nár ghearr an Ghníomhaireacht na caiteachais seo ar Chiste na gCuntas Díomhaoin.

## 11. Dliteanas Teagmhasach an Státhiste

**11.1** Mar thoradh ar eisíocaíochtaí carntha a rinneadh go dtí seo, tá glansócmhainní an Chiste níos lú ná na cistí díomhaoine a aistríodh agus nár athéilíodh go fóill. Léiríonn an difríocht sin dliteanas teagmhasach an Státhiste a mbeadh ar an bPríomh-Chiste é a íoc sa chás go ndéanfaí an t-airgead ar fad a aistríodh chuig Ciste na gCuntas Díomhaoin a athéileamh.

Amhail an 31 Nollaig 2016, meastar gurb é €250m (2015: €238m) dliteanas teagmhasach an státhiste don Státhiste. Déantar dliteanas teagmhasach an státhiste a mheas bunaithe ar an airgead glan a aistríodh isteach sa chiste nach bhfuil athéilithé fós. Níl aon soláthar ná aon mheastachán déanta i dtaca le hús a bhféadfadh sé é a bheith iníoctha ar athélimh sa todhchaí don tréimhse ó dháta an aistrithe go dtí dáta an athélimh. Tá anailís bhereise ar dhliteanas teagmhasach an státhiste leagtha amach in Nóta 11.2.

Faoi alt 17(7) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001 (arna leasú) aon uair nach leor an t-airgead sa Chuntas Infheistíochta agus Eisíocaíochtaí chun an t-easnamh sa Chuntas Cúlchiste a íoc, is féidir íocaíocht a dhéanamh ón bPríomh-Chiste leis an gCuntas Cúlchiste de shuim nach sáraíonn an t-easnamh. Dá dtarlódh sé seo, d'aisiocaí an t-airgead leis an bPríomh-Chiste, a luithe ab fhéidir go praiticiúil, ó airgead barrachais atá sa Chiste i ndiaidh soláthar a dhéanamh d'aon dliteanais nó d'aon dliteanais theagmhasacha a bhaineann leis an gCiste.

### 11.2 Anailís ar Dhliteanas Teagmhasach an Státhiste:

	1 Eanáir 2016 €000	Gluaiseacht le linn na bliana €000	31 Nollaig 2016 €000
Glansócmhainní an Chiste	241,913	17,071	258,984
Cistí Díomhaoine a Aistríodh agus nár Athéilíodh	(479,904)	(29,515)	(509,419)
Dliteanas teagmhasach	<b>(237,991)</b>	<b>(12,444)</b>	<b>(250,435)</b>

### 11.3 Léirítear an gluaiseacht i nDliteanas Teagmhasach an Státhiste iontu seo a leanas:

	2016 €000	
Ioncam Úis	(56)	Nóta 6
Ús ar aisíocaíochtaí airgid a aistríodh chuig an gCiste	(147)	Nóta 3
Eisíocaíochtaí	(12,041)	Nóta 5
Costais oibriúcháin	(200)	Nóta 7
Gluaiseacht don bhliain	<b>(12,444)</b>	Nóta 11.2

## 13. Toradh Infheistíochta

Faoi alt 45 (1)(b) den Acht um Chuntais Dhíomhaoine, 2001, arna leasú, ceanglaítear ar an nGníomhaireacht toradh infheistíochta an Chiste a thuairisciú don Aire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil. Ba é an toradh bliantúlaithe ar an gCiste don bhliain ná -0.02% faoin gcéad (2015: 0.19%).

## 14. Teagmhais tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Níor tharla aon teagmhas ba ghá a choigeartú ná a nochtadh sna ráitis airgeadais deiridh tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe.

## 15. Formheas na Ráiteas Airgeadais

Rinne an Ghníomhaireacht na ráitis airgeadais a fhormheas an 8 Bealtaine 2017.



Ráitis Airgeadais de chuid

# Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

---

Ciste agus Faisnéis eile	132
Tuarascáil an Ard-Reachaire Cuntas agus Ciste	133
Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais	135
Ráiteas ar loncam Cuimsitheach	136
Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlangsócmhainní	137
Ráiteas ar Shreafaí Airgid	138
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	139

---

## Ciste agus Faisnéis eile

### Rialtóir agus Bainisteoir

Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta  
Treasury Building  
Sráid na Canálach Móire  
Baile Átha Cliath 2  
D02 XN96

### Caomhnóir Domhanda

The Bank of New York Mellon ("BNYM")  
One Canada Square  
Londain  
E14 5AL  
An Ríocht Aontaithe

### Baincéirí

Banc Ceannais na hÉireann  
Sráid an Dáma  
Baile Átha Cliath 2  
D02 P656

Bainc Aontas Éireann cpt  
1-4 Sráid Bhagóid Íochtarach  
Baile Átha Cliath 2  
D02 X342

### Iniúchóir

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste  
3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
Baile Átha Cliath 1  
D01 WP44

# Tuarascáil an Ard-Reachtaire

## Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

### Ciste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais Chiste Infheistíochta Straitéisí d'Éirinn don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 faoin Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuimsíonn na ráitis airgeadais an ráiteas maidir leis an staid airgeadais, an ráiteas ar ioncam cuimsitheach, an ráiteas ar athruithe ar ghlansócmhainní, an ráiteas ar shreabhfaí airgid agus na nótaí gaolmhara. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm atá forordaithe faoi alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú) agus i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis in Éirinn.

### Freagrachtaí Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Tá Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (an Gníomhaireacht) freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Is é an fhreagracht atá orm na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú orthu de réir an dlí is infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlacthaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú.

Déantar m'iniúchadh de réir Caighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus ag comhlónadh na gCaighdeán Eiticiúil d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

### Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais

Baineann iniúchadh le fianaise a fháil ar na méideanna agus na nochtaí sna ráitis airgeadais, iad a bheith dóthanach chun dearbhú réasúnach a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de bharr calaoise nó earráide. Cuimsíonn sé seo measúnú ar

- cibé acu is cuí nó nach cuí iad na beartais chuntasaíochta ó thaobh chuínsí an Chiste de, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad curtha i bhfeidhm go comhsheasmhach agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil siad nochta go cuí
- réasúntacht na meastachán suntasach cuntasaíochta a rinneadh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair iomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta.

Ina theannta sin, léim an t-eolas faoin gCiste i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainainthint agus chun aon fhaisnéis ar cosúil í a bheith mícheart go hábhartha nó a bheith neamhréireach a shainainthint, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaigh mé le linn dom an t-iniúchadh a dhéanamh. Má thagaim ar an eolas faoi mhíráiteas nó neamhréireacht ábhartha fhollasach ar bith, breathnáim ar na himpleachtaí a bheidh i gceist do mo thuarascáil.

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

I mo thuairim, tá na nithe seo fíor faoi na ráitis airgeadais

- tugann siad léargas fírinneach cóir maidir le staid chúrsaí an Chiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 agus maidir lena n-iarmhíd ar an dáta sin.
- rinneadh iad a ullmhú mar is ceart i gcomhréir le cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis.

I mo thuairim, ba leorga taifid chuntasaíochta na Gníomhaireachta maidir leis an gCiste le go bhféadfaí iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na taifid chuntasaíochta.

## Ábhair ar a dtuairiscim trí eisceacht

Tuairiscim trí eisceacht sa chás nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó má fheictear dom

- aon ásc ábhartha nuair nár caitheadh airgead poiblí do na críocha a bhí beartaithe nó nuair nach raibh na hidirbhearta de réir na n-údarás atá á rialú, nó
- nach bhfuil an t-eolas a thugtar i leith an Chiste i dtuarrascáil bhliantúil na Gníomhaireachta ag teacht leis na ráitis airgeadais bhainteacha nó leis an eolas a fuair mé agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam, nó
- nach léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais gur chloígh an Ghníomhaireacht leis an gCód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuil cúrsaí ábhartha eile ann a bhaineann leis an gcaoi ar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí sin a thuairiscítear trí eisceacht.

*Seamus McCarthy.*

**Seamus McCarthy**

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

12 Bealtaine 2017

# Ráiteas maidir leis an Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2016

Nóta	Punann lánroghnach		Punann faoi threoir		Iomlán		Athbhreithniú Gnó	Ríalachas agus Faisnéis Chorparáideach	Ráitis Airgeadais
	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m			
<b>Sócmhainní</b>									
Infheistíochtaí	7,8	7,169	5,356	12,651	13,761	19,820	19,117		
Íasachtaí agus infháltais	7,8	461	395	25	-	486	395		
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	9	61	396	-	-	61	396		
Iarmhéid dlite ó bhróicéirí	7	39	-	-	-	39	-		
Airgead agus coibhéisí airgid	12	427	1,731	215	240	642	1,971		
<b>Iomlán na Sócmhainní</b>	<b>8,157</b>	<b>7,878</b>	<b>12,891</b>	<b>14,001</b>	<b>21,048</b>	<b>21,879</b>			
<b>Dliteanais</b>									
Dliteanais airgeadais	7	(48)	(1)	-	-	(48)	(1)		
Iarmhéid dlite le bróicéirí	7	-	(15)	-	-	-	(15)		
Dliteanais eile	10	(18)	(5)	(0)	(0)	(18)	(5)		
<b>Iomlán na nDliteanas</b>	<b>(66)</b>	<b>(21)</b>	<b>(0)</b>	<b>(0)</b>	<b>(66)</b>	<b>(21)</b>			
<b>Glansócmhainní an Chiste ag deireadh na bliana</b>	<b>8,091</b>	<b>7,857</b>	<b>12,891</b>	<b>14,001</b>	<b>20,982</b>	<b>21,858</b>			

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

	Nóta	Punann lánroghnach		Punann faoi threoir		Iomlán	
		2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m
<b>Ioncam</b>							
Ioncam úis	4	61	49	(0)	0	61	49
Ioncam díbhinne	4	16	38	-	446	16	484
Gnáthscair phríobháideach, réadmhaoin agus ioncam eile	4	13	34	-	-	13	34
Glanghnóthachan / (glanghaillteanas) ar shócmhainní agus dliteanais airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas	8	160	(31)	(1,110)	2,338	(950)	2,307
<b>Glanioncam infheistíocha</b>		<b>250</b>	<b>90</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,784</b>	<b>(860)</b>	<b>2,874</b>
<b>Speansais</b>							
Costais oibriúcháin	5	(26)	(15)	(0)	(0)	(26)	(15)
<b>Brabús / (caillteanas) don tréimhse airgeadais roimh cháin</b>		<b>224</b>	<b>75</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,784</b>	<b>(886)</b>	<b>2,859</b>
Cánachas	6	10	(6)	-	-	10	(6)
<b>Brabús / (caillteanas don tréimhse airgeadais</b>		<b>234</b>	<b>69</b>	<b>(1,110)</b>	<b>2,784</b>	<b>(876)</b>	<b>2,853</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

# Ráiteas maidir le hAthruithe ar Ghlansócmhainní

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Nóta	Punann lánroghnach		Punann faoi threoir		Iomlán	
	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m
Brabús / (caillteanas) don tréimhse airgeadais	234	69	(1,110)	2,784	(876)	2,853
Aistrithe (chuig) ón Státhiste	11	-	335	-	(3,500)	-
Sócmhainní aistrithe ón CNP	11	0	1	-	0	1
Sócmhainní aistrithe idir punanna		-	280	-	(280)	-
<b>Méadú / (laghdú) ar ghlsansócmhainní</b>	<b>234</b>	<b>685</b>	<b>(1,110)</b>	<b>(996)</b>	<b>(876)</b>	<b>(311)</b>
Glansócmhainní ag túis na tréimhse	7,857	7,172	14,001	14,997	21,858	22,169
<b>Glansócmhainní ag deireadh na tréimhse</b>	<b>8,091</b>	<b>7,857</b>	<b>12,891</b>	<b>14,001</b>	<b>20,982</b>	<b>21,858</b>

Tá na nótaí tionlacain mar chuid lárnach de na ráitis airgeadais.

Thar ceann na Gníomhaireachta

**Conor O'Kelly, Príomhfeidhmeannach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

8 Bealtaine 2017

**Willie Walsh, Cathaoirleach**  
Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

## Ráiteas ar Sreafaí Airgid

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016

Nóta	Punann lánroghnach		Punann faoi threoir		Iomlán	
	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m	2016 €m	2015 €m
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin</b>						
Ús a fuarthas	60	46	-	-	60	46
Athéilimh Chánach a fuarthas	6, 9	13	1	-	13	1
Díbhinní a fuarthas	4.1, 9	19	34	-	446	19
Ioncam eile a fuarthas		10	26	-	10	26
Fáltais ó dhíol infheistíochtaí		10,380	7,207	-	2,465	10,380
Ceannach infheistíochtaí		(11,676)	(7,845)	(25)	-	(11,701)
Comhthaobhacht glanairgid a fuarthas	7	(54)	15	-	(54)	15
Costais oibriúcháin íoctha	5, 10	(22)	(15)	-	(22)	(15)
<b>Glanairgead ó ghníomhaíochtaí oibríochta</b>	<b>(1,270)</b>	<b>(531)</b>	<b>(25)</b>	<b>2,911</b>	<b>(1,295)</b>	<b>2,380</b>
<b>Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin</b>						
Aistriú idir punanna	-	280	-	(280)	-	-
Aistrithe (chuig) / ón Státhiste	-	335	-	(3,500)	-	(3,165)
Aistriú ón CNP	-	0	-	-	-	0
<b>Glanairgead ó ghníomhaíochtaí maoinithe</b>	<b>-</b>	<b>615</b>	<b>-</b>	<b>(3,780)</b>	<b>-</b>	<b>(3,165)</b>
(Glanlaghdú) / glanmhéadú in airgead agus coibhéisí airgid	(1,270)	84	(25)	(869)	(1,295)	(785)
Airgead Tosaigh agus coibhéisí airgid	1,731	1,689	240	1,109	1,971	2,798
Tionchar luineachtaí ráta malairete ar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	(34)	(42)	-	-	(34)	(42)
<b>Airgead agus coibhéisí airgid deiridh</b>	<b>427</b>	<b>1,731</b>	<b>215</b>	<b>240</b>	<b>642</b>	<b>1,971</b>

# Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

## 1. Cúlra

Cuireadh Ciste Infheistíocha Straitéisí d'Éirinn ("an Ciste") ar bun an 22 Nollaig 2014 le tosach feidhme Chuid 6 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta 2014 ("Acht GBCN 2014"). Is í Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta (an "Gníomhaireacht" nó an "Bainisteoir") rialtóir agus bainisteoir an Chiste. Cuireann Alt 39(1) d'Acht GBCN 2014 d'íallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste (seachas infheistíochaí faoi threoir) a choinneáil nó a infheistiú ar bhonn tráchtála ar bhealach ar aidhm dó tacú le gníomhaíocht eacnamaíochta agus fostáochta sa Stát. Ina theanáin sin, féadfaidh an tAire treoir a thabhairt maidir le hinfeistíochaí áirithe de réir ailt 42, 43 agus 47(4) d'Acht GBCN 2014. Sna ráitis airgeadais seo, is mar "Infheistíochtaí faoi Threoir" a thagraítear d'infheistíochaí a choinnítear de thoradh treoracha ón Aire.

Is é seoladh an Chiste, Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta, Foirgneamh an Státhiste, Sráid na Canálach Móire, Baile Átha Cliath 2, D02 XN96.

Dílsítéar úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais agus ní thrádáiltear é i margadh poiblí agus ní chomhdaítear a ráitis airgeadais le coimisiún urrús ná le heagras rialála ar bith eile d'fhonn aon chineál ionstraime a eisiúint i margadh poiblí.

## 2. Bonn ullmhúcháin

Rinneadh na ráitis airgeadais a réiteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Is bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2015 an tréimhse chomparáideach. Rinneadh gach suim sna ráitis airgeadais a shlánu go dtí an milliún nó an míle is cóngaráí ach amháin má tá a mhalaírt sonraithe. In áiteanna a bhfuil siad in úsáid, seasann €'000' nó 'k' do 'míle', seasann 'm' do 'milliún' agus seasann 'bn' do 'billiún'.

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir Alt 12 den Acht um Gníomhaireacht Bainistíocha an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú), agus iad i bhformáid atá ceadaithe ag an Aire Airgeadais.

Ar thosach feidhme Chuid 6 d'Acht GBCN 2014, d'éirigh sócmhainní agus dliteanais an Chúlchiste Náisiúnta Pinsean ("CNP") ina sócmhainní agus ina ndliteanais de chuid an Chiste (faoi réir fhórálacha Sceideal 4 d'Acht GBCN 2014 i gcás sócmhainní agus dliteanais eachtracha áirithe). Ní mór aistriú dlíthíúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíocha Straitéisí d'Éirinn amhail an 31 Nollaig 2016. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní sin (atá i seilbh Choimisiún CNP tríd an nGníomhaireacht) a dhí-aithint roimhe seo, i ndiaidh an dáta aistrithe, agus aithnítear agus cuírtear i láthair iad laistigh de ráitis airgeadais an Chiste don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 ar aon dul le Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais ("CTA").

Beag beann ar an sealúchas suntasach atá ag an gCiste i ngnáthscaireanna Bhainc-Aontas Éireann ("BAE") mar chuid dá hInfeistíochtaí faoi Threoir, níl an Gníomhaireacht (mar Bainisteoir agus mar Rialtóir ar an gCiste) in ann rialú, tionchar ceannasach ná tionchar suntasach a fheidhmiú ar BAE óir tá an rialú vótála i leith na scaireanna forchoimeádta ag an Aire ionas gurb é / í féin amháin a thabharfaidh treoir. Mar sin, ní dhéanann an Gníomhaireacht torthaí agus staid airgeadais BAE a chomhdhlúthú i ráitis airgeadais an Chiste.

### Ráiteas comhlíonta

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais de réir reachtaíocht CTA 102 Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais atá infheidhme sa RA agus i bPoblacht na hÉireann faoi mar ag Comhairle Tuairiscithe Airgeadais sa RA le húsáid in Éireann.

## 3. Beartaíshuntasacha chuntasáiochta

### 3.1 Gnás tomhais

Tá na ráitis airgeadais ullmhaíthe ar bhonn costas stairiúil ach amháin sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe ag luach círí trí bhrabús nó caillteanas agus ionstraimí airgeadais díorthacha.

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair in euro, arb é airgeadra feidhmiúil an Chiste é fosta.

### 3.2 Gnóthas leanach

Tá staid airgeadais an Chiste, a shreafaí airgid thirim agus a staid leachtachta mionsonraithe san ráitis airgeadais. Lena chois sin, leagtar amach i nótaí na ráiteas airgeadais cuspóirí bhainistíochta riosca airgeadais an Chiste, mionsonraí a shócmhainní agus a dhliteanais airgeadais agus a neamhchosaint ar riosca margaidh, creidmheasa agus leachtachta.

Féadann comhaltaí na Gníomhaireachta, ar bhonn réasúnach, bheith ag dul go mbeadh acmhainní leorga ag an gCiste chun leanúint de bheith ag feidhmiú go ceann tamall de bhlianta. Mar sin, tá an Ciste ag leanúint de ghlacadh le bonn cuntasaíochta gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.3 Meastachán agus breithiúnais chuntasáiochta criticiúla

Is gá, nuair a bhíonn ráitis airgeadais á n-ullmhú de réir CTA 102, feidhm a bhaint as meastachán agus breithiúnais áirithe chuntasáiochta a dhéanann lucht bainistíocha nuair a bhíonn polasaithe cuntasáiochta an Chiste á gcur i bhfeidhm agus a mbíonn tionchar suntasach acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

Tá na meastachán agus na breithiúnais bhainteacha sin bunaithe ar thaithí stáiriúil agus ar roinnt tosca éagsúla eile a mheastar a bheith réasúnta sna himthosca. Is iad na torthaí a eascraíonn astu an bonn chun na breithiúnais a dhéanamh maidir le luachanna sócmhainní agus dliteanas a iompar nach bhfuil iomlán soiléir ó fhoinsí eile. D'fhéadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhír agus na meastachán seo.

Maidir leis na meastachán agus toimhdí a bhfuil riosca suntasach ag baint leo go ndéanfaí coigeartú ábhartha dá mbarr ar shuimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas, lena áirítear tomhas cóirluacha sócmhainní airgeadais a bhfuil ionchuir shuntasacha dobhreathnaithe acu.

#### 3.4 Aistriú airgeadra eachtraigh

##### (a) Airgeadra feidhmeach agus láithreachais

Is leis an Aire Airgeadais an Ciste agus is in Éirinn atá a shainchónaí. Is infheistíochtaí i gcomhlachtaí Éireannacha na hInfheistíochtaí faoi Threoir. Is é príomhghníomháocht na punainne Lánroghnaí infheistiú a dhéanamh ar bhonn tráchtala agus ar bhealach a cheaptar chun tacú le gníomhaíocht gheilleagrach agus le fostáiocht sa Stát. Is in Éirinn atá príomhúsáideoirí na ráiteas airgeadais lonnaithe, agus, mar sin, is in Euro a thomhaistear agus a thuairiscítear feidhmíocht an Chiste.

##### (b) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátáí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanas airgeadra eachtraigh go dtí an t-airgeadra feidhmiúil trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ag dátáí na n-idirbheart.

Cuimsítear gnóthachain agus cailteanas mhalaire eachtraí a thagann de bharr aistriú agus / nó a bhaineann le hairgead tirim agus le coibhéisí airgid thírim sa ghnóthachan nó cailteanas sa ráiteas ioncaim chuimsíthigh.

Cuimsítear gnóthachain agus cailteanas mhalaire eachtraí atá bainteach le sócmhainní agus dliteanas airgeadais iompraithe ag luach cóir tríd brábús agus cailteanas sa Ráiteas Ioncaim Chuimsíthigh.

#### 3.5 Ús

Aithnítear ioncam agus speansais úis trí úsáid mhodh an ghlanráta úis. Is é an glanráta úis an ráta a lascainíonn go síreacht íocaíochtaí measta airgid nó fáltais mheasta airgid amach anseo, gan cailteanas creidmheasa amach anseo a chur san áireamh, thar shaolré ionchasach na hionstráime airgeadais nó chomh fada leis an gcéad dáta athphraghsála margadh bhunaithe eile go dtí glanshuim glanluacha na hionstráime airgeadais ar a chéad aithint.

#### 3.6 Ioncam díbhinne

Aithnítear ioncam díbhinne ar an dáta a socraítear an ceart chun íocaíocht a fháil.

#### 3.7 Glanghnóthachan / (glanghaillteanas) ar shócmhainní agus dliteanas airgeadais ag luach cóir tríd bhrabús nó trí chailteanas (FVTPL)

Áirítear le (glanghaillteanas) ó ionstráimí airgeadais ag FVTPL athruithe luach cóir réadaithe agus neamhréadaithe agus difríochtaí malairte eachtraí.

#### 3.8 Táillí agus muirir, agus speansais eile

Is iondúil gurb ar bhonn fabhrúithe a aithnítear táillí agus muirir, agus speansais eile.

#### 3.9 Airgead agus coibhéisí airgid

Cuimsíonn airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim infheistíochtaí gearrthréimhseacha, ardleachtacha atá so-inmhálataithe go suimeanna aitheanta airgid atá faoi réir riosca neamhshuntasach athruithe ar luach. Déantar airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim agus billí státhiste, a chomhlíonann na coinníollacha le bheith áirithe mar choibhéisí airgid tirim, a thomhas ag luach cóir.

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.10 Tomhas sócmhainní agus dliteanas airgeadais

##### **Tomhas luacha chóir**

Is é is 'luach cóir' ann an méid ar a bhféadfaí sócmhainn a mhalartú, dliteanas a shocrú nó ionstraim cothromais cheadaithe a mhalartú idir páirtithe tolteanacha feasacha in idirbheart ar neamhthuilleamaí.

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ar dtús nuair a dhéantar páirtí de chuid fhorálacha conartha na n-ionstraimí den Chiste. Tomhaistear sócmhainní airgeadais agus dliteanas airgeadais ar aithint tosaigh dóibh ag praghas idirbhirt.

Áiritear le teicníci luachála glanluach reatha agus samhlacha sreabhadh airgid thirim, comparáid le hionstraimí cosúla dá bhfuil praghsanna inbhreathnaithe margaidh agus samhlacha luachála ann dóibh. Áiritear le toimhdí agus ionchuir a úsáidtear i dteicníci luachála rátaí úis saor ó riosca agus tagarmharcála, raoi difríochta chreidmheasa agus préimheanna eile a úsáidtear le meastachán a dhéanamh ar rátaí lascaine, praghsanna bannaí agus gnáthscaireanna, rátaí malairte airgeadra eachtraigh, innéacsanna gnáthscaireanna, tuilleamh roimh ús, cánacha, dímheas agus amúchadh ("TRÚCDA"), iolraigh agus iolraigh ioncaim agus luaineachtaí agus comhghaolta praghsanna a raibh súil leo.

##### **Tomhas costas amúchta**

Is é costas amúchta sócmhainn airgeadais an méid ag a dtomhaistear an tsócmhainn airgeadais nuair a aithnítear ar dtús í, lúide aisíofaíochtaí bunairgid, móide nó lúide an t-amúchadh carnach trí úsáid mhodh an għlanrāta úis idir an chéad mhéid a aithníodh agus an méid aibfóchta, lúide aon laghdú ar chlúdach nó ar dhobhailtheacht.

##### **Clúdach**

Déantar sócmhainn airgeadais nach rangaítear ag FVTPL a mheasúnú ar gach dáta tuairiscithe lena shocrú cé acu atá nó nach bhfuil fianaise oibiachtúil ar bhearnú. Tá sócmhainn airgeadais nó grúpa shócmhainní airgeadais 'bearnaithe' má tá fianaise oibiachtúil ar bhearnú mar gheall ar imeacht amháin nó níos mó a tharla i ndiaidh aithint tosaigh na sócmhainne agus go raibh tionchar ag an imeacht cailleánais ar shreafaí measta airgid na sócmhainne amach anseo ar féidir iad a mheas go hiontaofa.

Áiritear le fianaise oibiachtúil go bhfuil sócmhainní airgeadais bearnaithe nuair atá deacracht shuntasach airgeadais ag an eisitheoir nó ag an bhfeichiúnaí, sárú conartha, loiceadh nó failí in fócafoctaí úis nó bunairgid, athstruktúrú an mhéid atá dlite ar théarmaí nach dtoileodh an Ciste de għnáth, comharthaí go rachaidh iasachtaí i bhfēimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile, nó athru itteiħha idu i stádas īċaċċa na n-iasachtaithe de dheasca dalaí idültacha eacnamaófcta náisiúnta nó áitiúla nó athrú idültach i ndálai tionscail.

Riomhtar cailleánas bearnaithe i leith sócmhainn airgeadais a thomhaistear ag costas amúchta mar an difríocht idir a suim għlanluacha agus luach reatha an tsreafa mheasta airgid, lascainithe ag glanrāta úis bunaidh na sócmhainne. Is i mbrabús nó i għall-teinas a aithnítear cailleánais agus léirítar iad i għontas liuntas in aghajnejha infheistó. Leantar d'aithint ús ar an tsócmhainn bhearnaithe. Má tá imeacht a tharlaonn i ndiaidh aithint an bhearnaithe mar chūs le laghdú mhéid an chailleánas bhearnaithe, freaschuirtear an laghdú cailleánas bearnaithe trí bħrabús nó cailleánas.

#### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanas Airgeadais

Sealbhaíonn an Ciste dhá chineál infheistóchtaí:

##### **(a) Infheistóchtaí Lánroghnacha**

Infheistóchtaí arna ndéanamh de réir Alt 39 d'Acht GBCN 2014, trína mbeidh sé d'íallach ar an nGníomhaireacht sócmhainní an Chiste a shealbhú nó a infheistiú ar bhonn tráchtála agus ar bhealach a cheapfar chun tacú le gníomhaíochta għeilleagħagħi agus le fostaoħċht sa Stát.

##### **i) Infheistóchtaí lánroghnacha a luacháil**

Tá nösanna imeacha bunaithe ag an nGníomhaireacht chun athbhreithniú tréimhsíul a dhéanamh ar luacháil infheistóchtaí. Bunaithe ar a breithiúnas fén agus ar an bhfaisnéis ábhartha atá ar fáil di, féadfaidh an Ghníomhaireacht a chinneadh in imħosca áirith għur chuí luacháil an bhainisteora sheachtraigh a choigeartú agus an luach cóir atá ar infheistócht á thuairisci aici.

Cuireadh Coiste Luachála ar bun (Nóta 15.7(ii)), ar a bhfuil an Príomhoifigeach Airgeadais agus Feidhmiúcháin, Príomhoifigeach Riosca, Stiúrthóir CISÉ agus pearsanra eile de chuid na bainistóchta sinsearai, le cuiidí leis an nGníomhaireacht luacháil infheistóchtaí an Chiste a chinneadh trí:

- luachála tréimhsíula infheistóchta agus bonn luachála shócmhainní an chiste a athbhreithniú de réir an chreata cuntasaíochta ar ghlaç an Ciste leis;
- na luachála sócmhainní a fhaomhadh lena gcuimsiú i ráitis airgeadais an Chiste;
- tacú le Coiste Iniúchóireachta GBCN chun ráitis airgeadais an Chiste a athbhreithniú agus a fhaomhadh agus le gníomhaíochtaí eile a d'ireodh anjós.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

##### (a) Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

###### i) Infheistíochtaí lánroghnacha a luacháil (ar lean)

Rangú, aithint agus tomhas

**Sócmhainní agus dliteanais airgeadais bhunúsacha**

**Gnáthscaireanna lúaite, ionstraimí fiachais agus cistí infheistíochta**

Tomhaistear infheistíochtaí ag luach cóir, arb ionann é agus an luach margaidh deiridh neamhchoigearaithe ar an bpríomh-mhalartán nó ar an bpríomh-mhargadh ar a bhuil an infheistíochta lúaite.

**Gnáthscair phríobháideach díreach agus gnáthscair neamhluaité**

Tomhaistear infheistíochtaí i scaireanna roghnacha agus i ghnáthscaireanna ar dtús ag an bpraghais idirbhirt lúide costais idirbhirt. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear infheistíochtaí is féidir a thomhas go hiontaofa, ag luach cóir agus aithnítear athruithe ina luach cóir i mbrabús agus caillteanas. Nuair a mheastar nach féidir luach cóir a thomhas go hiontaofa, tomhais fear infheistíochtaí den sórt ag costas lúide bearnú.

**Ionstraimí Fiachais**

Tá ionstraimí sainiuála fiachais ag an gCiste a chomhlíonann sainmhíniú bunionstraimí sainiuála airgeadais mar shócmhainní airgeadais ag luach cóir trí bhrabús nó caillteanas ar chéadaithint dóibh óir is cuid de ghrúpa sócmhainní airgeadais iad a bhainistítear agus a bhfeidhmíocht luachálte ar bhonn luacha chóir. Tomhaistear ionstraimí fiachais eile nach mbainistítear nó nach luacháltear ar bhonn luacha chóir ag costas amúchta.

**Ionstraimí fiachais neamhluaité**

Déantar bannáí neamhluaité a luacháil ag luach cóir arna mheas ag an mBainisteoir trí leas a bhaint as samhlacha luachála bannáí atá bunaithe ar shonraí margaidh inbhrante.

**Infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine, gnáthscair phríobháideach, foraoiseachta agus bonneagair**

I gcás infheistíochtaí neamhluaité i gcistí réadmhaoine, cothromais phríobháidigh, foraoiseachta agus bonneagair nach bhuil aon mhargadh gníomhach ann dóibh, tá an luach cóir measta bunaithe ar an luacháil is déanaí arna cur ag an mbainisteoir seachtrach lena mbaineann ar an gciste nó ar an gcompháirtíocht sna ráitis iniúchta airgeadais. Sa chás nach bhuil luacháil iniúchta ar fáil, mar shampla, i gcásanna nach bhuil deireadh bliana an chiste nó na compháirtíochta ag teacht le deireadh bliana an Chiste iontu, baintear úsáid as an luacháil neamhiniúchta is déanaí atá ar fáil.

Déanann bainisteoirí seachtracha luacháil na n-infheistíochtaí sin a chinneadh trí úsáid a bhaint as modhanna luachála tionscail a bhuil glacadh leo agus as treoir línte arna bhfoilsíú ag comhlacthaí tionscail iomchuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a d'fhéadfadh a bheith in úsáid ag bainisteoirí seachtracha, tá: iolraí tuillimh de chuid cuideachtaí inchomparáide a thrádáiltear go poiblí, sreafaí airgid lascainithe, idirbhhearta tríú páirtí, nó eachtraí a thugann bearnú nó feabhas ábhartha ar luach cóir na hinfeistíochta le fios. I gcéad bliain na húinéreachta, meastar de ghnáth gurb ionann costas agus meastachán cuí ar luach cóir na n-infheistíochtaí seo, ach amháin sa chás go dtugtar bearnú buan ar luach na n-infheistíochtaí le fios.

Is féidir le raon luachanna féideartha bheith ann do na hinfeistíochtaí sin agus is féidir le luachanna córa measta bheith éagsúil leis na luachanna a bheadh in úsáid dá mbeadh luach margaidh ghníomhaigh ann d'infheistíochtaí den sórt sin.

Úsáideann an Ghníomhaireacht luachálacha bainisteoirí seachtracha le luach cóir infheistíochta a shocrú ar aon dul lena príoseas luachála arna mhaoirsíú ag an gCoiste Bainistíochta Luachála.

**Cistí Infheistíochta Neamhluaité**

Déantar cistí infheistíochta neamhluaité a luacháil de réir an Ghlanluacha Sócmhainní is déanaí arna fhoilsíú ag riarthóirí na gcistí.

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanais Airgeadais (ar lean)

##### (a) Infheistíochtaí Lánroghnacha (ar lean)

###### i) Infheistíochtaí lánroghnacha a luacháil (ar lean)

###### Ní bhreithnítear ar ionstraimí airgeadais mar bhunionstraimí airgeadais (ionstraimí airgeadais eile)

Aithnítear ag luach cóir ar dtús ionstraimí airgeadais eile nach gcomhlíonann sainmhíniú bunionstraimí airgeadais. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear ionstraimí airgeadais eile ag luach cóir agus aithnítear athruithe i mbrabús agus caillteanas, ach amháin infheistíochtaí in ionstraimí cothromais nach dtrádáltear go poiblí agus nuair nach féidir, seachas sin, luach cóir a thomhas go hiontaofa a thomhaisfear ag costas lúide bearnú.

###### Ionstraimí airgeadais díorthacha

Aithnítear ionstraimí airgeadais díorthacha ag luach cóir. Aithnítear láithreach sa bhrabús nó caillteanas an gnóthachan nó caillteanas ar tomhas de réir luacha chóir.

###### Infháltais fhadtéarmacha

Léirítear infháltais fhadtéarmacha de réir a luacha chóir. Déantar luach cóir na n-infháltas sin a mheas trí shreafaí airgid na dtodhchaíochtaí a lascainiú de réir an ráta margaidh atá ar fáil ag an am don Chiste le haghaidh ionstraimí airgeadais den chineál céanna.

###### Iasachtaí agus Infháltais

I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis. Tomhaisfear bunionstraimí fiachais (nach ngabhann árachas leo) atá iníoctha nó infhaigthe laistigh de bhliain ag an méid lascainithe den airgead tirim nó de chomaoín eile a mbítear ag dúil lena foc nó lena fháil (i.e. glan ar bhearnú) ach amháin gur idirbheart maoinithe é an socrú, i ndáiríre. Más idirbheart maoinithe é an socrú, tomhaisfidh an Ciste an ionstraim fiachais ag luach reatha na n-fócaíochtaí a dhéanfar amach anseo lascainithe ag ráta úis margaidh i leith ionstraim fiachais den sórt céanna.

###### Infháltais agus iníocthaí eile, airgead tirim, méideanna dlite do / (ó) bhróicéir

Aithnítear infháltais eile ar dtús ag praghanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. Aithnítear iníocthaí eile ar dtús ag praghanna idirbhirt lúide costais idirbhirt inchurtha. I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí agus infháltais ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis, lúide bearnú i gcás infháltais trádála.

###### Infháltais agus iníocthaí faoi chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus urrús a fuarthas ar iasacht

Nuair a cheannaíonn an Ciste sócmhainn airgeadais agus déanann comhaontú go comhuaineach an tsócmhainn chéanna nó sócmhainn an-chosúil a dhíol ar phraghas seasta ar dháta sa todhchaí (comhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh), déantar an socrú a chuntas mar bhunionstraim fiachais ag costas amúchta, má tá sé incháilithe mar cheann bunúsach agus atheanta sa ráiteas ar staid airgeadais mar infháltas ó chomhaontú díolachán freaschurtha agus athcheannaigh, agus ní aithnítear an bhunsócmhainn i ráiteas airgeadais an Chiste.

Tomhaistear infháltais ó chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh agus iníocthaí ó chomhaontuithe díolacháin agus athcheannaigh ina dhiaidh sin ag costas amúchta.

##### (b) Infheistíochtaí faoi Threoir

Sealbhaíonn an Ghníomhaireacht na hInfheistíochtaí faoi Threoir faoi réir treoracha arna dtabhaint ag an Aire Airgeadais de bhun alt 43 d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótala agus na gceart eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir treoracha arna dtabhaint ag an Aire Airgeadais.

Déanann an Ghníomhaireacht aon ús nó aon ioncam eile a fhaightear i leith taiscí agus / nó urrús sa phunann faoi Threoir a shealbhú nó a infheistiú de réir Treorach ón Aire.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.11 Sócmhainní agus Dliteanas Airgeadais (ar lean)

##### (b) Infheistíochtaí faoi Threoir (ar lean)

###### i) Infheistíochtaí faoi threoir a luacháil

###### Gnáthscaireanna

Déantar na gnáthscaireanna a shealbhaítear mar chuid den phunann Infheistíochta faoi Threoir a luacháil de réir a luacha chóir. Is é luach cóir an luach margaidh deiridh ar an bpriomh-mhalartán nó ar an bpriomh-mhargadh ar a bhfuil an infheistíocht luita.

Sa chás nach meastar gur meastachán iontaofa ar luach cóir atá sna praghsanna margaidh deiridh, déantar gnáthscaireanna a luacháil trí úsáid a bhaint as modheolaíochtaí luachála cuí. I measc na modheolaíochtaí luachála a mbaintear úsáid astu tá anailís ar shreabhadh airgid lascainithe, anailís ar chothromas iomlán, anailís ar chuideachtaí inchomparáide nó anailís ar idirbhearta ar fasaigh iad.

###### Iasachtaí

I ndiaidh a n-aithint tosaigh, tomhaistear iasachtaí ag costas amúchta trí úsáid an ghlanráta úis. Tomhaistear bunionstraimí fachais (nach ngabhall ús leo) atá iníochta nō infhaichte laistigh de bhliain, ag an méid neamhlascainithe den airgead tirim nō de chomaoín eile a mbítear ag dúil lena fóc nó lena fháil (i.e. glan ar bhearnú) ach amháin más idirbheart maonithe é an socrú, i ndáiríre. Más idirbheart maonithe é an socrú, tomhaisfidh an Ciste an ionstraim fiachais ag luach reatha na n-íocaíochtaí a dhéanfar amach anseo lascainithe ag ráta úis margaidh i leith ionstraim fiachais den sórt céanna.

#### 3.12 Dí-aithint

Dí-aithníonn an Ciste sócmhainn airgeadais nuair:

- a bhíonn cearta conartha na sreafaí airgid ón tsócmhainn socratthe nō in éag;
- a théann sí in éag, nō aistrítear chuig páirtí eile gach riosca agus leas úinéireachta de chuid na sócmhainne airgeadais; nō
- tá riosca agus leas suntasach áirithe úinéireachta coinnithe ag an gCiste, tá stiúir na sócmhainne aistrithe chuig páirtí eile agus tá an cumas praiticiúil ag an bpáirtí eile an tsócmhainn a dhíol ina hiomláine le tríú pártí neamhbhainteach agus féadann siad an cumas sin a fheidhmiú go haontaobhach agus ní gá dóibh srianta breise a chur ar an aistriú. Sa chás seo, dí-aithníonn an Ciste an tsócmhainn agus aithníonn sé ar leith cearta nō oibleagáidí ar bith a choinnítear nō a chruthaítear san aistriú.

Ar dhí-aithint sócmhainn airgeadais, leithdháilfear suim ghlanluacha na sócmhainne aistrithe idir na cearta nō na hoibleagáidí a choinnítear agus iad siúd a aistrítear ar bhonn a luachanna córa coibhiseacha ar dháta an aistrithe. Tomhaisfear cearta agus oibleagáidí nuachruthaíthe ag a luachanna córa ar an dáta sin. Aithneofar i mbrabús nō i gcailteanas i mbliain an aistrithe aon difríocht idir an chomaoín a fhaightear agus na méideanna a aithnítear agus a dhí-aithnítear.

Murab é dí-aithint an toradh a bheidh ar aistriú ar an ábhar gur choinnigh an Ciste rioscaí suntasacha agus leas suntasach úinéireachta i leith na sócmhainne aistrithe, leanfaidh an Ciste d'aithint na sócmhainne aistrithe ina hiomláine agus aithneofar dliteanas airgeadais i leith na comaoine a fuarthas. Ní dhéanfar an tsócmhainn agus an dliteanas a fhritháireamh. Le linn tréimhsí ina dhiaidh sin, aithneoidh an Ciste aon ioncam ar an tsócmhainn aistrithe agus aon speansais a tabhaíodh ar an dliteanas airgeadais.

Dí-aithníonn an Ciste dliteanas airgeadais nuair a urscaoiltear, a chealaítear nō nuair a éagann a oibleagáidí conartha.

Aithneoidh an Ciste i mbrabús nō i gcailteanas aon difríocht idir suim ghlanluacha an dliteanas airgeadais (nó cuid de dhliteanas airgeadais) a chuirfear ar ceal nō a aistreofar chuig pártí eile agus an chomaoín a fócadh, lena n-áirítear sócmhainní neamhairgid ar bith a aistreofar nō dliteanas a ghlacfar.

### 3. Beartais shuntasacha chuntasáiochta (ar lean)

#### 3.13 Fritháireamh

Déantar sócmhainní cánoch iarchurtha agus dliteanais chánach iarchurtha a thritháireamh sa ráiteas ar staid airgeadais nuair, agus sa chás seo amháin, go bhfuil ceart fritháirimh atá infheidhmithe le dlí ann ag an gCiste na méideanna aitheanta a thritháireamh agus go bhfuil sé beartaithe aige glanadh ar bhonn glansuime nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a ghlanadh go comhuaineach.

Cuirtear ioncam agus speansais i láthair ar bhonn glansuime i leith gnóthachan agus caillteanas ó ionstraimí ag FVTPL agus gnóthachain agus caillteanas malaire eachtraí.

### 4. Ioncam

#### 4.1 Punann Lánroghnach

	2016 €m	2015 €m
Ioncam úis	61	49
Ioncam díbhinne	16	38
Ioncam réadmhaoine	7	24
Ioncam eile	5	9
Ioncam ó ghnáthscair phríobháideach	1	1
	<b>90</b>	<b>121</b>

Áirítear le hioncam Eile aisíocaíochtaí dar suim €3m (2015: €7m),, iasachtú urrús dar suim €nil (2015: €1m) agus ioncam ilchineálach dar suim €2m (2015: €1m).

#### 4.2 Punann faoi threoir

	2016 €m	2015 €m
Ioncam díbhinne	(0)	0
Ioncam úis	-	446
	<b>(0)</b>	<b>446</b>

Léiríonn an t-ioncam úis de (€0m) thuas €162k d'ús diúltach atá á ghearradh ar an gcuntas bainc. In 2015, is ionann an t-ioncam úis de €18k agus ús a fuarthas ó notaí Státhiste na hÉireann a bhí á sealbhú.

Bhí scaireanna tosaíochta in AIB i seilbh an Chiste i rith na bliana. Mar gheall ar shealbhú na scaireanna tosaíochta seo, bhí an Ciste i dteideal díbhinn bhliantúil. Ar an 13 Bealtaine 2015, fuair an Ciste díbhinn dar suim €280m d'airead tirim. Ar an 18 Nollaig 2015, i ndiaidh fhuascailt agus choinbhéartú na scaireanna tosaíochta, fuair an Ciste €166m eile d'ioncam díbhinne.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 5. Costais oibriúcháin

Is mar seo a leanas atá an tsuim a theastaíonn chun freastal ar chostais bhainistíochta infheistíochta agus riarrachán an Chiste:

#### 5.1 Punann Lánroghnach - táillí agus speansais

	2016 €m	2015 €m
Táillí Bainisteoirí Infheistíochta	10	3
Táillí Caomhnóirí Domhanda	1	1
Córais agus Seirbhísí	1	1
Táillí Dlí	2	1
Táillí cánach	1	0
Táillí Gairmiúla	1	0
Eile	(0)	0
Athmhuirear GBCN	10	9
	<b>26</b>	<b>15</b>

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is gá na speansais a thabhaíonn an Ghníomhaireacht agus a cuid feidhmeanna i leith an Chiste á gcomhlíonadh aici a ghlanadh ón gCiste. B'ionann iad sin agus €10.4m i 2016 (2015: €8.7m).

### 6. Cánachas ar an bPunann Lánroghnach

Tá ioncam agus brabús an Chiste díolmaithe ó Cháin Chorparáide na hÉireann de réir alt 230(1) agus 230 (1A) den Acht Comhdhlúite Cána, 1997, arna leasú. Mar sin féin, féadfaidh an Ciste bheith faoi dhlíteanas i leith cánacha i ndlíní thar lear nach bhfuil lándíolúintí ó cháin ar fáil iontu.

Féadfaidh díbhinní agus ús bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha do-aisghabhála eachtracha arna bhforchur ag an tír óna bhfaightear an t-ioncam infheistíochta. Leithdháltí ioncaim agus gnóthachain a fhaigheann an Ciste óna chuid infheistíochtaí i gcistí réadmhaoine agus gnáthscair phríobháidigh, féadfaidh siad bheith faoi réir cánacha siarchoinneálacha eachtracha freisin. Chomh maith leis sin, féadfaidh an Ciste bheith faoi réir cánacha eachtracha breise a bhíonn iníoctha gach bliain ar infheistíochtaí áirithe réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh, agus iad bunaithe ar a luachanna sócmhainní ag an dáta tuairiscithe.

Tá na cánacha eachtracha a ndearnadh soláthar dóibh leagtha amach thíos:

	2016 €m	2015 €m
Athéileamh cánach siarchoinneálaí	0	2
Cánacha eachtracha ar ioncam	10	(8)
<b>Glanhostas Cána</b>	<b>10</b>	<b>(6)</b>

Fuair an Ciste €0.3m (tréimhse ón 22 Nollaig 2014 go 31 Nollaig 2015: €1m) ó athélimh chánach siarchoinneála i dtaca le hathélimh chánach a cureadh isteach don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016. Fuair an Ciste aisíocaíocht de €13m ó na Stáit Aontaithe i dtaca le CNP le linn 2016.

### 7. Sócmhainní agus dlíteanais airgeadais lánroghnacha

#### 7.1 Struchtúr an chiste agus aistriú

Tar éis don CISF a bheith bunaithe i mí na Nollag 2014, tá infheistiú déanta ag an gCiste ar bhonn tráchtala ar bhealach ceaptha chun tacú le gníomhaíoch eacnamaíoch agus fostáiocht in Éirinn. Le linn 2016, chuir an CISF Straitéis Aistríthe Punainne Domhanda (SAPD) i bhfeidhm, a rinne punann leachtachta den Phunann Domhanda atá á bainistíú go coimeádach agus a chuirfidh airgead tirim ar fáil chun deiseanna infheistíochta a chistiú de réir mar a thagann siad chun cinn.

Is ionann an Phunann Lánroghnach lomlán agus €8.1bn, a bhfuil €1.4bn de á infheistiú sa Phunann Éireannach agus €6.7bn á infheistiú sa Phunann Dhomhanda. Amhail an 31 Nollaig 2016, bhí €2.6bn san iomlán geallta don Phunann Éireannach.

## 7. Sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha (ar lean)

### 7.2 Luacháil Lánroghnach Punann

	2016 €m	2015 €m
	Athbhreithniú Gnó	Rialachas agus Faisnéis Chorparáideach
	Ráitis Airgeadais	Punann Infheistíochtaí - CISÉ
<b>Infheistíochaí ag FVTPL</b>		
GnáthscaireannaLuaite	335	1,091
Gnáthscair Phríobháideach Dhíreach	48	17
Gnáthscaireanna Neamhluaite	0	0
Ionstraimí FiachaisLuaite	1,941	581
Ionstraimí Fiachais Neamhluaite	210	185
Infheistíochaí Réadmhaoine	189	236
Infheistíochaí Gnáthscair Phríobháidigh	469	367
Infheistíochaí Foraoiseachta	41	30
Infhiestíochaí Fuinnimh	26	-
Infheistiochaí Bonneagar	130	125
Cistí InfheistíochaLuaite	2,912	2,306
Cistí Infheistíocha Neamhluaite	829	387
Scaireanna in-chomhshóite tosaíocha	29	-
Lasacht in-chomhshóite	1	-
Infháltais Fhadtéarmacha	-	18
Gnóthachan Neamhréadaithe ar Roghanna Cothromais	-	11
Gnóthachan Neamhréadaithe ar Thodhchaíochtaí	9	-
Gnóthachan Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach	-	2
<b>Iomlán Infheistíochaí ag FVTPL</b>	<b>7,169</b>	<b>5,356</b>
<b>Lasachtaí agus infháltais</b>		
Fiachas Eile	366	300
Bannaí Eile	95	95
<b>Iomlán na n-iasachtaí agus na n-infháltas</b>	<b>461</b>	<b>395</b>
<b>Dliteanais airgeadais</b>		
Caillteanas Neamhréadaithe ar roghanna cothromais	(1)	-
Caillteanas Neamhréadaithe ar babhtáil mainneachtana creidmheasa	(1)	-
Caillteanas Neamhréadaithe ar Thodhchaíochtaí	-	(1)
Caillteanas Neamhréadaithe ar Chonarthaí i Malairt Eachtrach	(46)	-
<b>Iomlán na ndliteanas airgeadais</b>	<b>(48)</b>	<b>(1)</b>
<b>Airgead agus infheistíochaí eile</b>		
Billí Státhiste	33	450
Airgead Tirim	394	1,281
<b>Iomlán an airgid agus na gcoibhéisí airgid</b>	<b>427</b>	<b>1,731</b>
<b>Iomlán sócmhainní agus dliteanais airgeadais lánroghnacha</b>	<b>8,009</b>	<b>7,481</b>
Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile	61	396
larmhéid dlite ó bhróicéirí	39	-
larmhéid dlite le bróicéirí	-	(15)
Dliteanais eile	(18)	(5)
<b>Iomlán glansócmhainní lánroghnacha</b>	<b>8,091</b>	<b>7,857</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 8. Infheistíochtaí faoi Threoir

Sealbhaíonn an Ghníomhaireacht Infheistíochtaí faoi Threoir faoi réir treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais de bhun alt 43 d'Acht GBCN 2014. Ní mór sealbhú agus bainistiú na nInfheistíochtaí faoi Threoir, feidhmiú na gceart vótála agus na gceart eile a ghabhann leis na hInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht agus diúscairt na nInfheistíochtaí faoi Threoir ag an nGníomhaireacht a dhéanamh de réir aon treoracha arna dtabhairt ag an Aire Airgeadais.

#### 8.1 Luacháil na nInfheistíochtaí faoi Threoir

	2016 Aonaid Milliún	2015 Aonaid Milliún	Luacháil (€) 2016 In Aghaidh an Aonaid	Luacháil (€) 2015 In Aghaidh an Aonaid	2016 €m	2015 €m
<b>Banc na hÉireann (Bol)</b>						
Gnáthscaireanna <sup>1</sup>	4,512	4,512	0.234	0.338	<b>1,056</b>	<b>1,525</b>
<b>Bainc-Aontas Éireann (AIB)</b>						
Gnáthscaireanna <sup>2</sup>	2,711	2,711	4.277	4.5138	<b>11,595</b>	<b>12,236</b>
<b>Iomlán shócmhainní na n-infheistíochtaí faoi threoir</b>					<b>12,651</b>	<b>13,761</b>
Airgead (Nóta 12)					215	240
Lasacht CBSÉ (Nóta 14.3)					25	-
<b>Iomlán na n-infheistíochtaí faoi threoir</b>					<b>12,891</b>	<b>14,001</b>

<sup>1</sup> Tá luacháil na scaireanna in Bol bunaithe ar phraghsanna luate.

<sup>2</sup> Mar gheall ar an méid gnáthscaireanna atá ag an gCiste in AIB (99.9%), cheap an Ghníomhaireacht EY chun luach cóir neamhspleách a chur ar na hinfheistíochtaí.

#### 8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir

	2016 €m	2015 €m
<b>Banc na hÉireann</b>		
Luacháil tosaigh	1,525	1,412
(Caillteanas) / gnóthachan infheistíochta le linn na tréimhse	(469)	113
<b>Luacháil Deiridh</b>	<b>1,056</b>	<b>1,525</b>
<b>Bainc-Aontas Éireann</b>		
Luacháil tosaigh	12,236	11,711
Fuascailt scaireanna tosaíochta	-	(1,700)
(Caillteanas) / gnóthachan infheistíochta le linn na tréimhse	(641)	2,225
<b>Luacháil Deiridh</b>	<b>11,595</b>	<b>12,236</b>

## 8. Infheistíochtaí faoi Threoir (ar lean)

### 8.2 Gluaiseacht luacháil na n-infheistíochtaí faoi threoir (ar lean)

#### i) Luacháil infheistíochtaí faoi threoir scaireanna AIB

Agus luacháil an Chiste ar AIB á cinneadh aige, rinne EY breithníu ar roinnt modheolaíochtaí luachála, lenar áiríodh luacháil a bhí bunaithe ar thorthaí cuideachtaí inchomparáide, anailís ar chuideachtaí inchomparáide agus anailís ar idirbhearta ar fasaigh iad.

Bhíothas den tuairim go raibh anailís ar chuideachtaí inchomparáide ar an modheolaíocht ba chuí maidir leis na Gnáthscaireanna in AIB a luacháil. Mar chuid den anailís sin, baineadh úsáid as iolraí margaidh a bhí inchomparáide agus ar fáil go poiblí - mar shampla, an leabharluach inláimhsithe i gcoibhneas leis an toradh ar chothromas - ar mhaithle le luach a chur ar na gnáthscaireanna. Rinne EY breithníu ar iolraí eile freisin amhail an praghas i gcoibhneas an tuillimh agus an praghas i gcoibhneas an leabharluacha.

Cé go raibh méadú sa ghlanchúach de réir na leabhar ar AIB thar an bhliain, tá an luach níos ísle ag 31 Nollaig 2016 mar gheall ar laghdú sa luacháil phiarghrúpa.

Ba chóir a thabhairt faoi deara gurb ann do roinnt fogaireachtaí a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don luacháil ar AIB, lena n-áirítear iad seo a leanas:

- Féideartha IPO de scaireanna AIB i 2017;
- Athruithe i meon agus i ndearcadh infheisteoirí i leith na mbanc agus san ionchas atá ann don tionscal baincéireachta agus don mhórgheilleagar intíre agus do mhórgheilleagar na hEorpa;
- Athruithe ar fheidhmíocht airgeadais agus ionchas AIB. Tá AIB neamhchosanta go mór ar gheilleagar intíre na hÉireann. D'fhéadfadh cinneadh na Ríochta Aontaithe maidir leis an Aontas Eorpach a fhágáil tionchar a imirt ar na téarmaí faoina mbeidh geilleagar na hÉireann ag feidhmiú agus ar an méid a leanfaidh sreabhadh na hinfeistíochta isteach ar aghaidh.

Dá bhfanfadh na tosca eile uile mar atá, m.sh. gluaiseacht 1% i luacháil an phiarghrúpa inchomparáide, bheadh athrú de thart ar €104.3m i luacháil na nGnáthscaireanna in AIB amhail an 31 Nollaig 2016 (2015: €122.4m).

## 9. Suimeanna infhaighte trádála agus suimeanna infhaighte eile

	2016 €m	2015 €m
Gnáthscair phríobháideach infhaighte	19	382
Ús fabhraithe ar Urrús Ioncain Sheasta	27	10
Suimeanna unfhaltha ar urrús díolta	13	-
Díbhinní infhaighte	0	2
Athélimh chánach in-aisghabhála	2	2
	<b>61</b>	<b>396</b>

## 10. Dliteanais eile

	2016 €m	2015 €m
Speansais fhabhráithe eile	10	5
Suimeanna iníochta i leith urrús a ceannaíodh	8	-
	<b>18</b>	<b>5</b>

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 11. Aistrithe

#### 11.1 Sócmhainní a dhí-aithin CNP

Ón 22 Nollaig 2014, is é atá i gCoimisiún CNP coimisinéir aonair (Príomhfheidhmeannach, GBCN) a gceanglaítear air le hAcht GBCN 2014 gach rud is indéanta go praiticiúil a dhéanamh chun éifeacht a thabhairt d'aistriú aon sócmhainní atá fágtha arna rialú le dlí eachtrach. Ní mór aistriú dlíthiúil na sócmhainní seachtracha a dhéanamh i gcomhar leis an gcontrapháirtí iomchuí. Tá an próiseas beagnach críochnaithe, agus tá roinnt bheag sócmhainní eachtracha nach bhfuil aistrithe ó CNP go Ciste Infheistíocha Straitéisí d'Éirinn faoi 31 Nollaig 2015. Rinne Coimisiún CNP na sócmhainní a bhí ag CNP a dhí-aithint cheana, agus ar aon dul le caighdeán tuairiscithe chuntasaíochta, aithnítear agus cuirtear i láthair iad i ráitis airgeadais an Chiste.

Liostaítear miondealú thíos ar na sócmhainní a bhí fágtha faoi úinéireacht dhíthiúil CNP amhail an 31 Nollaig, faoi mar a léirítear i Ráitis Airgeadais an Chiste:

	2016 €m	2015 €m
<b>Punann lánroghnach</b>		
Sócmhainní	0.4	1
<b>Iomlán Na Sócmhainní a shealbháitear go dlíthiúil in CNP</b>	<b>0.4</b>	<b>1</b>

#### 11.2 Aistrithe chuig an Státhchiste

De réir treorach ón Aire Airgeadais, aistríodh €1.6bn chuig an Státhchiste ón bPunann faoi Threoir an 19 Márta 2015.

De réir treorach ón Aire Airgeadais, aistríodh €1.9bn chuig an Státhchiste ón bPunann faoi Threoir an 18 Nollaig 2015. Baineann an tsuim seo leis na fáltais ó fhuascailt scaireanna tosaíochta AIB agus le díbhinní bainteacha. Faoi threoir an Aire Airgeadais úsáideadh €0.2bn den airgead tirim seo chun Nótaí Gealltanais EBS an Aire a fhuascailt agus cuireadh an chuid eile ar ais sa Státhchiste.

	2016 €m	2015 €m
Aistrithe chuig an Státhchiste an 19 Márta 2015	-	1,634
Aistrithe chuig an Státhchiste an 18 Nollaig 2015	-	1,866
	<b>-</b>	<b>3,500</b>

#### 11.3 Aistrithe ón Státhchiste

Ar an 6 Samhain 2015, aistríodh €335m ón Státhchiste chuig an gCiste (Nótaí 14.1).

An Státhchiste a thug an €335m i gcomhair Ciste nua Ceangailteachta laistigh den Phunann Lánroghnach. Tá an Ciste Nua Ceangailteachta curtha in áirithe i gcomhair Infheistíocha i dtionscadail a fheabhsaónn ceangailteachta fhisiciúil, fhíorúil nó fuinnimh na hÉireann.

	2016 €m	2015 €m
Aistrithe ón Státhchiste	-	335

### 12. Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

	2016 €m	2015 €m
<b>Punann lánroghnach</b>		
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	139	1,169
Airgead Tirim ag Caomhnóir	255	112
Billí Státhchiste	33	450
	<b>427</b>	<b>1,731</b>
<b>Punann faoi threoir</b>		
Airgead Tirim ag Banc Ceannais na hÉireann	215	240

## 13. Gealltanais

### 13.1 Airgeadra eachtrach agus gealltanais todhchaíochtaí

Ba iad seo a leanas an phríomhshuim bharúlach agus an gnóthachan / (caillteanas) neamhréadaithe ar chonarthaí díorthacha airgeadra a rinne an Bainisteoir agus na bainisteoirí infheistíochta thar ceann an Chiste:

GBCN	Príomhshuim 2016 Méid €m	Neamhréadaithe gnóthachan / (caillteanas) 2016 €m	2015	
			Méid €m	Neamhréadaithe (caillteanas) 2015 €m
Conarthaí i Malairt Eachtrach	799	(31)	1,614	2
<b>Bainisteoirí Infheistíochta</b>				
Conarthaí i Malairt Eachtrach	2,110	(15)	18	(0)
Todhchaíochtaí Airgeadais	1,973	9	471	(1)
		<b>(37)</b>		<b>1</b>

#### Conarthaí i Malairt Eachtrach

Is é beartas an Chiste a riosca airgeadra eachtraigh a fhálú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malairt eachtrach agus malairtí trasairgeadra.

Ní élítear ar bainisteoirí infheistíochta an Chiste neamhchosaint ar airgeadra a fhálú. Tá cead acu spotchonarthaí agus conarthaí i malairt eachtrach a dhéanamh ar mhaithe le hidirbhearta urrús a għlanadh agus a għid punanna a bainistiú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste.

Is ionann an luach barúlach agus iomlán na gconarthaí i malairt eachtrach a bhí amuigh ag deireadh na tréimhse.

#### Todhchaíochtaí Airgeadais

Tá cead ag bainisteoirí infheistíochta an Chiste todhchaíochtaí a fhorghniomhú go heisiach ar aon dul leis an Ráiteas ar Chuspóirí agus ar Shrianta Infheistíochta arna chomhaontú leis an gCiste.

### 13.2 Gealltanais infheistíochta neamhghħlaoite

Rinne an Ciste ceangaltais i leith maoiniú infheistíochtaí. Is iondúil go mbionn na gealltanais seo iníoctha ar éileamh bunaithe ar riachtanais ábbar na hinfheistíochta faoi réir théarmaí agus choiñnollacha gach comhaontú. Amhail an 31 Nollaig, 2016 ba ē €1.4bn (2015: €1.2bn) suim iomlán na ngealltanais gan íoc.

Rinne an Ciste gealltanais i leith cineálacha infheistíochtaí áirithe mar atá leagtha amach thíos.

Achar ama an għealltanais Blianta	2016 €m	2015 €m
Iomlán na n-infheistíochtaí neamħluu	0-9	866
Iomlán na n-iasactaí agus na n-infhálta	0-2	527
<b>Iomlán na ngealltanais neamhghħlaoite</b>		<b>1,393</b>
		<b>1,213</b>

#### Maoiniú Gealltanais

Féachann an Għníomhaireacht leis an gCiste a bainistiú chun a chinntiú go mbeidh a dhóthain leachtachta aige, gan deiseanna tarraingteacha infheistíochta a fhágil ar lár, chun a ngealltanais a mhaoiniú de réir mar a ghlaotear iad.

Tá an Beartas um Bainistócht Riosca Leachtacha GBCN infheidhme maidir leis an gCiste. Leagtar amach sa Bheartas seo na híoschaighdeáin ingħlaxha a chaithfidh siad siúd atá freagħas idirbhearta oħċat cisteáin arb iad is cūis le riosca leachtacha laistigh den GBCN a chomħlónadh.

Nil an Ciste faoi réir riachtanais chaipitil arna gcur i bhfeidhm go seachtrach agus amhail an 31 Nollaig 2016 is i sócmhainn sodhíolta inréadaithe a bhí bunús infheistíochta an Chiste.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 14. Páirtithe Gaolmhara

#### 14.1 An tAire Airgeadais

Dílsítear úinéireacht an Chiste don Aire Airgeadais de bhun alt 38(3) d'Acht GBCN 2014.

Faoi alt 46(1) agus 46(2) d'Acht GBCN 2014, féadfaidh an tAire Airgeadais íocaíochtaí a dhéanamh isteach sa Chiste ón bPríomh-Chiste. Sa chás go mbeartaíonn an tAire íocaíocht a dhéanamh isteach sa Chiste, ní mór do Thithe an Oireachtas rún a rith ina bhfaomhtar an íocaíocht sular féidir leis an Aire an íocaíocht a phróiseáil.

#### 14.2 Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta

Is í an Ghníomhaireacht a dhéanann rialú agus bainistiú ar an gCiste de bhun alt 41(1) d'Acht GBCN 2014.

Is coiste reachtúil é Coiste Infheistíocha GBCN a bhfuil forál dó san Acht um Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, 1990 (arna leasú). Cuidíonn an Coiste leis an nGníomhaireacht maidir le rialál agus bainistíocht an Chiste trí chinntí a dhéanamh maidir le fáil agus diúscair sócmhainní taobh istigh de phraiméadair a fhéadfaidh a bheith leagtha síos ag an nGníomhaireacht, ag cur comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le straitéis infheistíochta an Chiste agus ag déanamh maoirseachta ar an straitéis infheistíochta. Tá cinntí infheistíochta suas le €150m tarmligthe ag an nGníomhaireacht don Choiste. Atreoraítear infheistíochaí atá os cionn €150m chuig an nGníomhaireacht agus moladh ón gCoiste ag gabháil leo.

Iarrtar go mbeadh beirt chomhaltaí ceaptha de chuid na Gníomhaireachta ar an gCoiste Infheistíocha agus nach mó ná cúigear nach comhaltaí den Gníomhaireacht iad ach a bhfuil saineolas ábhartha substaintiúil agus taithí acu agus a gceappann an Gníomhaireacht iad le toiliú an Aire Airgeadais.

Faoi alt 48 d'Acht GBCN 2014, is ón gCiste a ghlanatar speansais na Gníomhaireachta. Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2016 €8.7m a bhí sna speansais seo €10.4m (2015: €8.7m).

#### Príomhphearsanra bainistíochta

Is iad Comhaltaí na Gníomhaireachta a rialáinn an Gníomhaireacht agus is é an Príomhfheidhmeannach a bainistíonn agus a stiúrann gnó na Gníomhaireachta. Tá údarás agus freagracht ar an bPríomhfheidhmeannach agus ar Chomhaltaí na Gníomhaireachta as pleáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta agus, dá bhrí sin, is príomhphearsanra bainistíochta na Gníomhaireachta iad. Déan tagairt do ráitis airgeadais Chuntas Riarracháin GBCN maidir le cúiteamh an phríomhphearsanra bainistíochta.

#### 14.3 Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann

Tá an Ciste agus Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann araon faoi smacht an Aire Airgeadais. Tá áis iasacha €240m curtha ar fáil ag an gCiste don CBSÉ. Le linn na bliana, d'eisigh an Ciste €25 milliún (2015: náid) ón áis iasacha sin chuig an CBSÉ.

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais

Tá an Gníomhaireacht freagrach as bainistíocht riosca na Punainne Lánroghnaí. Maidir leis an bpunann faoi Threoir, tá sé de chúram ar an nGníomhaireacht treoracha an Aire Airgeadais a fheidhmiú agus urrúis ábhartha a luacháil i gcomhair ráitis airgeadais an Chiste.

Is é euro bunaирgeadra an Chiste. Is in euro a thugtar na tortaí tomhaiste agus na rioscaí punainne monatórithe.

I ngnáthchúrsa a chuid gníomhaíochtaí, déanann an Ciste bainistíu gníomhach ar raon eágúil rioscaí airgeadais, lena n-áirítear riosca infheistíochta, riosca margaidh, riosca creidmheasa agus riosca leachtachta.

Sainmhíníonn Beartas agus Creat um Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta caighdeán agus sainmhínithe fosta, éigeantacha, ardleibhéal bainistíochta riosca a bhaineann le gach cuid den Gníomhaireacht agus ar fud gach catagóir riosca. Ansín, cuirtear na caighdeán seo i bhfeidhm trí na mionpholasaithe agus mionghnáthaimh a rialáinn bainistíochta catagóirí aonair agus / nó próisis bainistíochta riosca.

Tá Creatlach Bainistíochta Riosca na Gníomhaireachta faoi réir mhúnla na dtrí-líne-cosanta, agus tá a struchtúr eagraíochtúil agus a struchtúr coiste riosca ailínithe d'fhonn úinéireacht agus cuntasacht shoiléir a bhunú ó thaobh bainistíu riosca de.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

Ag an gcéad líne chosanta, is iad Aonaid Ghnó agus Feidhmeanna Corparáideacha na Gníomhaireachta go príomha atá freagrach as rioscaí a bhaistítiú ar bhonn laethúil, ag cur san áireamh lamháltas agus fonn riosca na Gníomhaireachta, agus i gcomhréir lena cuid beartas, nósanna imeachta, rialuithe agus srianta.

Tá an dara líne, lena gcuimsítear Bainistíocht Riosca, Comhlíonadh agus feidhmeanna rialaithe eile de chuid na Gníomhaireachta, neamhspleách ar oibriúchán agus ar an mbainistíocht líne thosaigh, agus is é an ról atá aici aon chinntí a mbíonn tionchar acu ar neamhchosaint na heagraíochta ar riosca a cheistiú agus eolas cuimsitheach sothuigthe ar rioscaí a sholáthar.

Soláthraíonn an Fheidhm Iníúchta Inmheánaigh, ar cuid den tríú líne chosanta í, deimhniú neamhspleách, réasúnach, riosca-bhunaithe do phríomhpháirtithe leasmhara maidir le stóinseacht chóras bainistíochta riosca GBCN, maidir lena rialachas agus maidir le dearadh agus éifeachtacht oibríochtúil thimpeallacht an rialaithe inmheánaigh.

Comhtháthaíonn na trí líne chosanta uile ag leibhéal na Gníomhaireachta. Tacaíonn roinnt Coistí agus fochoistí Riosca de chuid GBCN leis an nGníomhaireacht i gcomhlíonadh a cuid feidhmeanna maidir le bainistíocht riosca.

### **Coistí Ghníomhaireachta:**

#### **Coiste Infheistíochta GBCN**

Ar an gCoiste Infheistíochta tá comhaltaí neamhfheidhmiúchán agus is iad atá freagrach as straitéis infheistíochta an Chiste a mhaoirsíú. Tá cur síos ar ról an Choiste i Nótá 14.2.

#### **Coiste Riosca na Gníomhaireachta (CRG)**

Déanann CRG athbhreithniú ar na próisis sainitheanta agus measúnaithe riosca ina n-iomláine atá ag an nGníomhaireacht. Leagann sé síos caighdeán maidir le monatóireacht chruinn thráthúil ar rioscaí criticiúla agus déanann athbhreithniú ar thuairiscí ar aon sárú ábhartha ar theorainneacha riosca agus ar leorgacht aon bhearta a bheadh molta.

#### **Coiste Iníúchóireachta na Gníomhaireachta**

Cuidíonn an Coiste Iníúchóireachta leis an nGníomhaireacht ina maoirsíú ar chaighdeán agus ar shláine ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus déanann athbhreithniú agus monatóireacht ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh, an phróisis iníúchta inmheánaigh agus na feidhme comhlíontachta, agus déanann athbhreithniú agus breithmheas ar aon aschuir ón iníúchóir reachtúil.

Chumaiscadh an CRG agus Coiste Iníúchóireachta na Gníomhaireachta ar 1 Feabhra 2017.

### **Coistí Bainistíochta:**

#### **Coiste Bainistíocht Punainne (CBP)**

Airítear an CBP leis an gcéad líne chosanta ar a bhfuil comhaltaí sinsearacha den fhoireann infheistíochta Ciste. Is iad príomhfheidhmeanna an CBP moltaí infheistíochta a mheas agus a dhéanamh le Coiste Infheistíochta na Gníomhaireachta agus maoirseacht bhainistíochta a dhéanamh ar infheistíochtaí an Chiste. Trí phróiseas infheistíocht inmheánach an Chiste, féachtar lena chinntí go luacháiltear go hiomlán gach deis infheistíochta i dtéarmaí tráchtálachta, acmhainn tionchar eacnamaíochta agus cuibhlúlacht i gcomhthéacs foriomlán an Chiste.

#### **An Coiste Bainistíochta Riosca Fiontair (CBRF)**

Is coiste bainistíochta é an CBRF a dhéanann maoirsíú ar fhorfheidhmiú fonn riosca foriomlán na Gníomhaireachta agus ar lucht ardbainistíochta agus iad ag bunú córas iomchuí (lena n-áirítear beartais, nósanna imeachta agus teorainneacha riosca) lena chinntí go ndéantar rioscaí fiontair a shainaithint, a thomhas, a monatóiriú, a rialú agus a thuairisciú go héifeachtach.

#### **Coiste Riosca Creidmheasa Contrapháirtí (CRCC)**

Maoirsíonn agus comhairlíonn an CRCC an CBRF maidir le neamhchosaint ar riosca creidmheasa contrapháirtí. Soláthraíonn sé clár rioscaí agus sonrú maidir le neamhchosaintí ar riosca creidmheasa contrapháirtí ábhartha don CBRF. Foirmíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartas Bainistíochta Riosca Creidmheasa Contrapháirtí na Gníomhaireachta agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir le sárú ar bith.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

**Coistí Bainistíochta** (ar lean):

#### Coiste Riosca Margaidh agus Leachtacha (CRML)

Maoirsíonn agus comhairlíonn MLRC an CBRF maidir le neamhchosaint ar rioscaí margaidh agus leachtacha. Soláthraíonn sé clár rioscaí maidir le neamhchosaintí ar riosca margaidh agus leachtacha agus tugann sonráí don CBRF. Foirmíonn sé, cuireann i bhfeidhm agus déanann monatóireacht ar chomhlíonadh Bheartais Bainistíocha Ríosca Margaidh agus Leachtacha GBCN agus cinntíonn go ndéantar gach beart is iomchuí maidir leis an mBeartas ábhartha, nó maidir le sárú ar bith.

#### Coiste Ríosca Oibríochtúil agus Rialaithe (CROR)

Is coiste bainistíocha é an CROR a dhéanann athbhreithniú ar an gcreatlach ríosca oibríochtúil agus ar na beartais ríosca oibríochtúil bhainteacha agus molann don CBRF iad lena bhfaomhadh. Faireann, athbhreithníonn agus ceistíonn an CROR ríoscaí oibríochtúla GBCN agus tugann tuairisc ar bhainistiú ríoscaí oibríochtúla don CBRF.

#### 15.1 Ríosca margaidh

Ríosca infheistíocha is ea an ríosca go n-imíonn feidhmíocht infheistíocha ó na straitéisí ábhartha. Tá acmhainn oscailte ag an nGníomhaireacht i leith ríosca infheistíocha mar a bhfuil sí toilteanach gach rogha fhéideartha seachadta a bhreithniú agus an rogha is dóichí go n-éireoidh léi a phiocadh agus, lena chois sin, leibhéal inghlactha luacha atá coigearthaíthe de réir ríosca a chur ar fáil.

D'fhéadfadh brabús níos lú ná mar is féidir nó cailleánais iarbhír chaipítíl ar bhunchaiteachas a bheith mar thoradh ar aon diall ó mhandáidí ábhartha infheistíocha. Is den ríthábhacht, mar sin de, go gcomhtháthítear go hiomlán bainistíochta leanúnach ríosca infheistíocha i ngníomhaíochtaí agus i gcuspóirí an Chiste. Cé go bhféadann ríosca infheistíocha teacht anfós mar gheall ar phróisis measúnú inmheánach nó monatóireachta nach bhfuil stóinsithe go leor, féadann réimse foinsí seachtracha bheith taobh thiar de festa amhail forbairtí diúltacha maicreacnamaíocha nó margaidh, athruithe gan choinne sa reachtaíocht, tearcfeidhmiú infheistíochtaí aonair nó calaois.

Áirítear le Ríosca Infheistíocha na fo-chatagóirí seo a leanas:

- Ríosca próiseas infheistíocha: Ríosca brabús níos lú ná mar is féidir a thabhbú nó cailleánais chaipítíl mar gheall ar phróisis measúnaithe nó faofa moltaí infheistíocha nó monatóireachta ina dhiaidh sin nach bhfuil stóinsithe go leor;
- Ríosca tionchair eacnamaíochta: Ríosca nach mbainfear amach cuspóir tionchar eacnamaíochta na straitéisí infheistíocha;
- Ríosca cailleánas buan caipítíl: Ríosca cailleadh rialaithe infheistíocha nó go bhduil margáí neamhleachtach ag am fágáil an infheistíochta; agus
- Ríosca comhchruiinní punainne: Ríosca a bhaineann le ró-chomhchruiinní mar gheall ar bheith ag gabháil do straitéisí infheistíocha - lena n-áirítear earnáil eacnamaíochta / tionscail, tíreolaíochta, contrapháirtí etc.

Tá Polasaí Ríosca Infheistíocha GBCN infheidhme maidir leis an gCiste.

#### 15.2 Ríosca margaidh

Is é atá i gceist le ríosca margaidh an ríosca go luaineoidh luach cóir nó sreafaí airgid amach anseo ionstraime airgeadais de bharr athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Áirítear le fochatagóirí ríosca margaidh ríosca ráta, ríosca malairte eachtraí, ríosca praghas margaidh.

Tá glactha ag an gCiste le Straitéis Aistríte Punainne Domhanda, atá ceaptha le leachtacht leordhóthanach a sholáthar chun ligean don Chiste aistriú go punann atá dírithe ar Éirinn, ar aon dul le sainordú an CISÉ.

Úsáideann an Ciste díorthaigh chun a neamhchosaint ar airgeadra eachtrach, ráta úis agus ríoscaí praghsanna eile a bhainistiú. Áirítear leis an hionstraimí a úsáidtear malairtí ráta úis, réamhchonartháí, todhchaíochtaí agus roghanna. Ní fheidhmíonn an Ciste cuntasáiocht fháilaithe.

##### i) Ríosca ráta úis

Is é is ríosca ráta úis ann an ríosca go mbeadh tionchar diúltach ag gluaiseachtaí rátaí úis ar luach bunionstraim airgeadais nó tionchar ar shreafaí airgid an Chiste.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

#### i) Riosca ráta úis (ar lean)

##### Neamhchosaint ar ráta úis

Leagtar amach sa tábla seo a leanas luach na n-urrús lena bhfabhraítear ús seasta sa phunann lánroghnach agus a bhí neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir amhail an 31 Nollaig:

	2016 €m	2015 €m
<b>Urrús lena bhfabhraítear ús seasta</b>		
A thiocfaidh in aibíocht laistigh de bliaín amháin	415	1
A thiocfaidh in aibíocht idir bliain amháin agus cúig bliana	1,296	292
A thiocfaidh in aibíocht tar éis cúig bliana	391	265
<b>Iomlán na n-infheistíochtaí lena bhfabhraítear ús seasta</b>	<b>2,102</b>	<b>558</b>

Léirítear sa tábla seo sciar na n-urrús airgeadais atá neamhchosanta ar riosca athruithe sa luach cóir de thoradh athruithe i ráta úis. Chun críocha nochta, tá sócmhainní lena bhfabhraítear ús seasta ar áireamh sa neamhchosaint ar riosca praghais agus sa neamhchosaint ar riosca ráta úis araon. Ní léirítear sa tábla seo neamhchosaint fhéideartha ar bith ar athruithe i rátaí úis a bhaineann le hinfheistíochta a shealbhaítear i gcistí infheistíochta.

Mar aon leis na hurrús lena bhfabhraítear ús sa tábla thuas, tá airgead infheistíochta i seilbh an Chiste freisin, lena n-áirítear airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim dar suim €0.4bn (2015: €1.7bn)(Nóta 12) agus cistí leachtacha dar suim €1.0bn (2015: €1.5bn). Sócmhainní lena bhfabhraítear ús atá sna sócmhainní sin. Luaineoidh sreafáí airgid na sócmhainní sin sa todhchaí de réir athruithe i rátaí úis an mhargaidh.

##### Anailís fogaireachta

Léirítear san anailís fogaireachta thíos mar a rachfaí i bhfeidhm ar ghlansócmhainní trí athruithe san athróg bhainteach riosca a d'fhéadfad, ar bhonn réasúnach, titim amach ar an dáta tuairiscithe. Tá cinneadh déanta ag an lucht bainistíochta go bhféadfad, ar bhonn réasúnach, luaníú 50 bonnphointe i rátaí úis titim amach, nuair a chuirtear san áireamh an timpeallacht eacnamaíochta ina bhfeidhmíonn an Ciste.

Léirítear sa tábla thíos an tionchar ag méadú 50 bonnphointe i rátaí úis ar urrús an Chiste a bhfuil ús seasta ag dul leo amhail 31 Nollaig. Bheadh tionchar comhionann ach malartach ar na méideanna atá ar taispeáint ag laghdú rátaí úis den mhéid céanna. Go príomha, is de thoradh laghdú i luach cóir urrús ráta seasta atá an tionchar. Glahtar leis san anailís seo gur ann do chuar líneach ráta úis agus go mbíonn gach athróg eile tairiseach.

Tionchar ar Ghlansócmhainní punainen lánroghnaí	2016	2015
Laghdú €m	(11)	(3)
% laghdú	-0.13%	-0.04%

#### ii) Riosca malaire eachtraí

Is é is riosca malaire eachtraí ann an riosca go rachadh gluaiseachtaí i rátaí malaire i bhfeidhm ar bhunluach sócmhainní, dliteansas agus ionstraimí díorthacha a ainmnítear in airgeadra eile seachas an euro. Athróidh luach reatha sreafáí airgid de réir mar a athróidh rátaí malaire agus féadann sé seo dul i bhfeidhm ar shreafáí airgid amach anseo fosta.

Tá ceangaltais amuigh ag an gCiste i leith infheistíochtaí réadmhaoine agus cothromais phríobháidigh dar luach USD 198m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2016 (USD 181m agus JPY 16m amhail an 31 Nollaig 2015).

##### Bainistíocht riosca malaire eachtraí

Féachann an Ciste a riosca airgeadra eachtraigh a bhainistiú trí úsáid a bhaint as réamhchonarthaí i malaire eachtrach agus malaire eachtraigh trasairgeadra. Mar gheall ar ghluaiseachtaí sa ráta malaire, déanann an brabús / caillteanas ar na réamhchonarthaí i malaire eachtrach fritháireamh ar an athrú i luach infheistíochtaí an Chiste nach bhfuil ainmnithe in euro.

##### Neamhchosaint ar riosca malaire eachtraí

Leagtar amach sa tábla seo a leanas na luachanna sócmhainní sa Phunann Lánroghnach a bhí neamhchosanta ar riosca airgeadra roimh an bhfálú airgeadra agus ina dhiaidh. Maidir le sealúchais i gcistí infheistíochta, tugann sé mionsonraí ar bhonnaireadra an chiste iomchúí. Nuair is cuí, bainistíonn an Ghníomhaireacht an neamhchosaint a chruthaíonn bun-infheistíochtaí ciste le cois a bhunaireadra.

## Nótaí leis na Ráitis Airgeadais (ar lean)

### 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

#### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

##### ii) Riosca malairete eachtraí (ar lean)

	Airgeadra áitiúil 2016 m	Bonn Airgeadra 2016 €m	Neamhchosaint Għlan 2016 €m
Dollar SAM	2,953	2,801	483
Punt Shasana	268	313	24
Corón na Sualainne	9	1	1
Dollar Shingeapór	1	1	1
Corón na Danmhairge	80	11	0
Won na Cójré Theas	1	0	0
Dollar na hAstráile	5	3	(1)
Yen na Seapáine	967	8	(2)
Franc na hEilvēise	3	3	(2)
Dollar Hong Cong	11	1	(3)
Corón na hlorua	4	0	(4)
Dollar na Nua-Shéalainne	-	-	(5)
Dollar Cheanada	2	2	(10)
<b>Iomlán</b>	<b>3,144</b>	<b>482</b>	
	Airgeadra áitiúil 2015 m	Bonn Airgeadra 2015 €m	Neamhchosaint Għlan 2015 €m
Dollar SAM	2,087	1,917	538
Eile*	Various	35	28
Punt Shasana	47	63	14
Dollar Hong Cong	447	53	39
Dollar Cheanada	29,446	23	23
Dollar na hAstráile	630	18	18
Yen na Seapáine	169	10	10
Franc na hEilvēise	28	19	9
Corón na Sualainne	36	8	8
Corón na hlorua	53	35	6
Won na Cójré Theas	59	6	(0)
Dollar Nua na Téaváine	19	2	(2)
Rand na hAfraice Theas	7	6	(6)
Real na Brasaile	1,067	8	(15)
<b>Iomlán</b>	<b>2,203</b>	<b>670</b>	

\*Cuimsíonn 'Eile' roinnt airgeadraí éagsúla, lena n-áirítar Ringgit na Malaeisia, Rupian na hIndinéise agus Baht na Téalainne.

## 15. Bainistíocht riosca airgeadais (ar lean)

### 15.2 Riosca margaidh (ar lean)

#### ii) Riosca malairte eachtraí (ar lean)

##### Anailís fógraileachta

